An Roinn Oideachais
Department of Education

# STRAITÉIS DHIGITEACH do SCOILEANNA

## go dtí 2027



# Clár


| | | |
|---|---|---|
| **Brollach** | | **4** |
| **Réamhrá** | | **8** |
| **Colún 1: Ag tacú le leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa Teagasc, Foghlaim agus Measúnú** | | **19** |
| **1.1.** | **Réamhrá agus cúlra** | **20** |
| | Colún 1 Cuspóirí | 20 |
| 1.2. | Tosaíochtaí d'fhorfheidhmiú | 22 |
| 1.3. | Cur Chuige atá Dírithe ar an bhFoghlaimeoir | 23 |
| 1.4. | Ceannaireacht Scoile | 25 |
| 1.5. | Ról an Mhúinteora | 26 |
| 1.6. | Ionchuimsiú | 28 |
| 1.7. | Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí | 30 |
| 1.8. | Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM) | 33 |
| 1.9. | Ábhar Digiteach | 34 |
| 1.10. | Pleanáil don Saol Digiteach agus an Creat Foghlama Digití | 35 |
| 1.11 | Inniúlacht Dhigiteach/Scileanna Digiteacha | 37 |
| 1.12 | Curaclam | 39 |
| 1.13 | Measúnú | 40 |
| **Colún 2** | **Bonneagar Teicneolaíochta Digití** | **41** |
| 2.1 | Réamhrá agus cúlra | 42 |
| | Colún 2 Cuspóirí | 42 |
| 2.2 | Tosaíochtaí d'fhorfheidhmiú | 43 |
| 2.3 | Maoiniú do bhonneagar Teicneolaíochta Digití | 43 |
| 2.4 | Leathanbhanda – Clár Leathanbhanda do Scoileanna | 44 |
| 2.5 | WiFi i Scoileanna | 46 |
| 2.6 | Tacaíocht Theicniúil | 47 |
| 2.7 | Soláthar | 48 |
| 2.8 | Comhairle agus tacaíocht maidir le bonneagar agus ceisteanna gaolmhara | 48 |
| 2.8.1 | Pleanáil do Bhonneagar agus Plean Foghlama Digití | 48 |

| | | |
|---|---|---|
| 2.8.2 | Inbhuanaitheacht Comhshaoil agus Soláthar Glas | 49 |
| 2.8.3 | Comhlíonadh le Rialacháin i dtaca le hInrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchláir Shoghluaiste | 50 |
| **Colún 3:** | **Ag féachaint don todhchaí: beartas, taighde agus ceannaireacht dhigiteach** | **51** |
| 3.1 | Réamhrá | 52 |
| | Colún 3 Cuspóirí | 52 |
| 3.2 | Príomhstraitéisí agus beartais ábhartha. | 53 |
| 3.3 | Úsáid shábháilte agus eiticiúil an idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú. | 56 |
| 3.4 | Cumarsáid agus Comhairliúchán leis an bPobal Scoile | 60 |
| 3.5 | Cumarsáid agus Comhairliúchán le Tionscal | 61 |
| 3.6 | Taighde agus Nuálaíocht | 62 |
| 3.7 | Treochtaí ag Teacht Chun Cinn | 63 |
| 3.8 | Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) do Scoileanna | 66 |

**Maoirsiú agus Tomhas ar fhorfheidhmiú na Straitéise Digití do Scoileanna** **67**

Struchtúir Fhorfheidhmithe do Rialachas agus Maoirsiú na Straitéise 68

Athhbhreithniú agus Tomhas 69

Staidéir Idirnáisiúnta chun tacú le tomhas 69

Tomhas agus Meastóireacht ar Leibhéal na Scoile agus na Roinne 70

**Leabharliosta Roghnaithe** **71**

**Acrainmneacha, Giorrúcháin agus Inisealachais** **74**



# Brollach – An tAire Oideachais

Tá an-áthas orm an Straitéis Dhigiteach nua seo do Scoileanna a fhoilsiú. Tógann an straitéis nua seo ar an obair a chuir an méid sin daoine in earnáil an oideachais chun cinn le blianta beaga anuas, chun teicneolaíochtaí digiteacha a leabú inár scoileanna. Samhlaítear ann todhchaí ina mbeidh neart deiseanna ag gach foghlaimeoir tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht ina bhfoghlaim, agus foghlaimeoidh siad scileanna tábhachtachta don saol digiteach.

Táim buíoch do gach duine a ghlac páirt go dtí seo ag tacú lenár bhfoghlaimeoirí in úsáid na teicneolaíochta ina n-aistear oideachais. Agus muid ag bogadh chuig an gcéim nua seo inár gcomhaistear ag leabú na teicneolaíochta san oideachas, go leanfar dár n-iarrachtaí le chéile chun tionchar dearfach a imirt ar cheannairí an lae inniu agus sa todhchaí.

Tá áthas orm go bhfuil an fhís seo againn, lena aithnítear an dul chun cinn iontach atá déanta cheana féin agus lena leagtar amach ár n-uaillmhianta do dhul chun cinn níos mó fós, chun leanúint leis an athrú ar eispéiris ár bhfoghlaimeoirí leis an teicneolaíocht.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a ghlac páirt go fuinniúil sa phróiseas comhairliúcháin: scoláirí, tuismitheoirí, múinteoirí, príomhoidí, comhpháirtí oideachais, ionadaithe ón tionscal agus páirtithe leasmhara eile. Mar thoradh ar bhur bhflaithiúlacht agus bhur ndíograis chun bhur n-eispéiris, bhur dtuairimí agus bhur ndóchas don todhchaí a léiriú, tháinig ionchur saibhir agus éagsúil, a bhí ríthábhachtach mar bhonn leis na cuir chuige a luaitear sa straitéis seo.

Tá an riachtanas do scileanna digiteacha ann i gcónaí inár saol laethúil. Chun an riachtanas seo a shásamh, tá sé riachtanach go dtacóidh ár gcóras oideachais lenár bhfoghlaimeoirí go léir – leanaí, daoine óga agus eile – chun an t-eolas agus na scileanna a fháil atá de dhíth orthu sa saol nua-aimseartha agus lena chinntiú go bhfuil taithí dhearfach acu ar an bhfoghlaim leis an teicneolaíocht. Leis an straitéis seo féachtar lena chinntiú go dtarlóidh sé seo go héifeachtach do na foghlaimeoirí go léir.

Sa straitéis tugtar cur síos ar an gcaoi ina ndéanfaimid deimhin de go mbeidh na gnéithe uile dár gcóras oideachais páirteach go gníomhach i gcur chun cinn úsáid na teicneolaíochta digití san oideachas. Glactar cur chuige le trí cholún ann, a chlúdaíonn leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú; bonneagar agus beartas na teicneolaíochta digití, taighde agus ceannaireacht dhigiteach. Tá gach ceann de na colúin seo ríthábhachtach do rath na straitéise, agus táim deimhin de, trína sheachadadh go hiomlán, go mbeidh ár scoláirí á bhfeistiú againn don todhchaí, leis na scileanna agus an acmhainneacht atá de dhíth orthu le bheith chomh héifeachtach agus is féidir mar shaoránaigh dhomhanda sa saol digiteach, ar bhealach a bhfuilimid ag súil leis.

Tá foghlaimeoirí lárnach sa straitéis seo. Níor chóir aon duine a fhágáil ar gcúl agus tá sé ríthábhachtach go dtugtar deiseanna fónta do na foghlaimeoirí go léir tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun tacú lena n-oideachas i dtimpeallacht a thacaíonn agus a sheachadann cleachtais teagaisc nua-aimseartha. Trí fheabhas i gcleachtais teagaisc a nascadh leis an teicneolaíocht is féidir linn ár scoláirí agus daoine óga a fheistiú leis na scileanna digiteacha tábhachtacha atá de dhíth chun feabhas agus saibhriú a dhéanamh ar a gconair tríd an saol.

Trí infheistíocht leanúnach déanfaimid deimhin de go soláthrófar nascacht leathanbhanda chuí chuig na scoileanna go léir, beag beann ar shuíomh. Leanfaimid den infheistíocht i dtacú le scoileanna chun a n-acmhainneacht agus bonneagar teicneolaíochta digití féin a fhorbairt.

Tá úsáid éifeachtach na teicneolaíochta digití, comhtháite mar chuid gan uaim den chleachtas teagaisc, foghlama agus measúnaithe i ngach seomra ranga, ina phríomhchuspóir.

Tá neart le foghlaim ó na dúshláin a thug COVID-19 chuig an gcóras scolaíochta. Is iontach an chaoi, i measc dúshlán nach bhfacthas riamh cheana, inar léirigh ceannairí scoile agus múinteoirí nuálaíocht agus seiftiúlacht iontach i rith an ama seo, ag baint úsáid as an teicneolaíocht ar bhealaí nua chun tacú le foghlaim na scoláirí.

Do neart daoine freisin d'fhás meas nua ar an gcaoi inar féidir leis an teicneolaíocht dhigiteach tairbhe a dhéanamh don phróiseas teagaisc agus foghlama agus mar a chuidigh sé le gach duine fanacht gafa agus nasctha le linn dúnadh na scoileanna a tharla de bharr na paindéime. Fuair neart staidéar amach freisin go raibh scoileanna cheana féin ag gabháil go rathúil don teicneolaíocht dhigiteach agus go raibh siad ábalta go maith freagairt go haclaí don tírdhreach athraithe. In áit seasamh ina staic sa saol digiteach seo atá de shíor ag athrú tá sé tábhachtach leanúint den fhorbairt leis an teicneolaíocht agus leis an straitéis seo aithnítear an gá le tacú le scoileanna, ceannairí scoile agus múinteoirí chun an n-acmhainneacht a fhorbairt le cuir chuige nua a ghlacadh a dhéanfaidh tairbhe do na foghlaimeoirí go léir, agus dá bhrí sin fiontraithe, innealtóirí agus oideoirí na todhchaí a chruthú.

Thar saolré na straitéis, beidh cur chun cinn úsáid na teicneolaíochta digití agus na nuálaíochta ina phríomhchuiditheoir chun athchóiriú curaclaim a sheachadadh. Trí phobail scoile a chumhachtú agus acmhainneacht a fhorbairt tacófar leis an dul chun cinn san athchóiriú ar churaclam na bunscoile, lena n-áirítear tionscadal na Nuatheangacha Iasachta, agus athchóiriú ar an tSraith Shinsearach.

Timpeallacht dhinimiciúil agus athraitheach is ea an tírdhreach dhigiteach. Sa straitéis luaitear an gá le feasacht a fhorbairt ar theicneolaíochtaí atá nua agus ag teacht chun cinn agus mar is gá dúinn a bheith ullamh chun tairbhe a bhaint as na buntáistí agus deiseanna a thugann siad.

Áirítear sna cuspóirí straitéiseacha i bPlean Gnímh an AE don Oideachas Digiteach an fhorbairt ar 'éiceachóras oideachais dhigití'. Chuige seo cuirfidh an straitéis ar ár gcumas leanúint de thacú le ceannairí scoile agus múinteoirí trí oiliúint tosaigh múinteoirí éifeachtach agus foghlaim ghairmiúil leanúnach do mhúinteoirí. Tabharfaidh sé seo tacaíocht dóibh scileanna bunúsacha a fhorbairt agus tabharfaidh sé seo an chumhacht dóibh an tairbhe is mó a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach i ngach seomra ranga, chun leas na bhfoghlaimeoirí go léir.

Le hacmhainneacht na teicneolaíochta digití chun tacú leis an teagasc agus foghlaim idirdhealaithe éascófar le pearsantú níos láidre i gcuir chuige teagaisc chun tairbhe a dhéanamh do na foghlaimeoirí go léir ach go háirithe dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu.

I saol a bhíonn de shíor ag athrú, bímid nasctha níos mó agus níos mó agus déanaimid comhar go héifeachtach ag baint úsáid as an teicneolaíocht. Chun seachadadh ar an straitéis seo dár bhfoghlaimeoirí beidh gá le nascadh agus comhar leanúnach. Táim ag tnúth le hobair i gcomhpháirtíocht leis na comhpháirtithe oideachais go léir agus lenár gcomhghleacaithe ar fud an Rialtais chun forbairt na teicneolaíochta digití a chur chun cinn sa chaoi ina ndéanaimid an t-oideachas a chur ar fáil inár scoileanna agus na cuspóirí atá sa Straitéis seo a bhaint amach.

**Norma Foley TD**
Aire Oideachais



# Brollach ag an Ard-Rúnaí

Tá áthas orm Straitéis Dhigiteach na Roinne do Scoileanna go dtí 2027 a chur i láthair, ina leagtar amach ár gcur chuige chun leanúint den dul chun a rinneadh chun an teicneolaíocht dhigiteach a leabú ar fud an churaclaim inár scoileanna.

I lár na paindéime Covid-19 rinneadh cuireadh fócas an-ghéar ar na tairbhí agus na deiseanna a thugann úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha san oideachas. Chuidigh na teicneolaíochtaí digiteacha le leanúnachas na foghlama le linn dúnadh na scoileanna agus freisin léirigh siad na dúshláin atá ann do roinnt foghlaimeoirí. Leanadh ar aghaidh leis an obair faoi Straitéis Dhigiteach do Scoileanna a bhí ann roimhe agus bhí an maoiniú gaolmhar a lig do scoileanna infheistiú a dhéanamh sa bhonneagar digiteach ina láidreacht shuntasach chun bheith ábalta freagairt nuair a chuaigh an phaindéim i gcion go díreach ar scoileanna i Márta 2020. Mar thoradh air seo bhí gá le nuálaíocht agus aclaíocht ar fud an chórais chun leanúint de raon leathan de sheirbhísí agus tacaíocht a sholáthar d'fhoghlaimeoirí.

Tá sé tábhachtach go leanfaimid den móiminteam a bhaineadh amach le linn Covid-19 i nglacadh na teicneolaíochta digití san oideachas agus leanúint den infheistíocht san fhorbairt ar éiceachóras digiteach éifeachtach inár scoileanna. Leis an Straitéis Dhigiteach seo tacófar leis an dul chun cinn leanúnach ar bhonneagar digiteach trí mhaoiniú spriocdhírithe, agus obair le comhghleacaithe ar fud an Rialtais lena chinntiú go mbeidh nascacht leathanbhanda ann do na scoileanna go léir, beag beann ar shuíomh, agus fás a chur lena n-acmhainneacht in úsáid na teicneolaíochta digití.

Ní mór dúinn freisin leanúint de thacú lenár gceannairí scoile chun an nuálaíocht agus an t-athrú a stiúradh i nglacadh le réitigh dhigiteacha, úsáid na teicneolaíochta digití a leabú chun curaclam a sheachadadh i ngach seomra ranga agus do gach foghlaimeoir. Tá a fhios againn gur fhreagair ár lucht oibre teagaisc go han-éifeachtach don tírdhreach oideachais athraithe le blianta beaga anuas agus ní mór dúinn anois leanúint de thacú leo le foghlaim ghairmiúil spriocdhírithe do mhúinteoirí, ag tógáil ar na scileanna a forbraíodh, agus á gcur chun cinn, chun tacú leis na foghlaimeoirí go léir scileanna digiteacha tábhachtacha a fháil mar chuid dá n-aistear gairmiúil.

Tá scileanna digiteach ríthábhachtach d'aistriú na bhfoghlaimeoirí óga amach anseo chuig an mBreisoideachas agus Ardoideachas agus go saol na hoibre. Ní mór na deiseanna a thabhairt dóibh na scileanna sin a shealbhú mar chun dá n-oideachas bunaidh. Tá sé riachtanach don uaillmhian seo go bhfoghlaimeoidh foghlaimeoirí óga conas an tairbhe is mó a bhaint as úsáid na teicneolaíochta digití ina bhfoghlaim ach freisin conas a mbealach a dhéanamh go sábháilte ar an idirlíon. Beidh guth na bhfoghlaimeoirí tábhachtach chun an t-athrú curaclaim a threorú agus a chur chun cinn, agus beidh an teicneolaíocht dhigiteach ina phríomhchuiditheoir chuige sin.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leo siúd go léir a bhí mar chuid d'fhorbairt na Straitéise seo. Bhí caidreamh againn le foghlaimeoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, múinteoirí, príomhoidí, soláthraithe d'oiliúint tosaigh múinteoirí, ionadaithe tionscail, eagraíochtaí neamhrialtais amhail na cinn sin in earnáil an mhíchumais agus na catharnachta agus na comhpháirtithe oideachais. Tá sé tábhachtach gur cuireadh na guthanna go léir ar fáil agus go raibh deis iad a chloisteáil. Chuidigh ionchur ónár gcomhpháirtithe oideachais, comhghleacaithe inár ngníomhaireachta agus Ranna Rialtais eile, earnáil an tionscail agus na foghlaimeoirí féin leis an straitéis seo a mhúnlú. Leanfaimid leis an gcaidreamh lenár iliomad comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara lena chinntiú go ndéanfaimid seachadadh ar na cuspóirí atá sa Straitéis. Áireofar leis seo leanúint de bhonneagar digiteach cuí agus lucht oibre a bhfuil oiliúint dhigiteach orthu a fhorbairt, chun tairbhí na teicneolaíochta digití a bhaint amach dár bhfoghlaimeoirí go léir chun na scileanna a fháil atá de dhíth orthu chun a mbealach a dhéanamh tríd an saol digiteach go héifeachtach agus go sábháilte.

**Bernie McNally**
Ard-Rúnaí



# Réamhrá

## Cúlra

Níos mó agus níos mó, tá teicneolaíochtaí digiteacha ina gcuid den ghnáthshaol nár sochaí nua-aimseartha. Thar saol na Straitéise Digití do Scoileanna roimhe, 2015-2020, bhí úsáid éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú níos coitianta i seomraí ranga ar fud na tíre.

Leis an Straitéis seo tógtar ar na gnóthachtálacha agus uaillmhianta a tharla mar thoradh ar an gceann roimhe trí threisiú agus forbairt ar an tábhacht le neart de na gníomhartha, a éascaiodh trí infheistíocht €210 milliún sa mhaoiniú díreach do scoileanna le linn saolré na Straitéise roimhe.



# GNÓTHACHTÁLACHA NA STRAITÉISE DIGITÍ DO SOCILEANNA

## 2015-2020

**100%** Tá leathanbhanda ardluais ag na hiar-bhunscoileanna go léir le luais íosta nascachta 200 Mbps

**€210 MILLIÚN** eisithe i ndeontais bonneagair TFC le scoileanna

**€13 MILLIÚN** de mhaoiniú curtha ar fáil ag an Roinn in aghaidh na bliana do nascacht leathanbhanda i scoileanna

**100%** Is féidir leis na scoileanna go léir rochtain a fháil ar an gCreat Foghlama Digití á thacú ag clár FGM

Leantar den obair lena chinntiú go mbeidh luais nasctha íosta 100 Mbps nó níos mó ag na bunscoileanna go léir faoi 2023

Breis agus 23,000 acmhainn digiteach ardchaighdeáin ar fáil ar www.scoilnet.ie



**Ríomheolaíocht a thabhairt isteach mar ábhar Ardteistiméireachta**



Leis an gCiste Sármhaitheasa Scoile (Digiteach & ETIM) spreagtar bealaí cruthaitheacha chun teicneolaíochtaí digiteacha a leabú san fhoghlaim, teagasc agus measúnú. 42 bhraisle de scoileanna, breis agus 200 scoile, á thacú le hinfheistíocht €1m





Téigh chuig scoilnet.ie agus webwise.ie chun rochtain a fháil ar raon d'acmhainní luachmhara

**Deiseanna d'Fhoirne Scoile**
Tá raon leathan de dheiseanna foghlama gairmiúla lena n-áirítear samhlacha idirdhealaithe de FGM ar fáil do mhúinteoirí agus ceannairí scoile maidir le húsáid éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha i gcleachtais teagaisc agus foghlama

**Tacaíocht Fhorleathana**
Forbairt ag SFGM ar thacaíocht agus acmhainní forleathana lena n-áirítear samplaí deimhnithe den chleachtas éifeachtach. Tacaíocht agus comhairle fhorleathan do mhúinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí maidir le sábháilteacht ar líne ar fáil ar www.webwise.ie

**Forbairt Scileanna**
Sna sonrúcháin curaclaim nua agus athchóirithe go léir áirítear ráitis shoiléire a dhíríonn ar an bhforbairt ar scileanna foghlama digiteacha agus úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha mar acmhainn chun torthaí sonracha a bhaint amach ar fud an churaclaim

**Sraith Shóisearach**
Leis an gCreat don tSraith Shóisearach leantar de scileanna litearthachta a chur chun cinn trí ocht bPríomhscil (tá comhpháirt TFC/digiteach i ngach scil) agus trí Ráitis Foghlama

Cuireadh luas leis na forbairtí seo nuair a bhí dúshláin nach raibh a leithéid ann cheana roimh an gcóras scolaíochta, de bharr scoileanna a bheith dúnta mar fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19. Léirigh na heachtraí seo an chaoi inar chuidigh úsáid éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha lenár scoileanna agus múinteoirí freagairt agus a chinntiú go mbeadh leanfaí den teagasc, foghlaim agus measúnú d'fhoghlaimeoirí i gcomhthéacs dúnadh na scoileanna agus cianfhoghlaim.

Tá sé riachtanach córas oideachais a bheith ann atá in oiriúint don ré digiteach agus leagadh tuilleadh béime air sin nuair a bhí ar na scoileanna dúnadh. Le dúnadh scoileanna tarraingíodh aird freisin ar roinnt dúshlán a bhain le hacmhainneacht dhigiteach na scoileanna, foghlaim ghairmiúil múinteoirí (FGM) agus leibhéil fhoriomlána scileanna agus inniúlachtaí digiteacha na múinteoirí agus na bhfoghlaimeoirí araon chomh maith leis an ngá do bhonneagar cuí agus nascacht leathanbhanda i scoileanna.

Tá sé riachtanach go dtógfar ar na heispéiris agus na forbairtí ag freagairt do dhúshláin na paindéime leis na nithe seo a leanas a chinntiú:

- go dtacófar leis na foghlaimeoirí go léir barr a gcumas a bhaint amach;
- go dtacófar leis na foghlaimeoirí go léir rochtain chuí agus chothrom a bheith acu ar theicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe daoina atá i mbaol míbhuntáiste oideachais agus iad siúd a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu;
- go n-éireoidh úsáid na teicneolaíochta digití ina chroípháirt den aistear oideachais mar atá bunscileanna litearthacht agus uimhearthachta, le húsáid mhéadaithe agus tomhaiste den teicneolaíocht dhigiteach sa teagasc, foghlaim agus measúnú;
- go dtacófar leis na múinteoirí go léir tuilleadh leabaithe a dhéanamh ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha ina seomraí ranga chun tacú leis na foghlaimeoirí go léir a bhealach sábháilte, freagrach agus eiticiúil.



## Fís

Sa chóras scolaíochta, chun fíorathrú a chumasú "tá gá le beartais agus gníomhartha ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear bonneagar, straitéis agus ceannaireacht, scileanna múinteoirí, scileanna foghlaimeoirí, ábhar, curaclaim, measúnú agus creataí náisiúnta dlí."[1] Tabharfaidh an Straitéis seo agus an Plean Forfheidhmithe a ghabhann leis aghaidh ar na réimsí seo go léir agus déanfaidh sé comhlánú agus treisiú ar bheartais agus straitéisí atá ann cheana agus atá á bhforbairt amhail Plean Gníomhaíochta um Oideachas Digiteach an AE[2] agus *Harnessing Digital – The Digital Ireland Framework*[3].

### IS Í FÍS SHONRAITHE NA STRAITÉISE SEO:

- **Scoileanna a chumasú le húsáid a bhaint deiseanna an athraithe digitigh chun inniúlacht dhigiteach a fhorbairt agus éiceachóras digiteach oideachais chun foghlaimeoirí cumasacha, rannpháirtíocha, gníomhacha a fhorbairt agus tacú leo barr a gcumas a bhaint amach agus páirt a ghlacadh go hiomlán mar shaoránaigh dhomhanda i ndomhan digiteach**

## Plean Gníomhaíochta um Oideachas Digiteach an AE (DEAP) 2021-2027

Le Plean Gníomhaíochta um Oideachas Digiteach an AE (DEAP) (2021-2027) *Resetting education and training for the digital age* cuirtear fís straitéiseach fhadtéarma ar fáil d'oideachas digiteach Eorpach atá ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus inrochtana agus tá sé beartaithe an Straitéis Dhigiteach seo a ailíniú lena mhacasamhail AE más féidir, agus comhthéacs na hÉireann á léiriú. Tugann DEAP an AE aghaidh ar dhúshláin agus deiseanna na paindéime COVID-19 agus féachtar leis le comhoibriú níos láidre a bhunú ar leibhéal an AE, maidir leis an oideachas digiteach. Leis an bhfís atá sa DEAP de chuid an AE cuirtear deiseanna ar fáil ar féidir iad a chur chun cinn faoin Straitéis seo go príomha i dtaca le comhionannas, inrochtaineacht agus ionchuimsitheacht, nascacht, trealamh agus acmhainneacht eagraíochtúil, ag déanamh deimhin de go bhfuil na múinteoirí agus ceannairí scoile go léir ina n-úsáideoirí teicneolaíochta cumasacha agus muiníneacha.

Le DEAP an AE leagtar amach dhá réimse tosaíochta ardleibhéil, is iad sin

- Tosaíocht 1: Éiceachóras digiteach ardfheidhmíochta a fhorbairt
- Tosaíocht 2: Feabhas a chur ar inniúlachtaí digiteacha don chlaochlú digiteach.

Beidh forfheidhmiú na Straitéise Digití do Scoileanna á threorú ag na tosaíochtaí seo i dtaca le príomhchuspóirí na Straitéise seo.

## Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais 2021-2023[4]

Tabharfaidh an Straitéis Dhigiteach seo do Scoileanna tacaíocht agus treisiú don fhís i Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais "do chóras oideachais ina mothaíonn gach leanbh agus duine óg go bhfuil luach orthu agus ina dtacaítear leo agus ina ndéantar iad a chothú go gníomhach chun a lánacmhainneacht a bhaint amach". Príomhchuspóir sa Ráiteas Straitéise is ea "éascú do leanaí agus do dhaoine óga tríd an bhfoghlaim chun barr a gcumas a bhaint amach agus chun cur le forbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha na hÉireann".

---

1 DEAP 2021-2027: Resetting education and training for the digital age. Communication from the Commission to the European Parliament, The Council, the European Economic and Social Committee and The Committee Of The Regions. Brussels. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:52020DC0624

2 https://education.ec.europa.eu/focus-topics/digital/education-action-plan

3 https://www.gov.ie/en/publication/adf42-harnessing-digital-the-digital-ireland-framework/

4 https://www.gov.ie/en/publication/56137-department-of-education-statement-of-strategy-2021-2023/



Tá glacadh na dteicneolaíochtaí digiteacha sna gníomhaíochtaí uile teagaisc, foghlama agus measúnaithe ina chumasóir tábhachtach chun comhionannas deiseanna a éascú san oideachas agus chun a chinntiú go dtacaítear leis na scoláirí go léir barr a gcumas a bhaint amach agus, ar feadh a scolaíochta, forbairt a dhéanamh ar na scileanna agus an tuiscint atá riachtanach chun a mbealach a dhéanamh go sábháilte agus go fónta i ndomhan digiteach.

### *Harnessing Digital: The Digital Ireland Framework*[5]

Cuideoidh na cuspóirí a leagtar amach sa Straitéis Dhigiteach seo freisin leis na spriocanna a bhaint amach atá leagtha amach sa straitéis náisiúnta digiteach *Harnessing Digital: The Digital Ireland Framework*, a bhfuil sé d'aidhm aige an claochlú digiteach a stiúradh agus chumasú ar fud gheilleagar agus sochaí na hÉireann.

Leis an gcreat ardleibhéil seo leagtar amach conair chun tacú le huaiilmhian na hÉireann le bheith ina ceannaire digiteach i gcroílár fhorbairtí digiteacha na hEorpa agus an domhain; agus leagtar béim láidir ar ionchuimsitheacht, slándáil agus sábháilteacht, bunaithe ar rialachas láidir agus creat rialachais a bhfuil acmhainní maithe aige.

Faoin gcreat ardleibhéil seo, beidh an bhéim ar an bhforbairt ar scileanna digiteacha do chách – ón scoil, chuig an mbreisoideachas agus ardoideachas, chuig an bhfoghlaim ar feadh an tsaoil, agus é mar sprioc aige cion na ndaoine fásta a bhfuil bunscileanna digiteacha acu ar a laghad a ardú go 80% faoi 2030. Beidh cur chun cinn úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú agus tacú le gach foghlaimeoir scileanna digiteacha riachtanacha a fhorbairt ina phríomhghné de bhaint amach na haidhme náisiúnta seo.

### Próiseas Comhairliúcháin

Tá forbairt na Straitéise Digití seo Scoileanna bunaithe ar phróiseas comhairliúcháin leathan lena chinntiú gur tugadh deis do chách cuidiú agus treoir a thabhairt dá forbairt. Cuideoidh torthaí ón bpróiseas comhairliúcháin freisin leis an bhforbairt ar an bPlean Forfheidhmithe gaolmhar.

Is éard a bhí sa phróiseas comhairliúcháin:

- *Ceistneoirí ar líne*: Forbraíodh ceistneoirí ar leith do mhúinteoirí, príomhoidí agus scoláirí agus tá tuairiscí orthu seo ar fáil[6].

[5] https://www.gov.ie/en/publication/adf42-harnessing-digital-the-digital-ireland-framework/
[6] https://www.gov.ie/en/publication/69fb88-digital-strategy-for-schools

D'eisigh an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Bunoideachas agus an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí – Iar-Bhunoideachas araon ceistneoirí freisin le tuairiscí ina dhiaidh sin a chuidigh leis an bhforbairt ar an Straitéis nua.

- *Glao oscailte ar aighneachtaí*: Cuireadh teimpléad aighneachtaí ar líne ar fáil le glao oscailte agus fuarthas breis agus 100 aighneacht ó pháirtithe leasmhara éagsúla lena n-áirítear comhlachtaí bainistíochta, ceardchumainn múinteoirí, ionadaithe ón tionscal, gnólachtaí aonair, múinteoirí, príomhoidí agus tuismitheoirí. Tá tuairisc achomair ar na príomhcheisteanna a tháinig chun cinn foilsithe ar líne.
- *Fócasghrúpaí*: Agus anailís déanta ar na torthaí ó na ceistneoirí agus ó nglao oscailte, forbraíodh téamaí chun plé níos mine a dhéanamh orthu. Bhí rath ar H2 Learning lena dtairiscint chun cuidiú a sholáthar i reáchtáil na bhfócasghrúpaí agus tuairisc ar na torthaí a ullmhú[7]. Reáchtáladh 9 gcinn san iomlán, le cinn ar leith do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile, príomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile, foghlaimeoirí bunscoile, foghlaimeoirí iar-bhunscoile, ionadaithe ón tionscal, ionadaithe ó sholáthraithe oiliúna tosaigh múinteoirí agus eagraíochtaí neamhrialtais.
- *Grúpa Comhairleach*: Grúpa tábhachtach ab ea é seo ina raibh ionadaithe ó na comhpháirtithe oideachais, tuismitheoirí agus grúpaí scoláirí agus ionadaí uileghabhálach ón tionscal. Chuidigh sé leis an bplé ar théamaí agus saincheisteanna éagsúla d'fhonn bonn a chur faoin Straitéis nua.
- *Cruinnithe déthaobhacha leis an Danmhairg, leis an Eastóin agus leis an bhFionlainn*: Tionóladh cruinnithe déthaobhacha le hoifigigh ábhartha chun plé a dhéanamh faoi eispéiris i dtaca le húsáid agus leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha san oideachas.

I measc na dtorthaí dearfacha ón bpróiseas comhairliúchán tá na nithe seo a leanas:

- Aithníodh go raibh rath ar an straitéis roimhe agus measadh go raibh sé claochlaitheach toisc, go príomha, go raibh fís shoiléir ann i dtaca le cumas na dteicneolaíochtaí digiteacha chun feabhas a chur ar theagasc, foghlaim agus measúnú.
- Measadh go raibh an fócas oideolaíoch croíláir ina rud dearfach, chomh maith leis na tacaí agus deiseanna foghlama ghairmiúla a cuireadh ar bun do mhúinteoirí agus scoláirí chun spreagadh a thabhairt d'úsáid na dteicneolaíochtaí




[7] https://www.gov.ie/en/publication/69fb88-digital-strategy-for-schools

digiteacha agus comhar laistigh de scoileanna agus idir scoileanna.

- Measadh go raibh an infheistíocht agus maoiniú díreach suntasach do scoileanna faoin Straitéis ríthábhachtach don rath. Measadh gur thug sé seo neamhspleáchas do na scoileanna pleanáil agus forbairt a dhéanamh ar a n-acmhainneacht dhigiteach trí infheistiú i mbonneagar lárnach lena n-áirítear gléasanna digiteacha, ardáin foghlama, WiFi etc. Eisíodh €210 milliún go díreach chuig na scoileanna i maoiniú deontais agus eisíodh €13 milliún eile in aghaidh na bliana trí Chlár Leathanbhanda na Scoileanna, chun feabhas a chur ar nascacht leathanbhanda i scoileanna.

Cé go raibh líon ollmhór de shaincheisteanna agus réimsí a clúdaíodh tríd an bpróiseas comhairliúchán, seo a leanas roinnt de na príomhthéamaí a tháinig chun cinn:

- **Bonneagar**
  - Measadh go raibh rochtain ar leathanbhanda ardluais ina phríomhcumasóir agus aibhsíodh go raibh gá le haird a thabhairt ar an éagsúlacht sa soláthar ar fud líonra na scoileanna.
  - Luadh go raibh gá le haird a thabhairt ar WiFi i scoileanna agus measadh go raibh sé ríthábhachtach chun cumasú a dhéanamh ar leabú éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú ar fu an churaclaim, chomh maith leis an úsáid a bhaintear as moil foghlama sholúbtha agus néalríomhaireacht a chur chun cinn, agus tácú le riarachán scoile.
  - Tháinig tacaíocht theicniúil do scoileanna mar phríomhréimse le déileáil leis d'fhonn costais gan ghá a scrios agus comhleanúnachas a chruthú maidir leis an gcaoi ina ndéantar tacaíocht theicniúil a bhainistiú ar leibhéal áitiúil. Admhaíodh gur réimse chaste í seo agus nach bhfuil réiteach amháin ann a oireann do chách.

- **Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM)**
  - Bhí fonn ann do thacar iomlánaíoch de thacaí foghlama gairmiúla ag gach céim de chontanam an oideachais do mhúinteoirí chun cur ar chumas na múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha a leabú ina gcleachtas.
  - Deiseanna leanúnacha don fhoghlaim ghairmiúil leantach do mhúinteoirí agus ceannairí scoile chun forbairt a dhéanamh ar inniúlacht agus muinín in úsáid na teicneolaíochta ar fud na disciplíní go léir trí chomhar, lena n-áirítear comhar trasearnála idir bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta. Measadh go raibh foghlaim piara le piara ríthábhachtach sa réimse sin taobh le deiseanna chun eolas, ábhar oideachais, straitéisí oideolaíochta/cleachtas ranga agus acmhainní eile a chomhroinnt.
  - Iarradh go mbeadh tacaí agus acmhainní sonracha breise do cheannairí scoile chun cur ar a gcumas bainistíocht agus ceannaireacht a dhéanamh ar leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú laistigh dá gcomhthéacsann scoile.
  - Luadh go rialta an gá le ham breise a thabhairt do mhúinteoirí agus ceannairí scoile chun gabháil don FGM riachtanach.
  - Ba chóir úsáid na teicneolaíochta digití a leabú ar fud an churaclaim go léir agus nach bhféachfaí air mar bhreisiú, agus go mbeadh an fhorbairt ar

inniúlachtaí digiteacha lárnach i ngach ábhar.
  - Bhí easpa feasachta ann maidir leis an bhfáil ar roinnt tacaí agus acmhainní.
  - Éileamh ar chreat náisiúnta struchtúrtha agus caighdeánach i dtaca le Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí (FGM) lena chinntiú go mbeidh na tacaí agus acmhainní ábhartha ar fáil do na ceannairí scoile go léir.

- **Ionchuimsiú**
  - Measadh go raibh sé tábhachtach breithniú a dhéanamh ar an gcumas atá ag an teicneolaíocht le hionchuimsiú agus inrochtaineacht a chur chun cinn agus a éascú do na foghlaimeoirí go léir go háirithe dóibh siúd atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais agus dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise foghlama acu.
  - Téama rialta ab ea an riachtanas chun tacú leis na foghlaimeoirí go léir, lena n-áirítear aird a leith a bheith ar thosca shocheacnamaíochta, riachtanais speisialta oideachais agus an tábhacht leis an roachtain ar ghléasanna cuí. Leagann sé seo béim ar an gcaoi ina bhfuil easpa rochtana ar ghléasanna digiteacha ina bhac ar fhoghlaim atá feabhsaithe go digiteach agus, ina theannta sin, ina bhac ar rannpháirtíocht an fhoghlaimeora.
  - Rinneadh éileamh ar tuilleadh treorach agus comhairle maidir le straitéisí oideolaíochta chun an teicneolaíocht chuiditheach a úsáid le foghlaimeoirí RSO agus gléasanna a bhainistiú sa rang d'fhoghlaimeoirí le RSO seachas díreach díriú ar uirlisí.

- **Curaclam agus Measúnú**
  - Cúis mhór le dul chun cinn in úsáid na teicneolaíochta digití i scoileanna is ea a ailíniú leis an gcuraclam a chuirtear ar fáil i mbunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta agus bhí éilimh ann go gcuirfeadh sonrúcháin curaclaim atá ann cheana agus cinn nua deiseanna soiléire ar fáil do teagasc, foghlaim agus measúnú digiteach, agus bonn soiléir a thabhairt do mhúinteoirí chun an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid.
  - San athfhorbairt ar churaclam na bunscoile, bheadh sé tábhachtach deiseanna a aithint d'eispéiris foghlama ina comhtháthaítear an teicneolaíocht dhigiteach, go háirithe san uimhearthacht agus sa litearthacht.
  - An gá le fócas níos mó ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha chun tacú leis an measúnú.
  - Úsáid fheabhsaithe agus níos éifeachtaí na dteicneolaíochtaí digiteacha ar fud an churaclaim agus go mbeadh sé ina phríomhghné den athchóiriú agus athfhorbairt reatha agus sa todhchaí ar an gcuraclam san oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile.

Chomh maith leis an bpróiseas leathan comhairliúcháin, ordaíodh agus ullmhaíodh tuairisc leis an Ollamh Deirdre Butler agus an Dr. Margaret Leahy ina n-áirítear anailís ar fhorfheidhmiú na Straitéise roimhe agus ina n-aibhsítear réimsí le breithniú le cur san áireamh sa Straitéis nua. *Towards a Successor Strategy for the Digital Strategy for Schools 2015-2020: Tuairisc Bonnlíne*[8] is ainm don tuairisc seo agus tabharfar an Tuairisc Bonnlíne uirthi sa Straitéis seo.

8 https://www.gov.ie/en/publication/69fb88-digital-strategy-for-schools

## Struchtúr agus Amlínte

Beidh an Straitéis seo ailínithe le fad ama DEAP an AE agus mairfidh sé go dtí 2027. Leagtar amach ann na cuspóirí ardleibhéil faoi thrí Cholún.



### Colún 1: Ag tacú le leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú

- Ag tacú lenár múinteoirí treise a chur lena muinín agus inniúlacht in úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú i scoileanna, lena chinntiú go bhforbróidh na foghlaimeoirí go léir na scileanna digiteacha atá riachtanach chun a mbealach a dhéanamh trí shaol casta digiteach. Ina theannta sin, ag tacú le ceannairí scoile treoir agus fírbairt a dhéanamh ar acmhainneacht agus muinín na múinteoirí a mhéadú trí fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí (FGM) chuí, lena chinntiú go mbeidh eispéiris foghlama forbartha chuí ann do na foghlaimeoirí uile chun cur ar a gcumas an inniúlacht dhigiteach riachtanach a fhorbairt. Beidh sé seo bunaithe ar fhoghlaim ó thaithí COVID-19 chun úsáid éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú ar fud an churaclaim ar fad a bhaint amach ar bhealach níos fearr.





### Colún 2: Bonneagar Teicneolaíochta Digití

- Tiomantas le tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh go dtí seo lena chinntiú go gcuirfear nascacht leathanbhanda ardluais agus bonneagar cuí ar fáil chuig na scoileanna go léir chun tacú le múinteoirí agus foghlaimeoirí chun tairbhe a bhaint as úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha i ngníomhaíochtaí ranga lena n-áirítear tacaíocht theicniuil agus creataí soláthair.



### Colún 3: Ag féachaint don todhchaí: beartas, taighde taighde agus ceannaireacht dhigiteach

- Beartais inbhuanaithe a bhunú chun treoir a thabhairt ar thuilleadh dul chun cinn in úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna, ag baint tairbhe as obair atá ar bun i straitéisí ábhartha eile d'fhonn a chinntiú go bhforbraíonn na foghlaimeoirí uile a n-inniúlacht dhigiteach. Tacú le scoileanna agus ceannairí scoile i dtaca le húsáid eiticiúil agus shábháilte an idirlín. Páirt a ghlacadh sa taighde atá ar bun agus é a scaipeadh chun deiseanna agus dúshláin na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn d'earnáil na scoileanna a shainaithint.

Leis na trí **Cholún** sa Straitéis Dhigiteach féachtar lena chinntiú go mbeidh an córas scolaíochta ullamh agus ag leanúint de leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú. Is é cuspóir is tábhachtaí sa Straitéis seo tacú lenár gcóras scolaíochta chun eispéiris foghlama a dhearadh agus a fhorbairt a chuimsíonn an fhorbairt ar inniúlachtaí digiteacha do na foghlaimeoirí uile; atá solúbtha agus aclaí ag baint tairbhe as deiseanna agus aghaidh á thabhairt ar dhúshláin an domhain dhigitigh agus a chumasaíonn gach foghlaimeoir beag beann ar chúlra socheacnamaíochta, riachtanais foghlama nó suíomh tíreolaíochta, chun gabháil leis an teicneolaíocht dhigiteach mar chuid dá n-aistear oideachais.

Beidh an Straitéis seo ailínithe le, agus ag baint tairbhe as, forbairtí beartais atá san áireamh i straitéisí eile chun forfheidhmiú a chur chun cinn agus, agus é sin á dhéanamh, forbairt agus tacaíocht a thabhairt do raon inniúlachtaí digiteacha chun cu ar chumas na bhfoghlaimeoirí uile páirt a ghlacadh mar shaoránaigh an domhain i sochaí dhinimiciúil dhigiteach.

Tá sé beartaithe freisin próisis agus nósanna imeachta cuí don mhaoirseacht agus tomhas a fhorbairt chun soláthar a dhéanamh d'fhorfheidhmiú éifeachtach na Straitéise chomh maith le Grúpaí ábhartha a bhunú chun cuidiú leis an Straitéis a chur i bhfeidhm agus chun bonn a chur le tuilleadh forbairtí.

Forbrófar **Plean Forfheidhmithe** ina mbeidh gníomhartha a bhaineann leis na cuspóirí ardleibhéil agus fráma ama don bhforfheidhmiú. Beidh forbairt agus cur chun feidhme an Phlean Forfheidhmithe faoi stiúir Ghrúpa Forfheidhme inmheánach na Straitéise Digití agus áireofar leis caidreamh leanúnach le comhpháirtithe oideachais ábhartha agus príomhpháirtithe leasmhara eile.

Beidh an chéad Phlean Forfheidhmithe ag rith ó 2022-2024. Ag druidim le deireadh na céime seo déanfar athbhreithniú meántéarma chun treoir a thabhairt don chéad Phlean Forfheidhmithe eile ó 2025-2027.



## COLÚN 1

# Ag tacú le leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa Teagasc, Foghlaim agus Measúnú



## 1.1. Réamhrá agus cúlra

Tá úsáid na teicneolaíochta digití i bhfad níos soiléire i neart gnéithe den saol laethúil agus cuireadh luas leis seo le déanaí toisc go raibh gá cur in oiriúint don phaindéim COVID-19. Fianaise bhunúsach air seo is ea an bealach ina d'fhreagair an córas oideachais do dhúnadh scoileanna lena chinntiú go raibh leanúnachas san oideachas dár leanaí agus daoine óga. Léirigh an leibhéal seo de fhreagracht agus aclaíocht sa chóras an chumhacht atá ag na teicneolaíochtaí digiteacha chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán ar leith sin, le hardú dian in úsáid na teicneolaíochta san oideachas. Ní fhéadfaí é seo a bhaint amach murach obair chrua, tiomantas agus díograis na gceannairí scoile, na múinteoirí agus an phobail scoile i gcoitinne sa ghluaiseacht ghasta chuig an gcianfhoghlaim.

Cé nach bhfuil aon amhras gur cuireadh luas leis an dul chun cinn úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna mar thoradh ar an tiomantas do leanúnachas na foghlama, le neart samplaí den nuálaíocht i rith na tréimhse seo, ní gan dúshláin a tharla sé, amhail drochnascacht leathanbhanda, easpa rochtana ar ghléasanna digiteacha riachtanach agus easpa rannpháirtíochta ag roinnt foghlaimeoirí. Léiríonn an taighde, más rud é go raibh an bPleananna Foghlama Digití forbartha ag scoileanna agus go raibh úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha curtha chun cinn ina scoil, go raibh siad i bhfad níos ábalta bogadh chuig an teagasc agus foghlaim ó chian ná mar a bhí na scoileanna sin a raibh dul chun cinn níos lú déanta acu[9].



[9] https://www.gov.ie/en/publication/c0053-digital-learning-2020-reporting-on-practice-in-early-learning-and-care-primary-and-post-primary-contexts/ agus https://www.esri.ie/publications/learning-for-all-second-level-education-in-ireland-during-covid-19

Tá neart dul chun cinn déanta mar thoradh ar na tacaí agus na hacmhainní a tugadh isteach faoin Straitéis roimhe, an saineolas a d'fhorbair múinteoirí agus ceannairí scoile agus na deiseanna d'fhoghlaimeoirí raon leathan de scileanna digiteacha a fhorbairt. Is léir ón bpróiseas comhairliúcháin nach mór tuilleadh a dhéanamh chun tógáil ar mhuinín agus inniúlacht na gceannairí scoile agus na múinteoirí agus chun cuidiú leo in úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha ina gcleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe agus chun leanúint den tacú leis an bhforbairt ar scileanna na bhfoghlaimeoirí. Leanfaidh an Roinn Oideachais de scoileanna a chumasú chun cuidiú leis an bpleanáil dhigiteach éifeachtach agus le forbairt scileanna na múinteoirí chun a chinntiú go mbeidh gairmeoirí teagaisc a bhfuil cumas agus muinín dhigiteach acu a bhfuil an cumas acu le hinniúlacht dhigiteach na bhfoghlaimeoirí uile a fhorbairt.

Pléifidh an Colún seo leis na príomhthacaí agus acmhainní atá de dhíth ar scoileanna, ceannairí scoile agus múinteoirí chun leanúint leis an bhfás ar a gcleachtas in úsáid éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha leis an bhfoghlaimeoir i lár báire, agus ag teacht le fís luaite na Straitéise.

Cuimseofar leis freisin roinnt réimsí ardtosaíochta a tháinig chun cinn tríd an bpróiseas comhairliúcháin i dtaca le curaclam, pleanáil, agus scileanna digiteacha i gcoitinne.



## Colún 1 Cuspóirí

- **Foghlaimeoirí a chumasú le bheith ina bhfoghlaimeoirí digiteacha muiníneacha agus cumasacha.**
- **Leanfaidh na beartais agus curaclaim oideachais nua go léir de chinntiú go mbeidh úsáid chuí agus éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha leabaithe iontu.**
- **Feabhas a chur ionchuimsiú, comhionannas, rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí agus pearsantú trí úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha trí threoir agus tacaíocht shoiléir a sholáthar.**
- **Úsáid chuí agus éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, foghlaim agus measúnú a leabú ag gach céim de chontanam an oideachais do mhúinteoirí, i.e. Oiliúint Tosaigh Múinteoirí, Ionduchtú agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.**
- **Clár feasachta a rith lena chinntiú go mbeidh na múinteoirí agus ceannairí scoile uile ar an eolas faoi na tacaí agus acmhainní atá ar fáil a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, foghlaim agus measúnú, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.**
- **A chinntiú go mbeidh foghlaim ghairmiúil múinteoirí ar fáil atá solúbtha, idirdhealaithe agus bunaithe ar riachtanais sa chaoi is go mbeidh treoir, tacaíocht agus foghlaim ghairmiúil shoiléir ann do na múinteoirí agus ceannairí scoile uile i bpleanáil agus úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sna gnéithe uile den teagasc, foghlaim agus measúnú.**
- **Tuilleadh tacaí a sholáthar chun cuidiú le scoileanna ina bhféinmheasúnú ar an dul chun cinn i leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú.**




## 1.2. Tosaíochtaí d'fhorfheidhmiú

Le leabú éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna don teagasc, foghlaim agus measúnú chomh maith le tacú leis an bhfolláine, ionchuimsiú, cruthaitheacht agus cumarsáid leis an bpobal scoile i gcoitinne, is féidir tairbhe a bheith ann do chách lena mbaineann agus tarlaíonn rannpháirtíocht fheabhsaithe agus torthaí oideachais níos fearr do na foghlaimeoirí uile.

I gcomhréir le DEAP an AE 2021-2027, mar phríomhréimse tosaíochta díreoidh an Straitéis seo ar fheabhas a chur ar scileanna digiteacha agus inniúlachtaí do chlaochlú digiteach toisc "go bhfuil an treisiú ar leibhéal na n-inniúlachtaí agus na gcumas digiteach chun tacú leis húsáid éifeachtach agus oideolaíoch na dteicneolaíochtaí digiteacha ina phríomhthoisc cumasaithe chun feabhas a chur ar cháilíocht, ionchuimsitheacht agus éifeachtacht an oideachais agus na hoiliúna"[10].
Tá ról na gceannairí scoile agus na múinteoirí i gceannaireacht, pleanáil agus leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha ar fud an churaclaim ríthábhachtach dó seo. Tá úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir sa teagasc, foghlaim agus measúnú mar fhreagracht ag gach múinteoir agus ceannaire scoile agus cuireann an mhuinín agus an inniúlacht chuí bonn leis chun foghlaim dhigiteach éifeachtach a stiúradh sa rang agus ar fud phobal na scoile i gcoitinne. Is é aidhm na Roinne, tríd an Straitéis seo, leanúint de thacú leis an riachtanais seo agus acmhainneacht a fhorbairt sna scoileanna go léir.

I gcroílár na Straitéise is ea an cur chuige leanúnach de *an ideolaíocht ar an gcéad dul síos, an teicneolaíocht ar an dara dul síos*, ina mbíonn luach breise ag úsáid na teicneolaíochta chun feabhas a chur ar theagasc, foghlaim agus measúnú, agus ina ndéanann sé níos mó ná díreach cleachtais thraidisiúnta a chóipeáil. Beidh gá le leanúint de thacú le múinteoirí chun a n-inniúlacht dhigiteach a fhorbairt chun timpeallachtaí foghlama a dhearadh a chuireann ar chumas daoine óga a bheith ina bhfoghlaimeoirí digiteacha cumasacha agus muiníneacha.

[10] https://education.ec.europa.eu/focus-topics/digital/education-action-plan lch 38

> Mar a luadh sa Tuairisc Bonnlíne agus ag tarraingt ó thaighde leathan, "ní gá go mbeadh an teicneolaíocht dhigiteach *per se* ina thiománaí nó ina chatalaíoch don athrú agus le tabhairt isteach na teicneolaíochta digití i scoileanna, ní hionann é sin agus an fhorbairt ar chleachtais teagaisc nuálaíocha nó claochlú oideachais. Chun teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go héifeachtach sa teagasc agus foghlaim ar leibhéal na scoile, ní mór a n-úsáid a bheith mar chuid d'fhís na scoile ní mór é a bheith á thacú le beartais shonracha náisiúnta[11]".

## 1.3. Cur Chuige atá Dírithe ar an bhFoghlaimeoir

Is é an foghlaimeoir atá lárnach don fhorbairt ar an Straitéis Dhigiteach seo. Is é an cuspóir sa deireadh thiar thall go bhforbróidh na foghlaimeoirí na scileanna riachtanacha atá de dhíth chun bealach a dhéanamh sa saol digiteach. Chun an aidhm seo a bhaitn amach tá sé riachtanach go bhfoghlaimeoidh siad chun é seo a dhéanamh ar bhealach criticiúil, ar an eolas faoi na deiseanna agus na rioscaí freisin, agus go mbeidh an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí ábhartha acu chun maireachtáil, obair, foghlaim agus bheith faoi bhláth.[12]

Agus iad ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha, ba chóir go mbeadh foghlaimeoirí muiníneach agus cumasach freisin, a bheith solúbtha agus ábalta dul in oiriúint do chúinsí atá ag athrú, go mbeadh orthu smaoineamh go criticiúil, obair le chéile i bhfoirne agus úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha go cruthaitheach agus go freagrach. Le húsáid éifeachtach na teicneolaíochta sa seomra agus ar fud timpeallacht na scoile tacaítear leis an ionchuimsiú, cuirtear inrochtaineacht agus rannpháirtíocht chun cinn agus is féidir leis cuidiú leis an bpróiseas foghlama a phearsantú do na foghlaimeoirí go léir, as a dtagann rannpháirtíocht níos fearr agus an cumas le bheith níos rannpháirtí agus níos féintreoraithe ina bhfoghlaim féin. Trí úsáid a bhaint as na teicneolaíochtaí digiteacha i gcomhthéacs na scoile is féidir feabhas agus tacaíocht a thabhairt freisin don chaidreamh idir scoláirí agus múinteoirí chomh maith le cuidiú leis an gcomhar agus foghlaim idir piaraí. Is féidir le teicneolaíochtaí digiteacha a bheith ina n-uirlis úsáideach freisin chun cumarsáid a éascú agus a fheabhsú laistigh den scoil agus freisin idir an scoil agus tuismitheoirí/caomhnóirí agus pobal na scoile i gcoitinne.

Ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha go gníomhach agus ag obair le foghlaimeoirí eile, tugtar cothú agus spreagadh don fhoghlaim ghníomhach, fadhbréiteach, smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna cumarsáide, iad ar fad riachtanach don saol ina mairimid. Sa phróiseas comhairliúcháin, léirigh na foghlaimeoirí go soiléir gur bhain siad taitneamh as teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid agus gur mhothaigh siad gur chuidigh siad leo a n-inniúlachtaí digiteacha a fhorbairt. Mheas foghlaimeoirií go raibh tairbhe ar leith leis san obair chomhoibríoch. Dúirt siad gurbh fhearr leo úsáid a bhaint as meascán den teicneolaíocht agus modhanna traidisiúnta de leabhair agus páipéar. Cuireadh an mothúcháin in iúl freisin nach raibh béim ann i gcónaí ar é a úsáid sa rang, go háirithe laistigh den Ardteistiméireacht bhunaithe reatha agus go bhfuil cumas níos mó ann chun teicneolaíochtaí a úsáid sa mheasúnú. Ba mhaith le neart acu níos mó d'úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha a fheiceáil don fhoghlaim le linn na céime seo dá n-oideachas.

Tá sé tábhachtach go spreagfar foghlaimeoirí le tuiscint conas a fhoghlaimíonn siad sa chaoi is gur féidir smacht a ghlacadh ar a bhfoghlaim féin

[11] Butler & Leahy, 2022, lch 38
[12] EC 2020

agus a scileanna a fhorbairt a thuilleadh. Lena linn seo ar fad, is éard is tábhachtaí ar fad ná a bhfolláine agus sábháilteacht mhothúchánach agus tuiscint ar an gcaoi inar féidir le teicneolaíochtaí digiteacha dul i gcion orthu lena leas nó lena n-aimhleas. Dúirt foghlaimeoirí sna fócasghrúpaí gur féidir fadhb a bheith le ham scáileáin toisc go bhfuil sé deacair an scartha a fháil idir baile agus scoil, agus obair agus úsáid shóisialta, le gné na meán sóisialta ina chúis le cur isteach.

Déantar sábháilteacht ar líne agus úsáid shábháilte agus eiticiúil na dteicneolaíochtaí digiteacha mar thopaic a phlé níos mionsonraí faoi Cholún 3 ach téann sé ar fud gnéithe uile d'úsáid na bhfoghlaimeoirí de theicneolaíochtaí agus den rochtain orthu. Tá sé ina phríomhphháirt agus ábhar breithnithe laistigh d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí chomh maith le ar fud an churaclaim agus leanfaidh an scéal amhlaidh.

Leanfaidh an Straitéis seo den obair chun a chinntiú go mbeidh an deis ag foghlaimeoirí na scileanna mar a leagtar amach thuas a fhorbairt agus go gcloisfear a nguthanna agus go gcuirfear san áireamh iad i forbairtí breise sa réimse seo. Déanfar é seo a scrúdú a thuilleadh sa Phlean Forfheidhmithe.

Sa deireadh thiar thall tá fócas bunúsach sa Straitéis seo ar na foghlaimeoirí agus a bhfolláine agus a chinntiú go bhféachann na beartais, tacaí agus acmhainní go léir le deiseanna a sholáthar d'fhoghlaimeoirí chun a scileanna digiteacha a fhorbairt sa chaoi is gur féidir leo a mbealach a dhéanamh sa saol digiteach ar





## 1.4. Ceannaireacht Scoile

bhealach muiníneach agus cumasach.
Aithnítear sa straitéis seo an tábhacht atá leis an gceannaireacht i scoileanna chun athrú a stiúradh agus a mhaoirsiú sa chaoi is go gcinntítear úsáid éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha laistigh dá scoileanna. Tá ról na ceannaireachta scoile ríthábhachtach freisin san fhorfheidhmiú rathúil ar an gCreat Foghlama Digití (CFD)[13] agus rannpháirtíocht foirne a chumasú d'fhonn gníomhartha faoin CFD a nascadh go héifeachtach leis an bPróiseas Féinmheastóireachta Scoile (FMS)[14].

Téann cultúr scoile agus ionchais agus luachanna na ceannaireachta i gcion ar inspreagadh na múinteoirí agus is féidir leo tacú le húsáid éifeachtach na teicneolaíochta digití. Tugann ceannairí scoile, trína rannpháirtíocht agus comhar le daoine eile, cothú agus spreagadh do chúinsí fabhracha don athrú trí fhís chomhroinnte a fhorbairt atá bunaithe ar thuiscint oideolaíocht agus pleanáil éifeachtach. Imríonn siad tionchar agus tugann siad treoir don fhás gairmiúil trí dheiseanna a sholáthar chun gabháil don bhfoghlaim ghairmiúil agus rochtain ar acmhainní, ag tabhairt tacaíocht agus spreagadh do mhúinteoirí triail a bhaint as rudaí ina seomraí ranga, comhar a dhéanamh le múinteoirí eile, athmhachnamh a dhéanamh ar chleachtas, agus gabháil do chomhráite gairmiúla le múinteoirí. D'fhonn a chinntiú gur féidir le ceannairí scoile é seo ar fad a dhéanamh, tá gá acu leis an tacaíocht, eolas, acmhainní agus foghlaim ghairmiúil riachtanach.

Le linn an phróisis chomhairliúcháin bhí éilimh ar thacaí gairmiúla foghlama níos spriocdhírithe, dírithe ar cheannairí scoile. Chuideodh na tacaí seo le ceannairí scoile "a n-acmhainneacht a thógáil chun forbairt, ceannaireacht agus tacaíocht a thabhairt do chultúr foghlama a bhaineann leas as úsáidí criticiúla agus fónta na dteicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, leaning agus measúnú laistigh dá bpobail scoile"[15]. Bhí éileamh leanúnach freisin ar ról ceanaireachta sonrach nó ball foirne ainmnithe a leithdháileadh i scoileanna, amhail comhordaitheoir/ceannaire foghlama digití, a dhíreodh ar thacaí oideolaíochta a sholáthar do chomhghleacaithe, acmhainneacht na gcomhghleacaithe múinteoirí a fhorbairt agus cuidiú agus spreagadh a thabhairt do bhaint amach na bpríomhchuspóirí straitéiseacha i dtaca le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha.

Leanann an fhoireann sa tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM) de chláir shaincheaptha don fhoghlaim ghairmiúil a sholáthar do cheannairí scoile ag céimeanna uile a ngairmeacha ó phríomhoidí agus príomhoidí tánaisteach nuacheaptha, go dtí príomhoidí le saintaithí, agus freisin don lárcheannaireacht i scoileanna. Deartar cúsraí agus tacaí uiule SFGM don bhfoghlaim ghairmiúil le hinniúlacht dhigiteach a fhorbairt agus le teicneolaíochtaí digiteacha a leabú go héifeachtach sa teagasc, foghlaim agus measúnú. Leanfaidh sé seo de bheith ina bhéim thábhachtach do SFGM agus na seirbhísí tacaíochta go léir faoi láthair agus sa

13 https://www.dlplanning.ie/
14 http://schoolself-evaluation.ie/
15 Baseline Report: Towards a Successor Digital Strategy for Schools to 2027

gceannas as phleanáil don bhfoghlaim dhigiteach ina scoileanna le linn fhorfheidhmiú na Straitéise seo.

Leis an Straitéis seo agus an Plean Forfheidhmithe a ghabhann leis féachtar le dul chun cinn a dhéanamh ar an bhforbairt ar thacaí méadaithe chun cúnamh agus cumasú a thabhairt do cheannairí scoile pleanáil do leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú ina scoileanna. Príomhchuspóir sa Straitéis seo is ea fócas athnuaite a sholáthar ar thacú leis an gceannaireacht agus leis an mbainistíocht i scoileanna bheith i gceannas ar leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha ar leibhéal na scoile.




## 1.5. Ról an Mhúinteora

todhchaí a thacaíonn le ceannairí scoile bheith i

Sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna roimhe seo aithníodh ról ríthábhachtach na múinteoirí agus na gceannairí scoile lena chinntiú gur leabaíodh teicneolaíochtaí digiteacha ar fud an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe. Tá sé riachtanach go leanfar de thacú le múinteoirí chun an t-eolas, na scileanna agus an mhuinín riachtanach a fhorbairt. Tá dul chun cinn suntasach le ról lárnach ag teicneolaíochtaí digiteacha san athrú ar chleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe agus tógfaidh an Straitéis seo ar an dul chun cinn seo.

Bunphrionsabal lárnach den Straitéis seo is ea go leanfiadh an bhéim oideolaíochta mar thosaíocht. Bhí rannpháirtíocht ghníomhach mhéadaithe leis an teicneolaíocht dhigiteach le linn na paindéime COVID-19 agus tá sé tábhachtach go dtógfar ar an saineolas agus saintaithí a d'fhorbair múinteoirí agus foghlaimeoirí araon, go ndéanfar é a spreagadh agus tacú leis.

Tá gá le cur chuige comhtháite iomlánaíoch i dtaca le húsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha san oideachas agus ba léir ón bpróiseas comhairliúcháin, i roinnt cásanna, go mbíonn dúshláin roimh mhúinteoirí amhail cén fáth nó conas ba chóir dóibh an teicneolaíocht a úsáid ach féachann cuid eile acu ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha mar ghné riachtanach dá gcleachtas.

Bhí an gá do na múinteoirí uile an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí riachtanacha a bheith acu chun teicneolaíochtaí digiteacha a leabú ina gcleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe lárnach san aiseolas a fuarthas mar chuid den phróiseas comhairliúcháin. Mheas múinteoirí, cé gur theastaigh uathu gabháil do thuilleadh pleanála agus foghlama ghairmiúla i dtaca le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha, ba í an chonstaic ba mhó ná an t-am riachtanach a bheith acu chun é sin a dhéanamh.

Maidir le cleachtas múinteoirí, éilíonn teagasc éifeachtach cumasc den with teicneolaíocht requires a blend of teicneolaíocht, oideolaíocht agus eolas ábhair[16], ar an dtugtar an tsamhail ETOÁ. Sa tsamhail seo déantar machnamh ar an eolas seo sa bhealach seo a leanas:

- Eolas teicneolaíochta (TK): An t-eolas agus an cumas le húsáid éifeachtach a bhaint as teicneolaíochtaí éagsúla chun tacú le teagasc, foghlaim agus measúnú
- Eolas oideolaíochta (PK): Eolas faoi chur i bhfeidhm éifeachtach de raon straitéisí agus cuir chuige teagaisc sa chleachtas
- Eolas ábhair (CK): Eolas agus tuiscint ar an gcuraclam

Bainfear úsáid as an tsamhail ETOÁ mar threoir d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí agus leanfar de na tacaí agus acmhainní riachtanacha a fhorbairt chun tacú leis na múinteoirí go léir a chinntiú go leabófar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha ina gcleachtas. Leathnófar air seo sa Phlean Forfheidhmithe.



16 Mishra & Koehler 2006

## 1.6. Ionchuimsiú

Is léir go bhfuil de chumas ag an teicneolaíocht ionchuimsiú a chur chun cinn agus bacanna ar an bhfoghlaim a bhaint, nuair a úsáidtear go rathúil é. Is féidir le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha tacú leis an bbhfoghlaim idirdhealaithe, saincheaptha chun freastal ar riachtanais foghlaimeoirí aonair. Ba chóir go mbeadh fócas ar thacú leo siúd a bhfuil riachtanais bhreise oideachais acu lena chinntiú go dtugtar comhionannas deiseanna dóibh chun an curaclam a rochtain oiread is féidir leo de réir a gcumais agus a n-acmhainneachta chomh maith leis na foghlaimeoirí sin atá i mbaol míbhuntáiste oideachais. Tacaíonn an Roinn leis na scoileanna sin a bhfuil an líon is mó foghlaimeoirí i mbaol míbhuntáiste tríd an gclár míbhuntáiste oideachais through the Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna (DEIS) agus faigheann na scoileanna sin leithdháileadh feabhsaithe faoin deontas TFC.

Le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha is an ionchuimsitheacht a chur chun agus a éascú agus tacú leis na prionsabail sa tsamhail Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim (DUF) d'iliomad bealaí de rannpháirtíocht, ionadaíocht agus gníomh/léiriú. Is éard is DUF ann tacar de phrionsabail d'fhorbairt curaclaim a thugann deiseanna cothroma do gach duine fghlaim, lena n-áirítear scoláirí le riachtanais bhreise. Féachtar leis le feabhas a chur ar eispéireas oideachais na scoláirí uile trí mhodhanna níos solúbtha de theagasc, measúnú agus soláthar seirbhíse a thabhairt isteach chun freastal ar éagsúlacht na bhfoghlaimeoirí inár seomraí ranga. Bíonn an cur chuige seo bunaithe ar thaighde i réimse na néareolaíochta agus deartar é chun feabhas a chur ar an eispéireas agus torthaí foghlama do na scoláirí uile[17].



**Iliomad Bealaí don Rannpháirtíocht**

Inspreagadh agus díograis leanúnach chun foghlama a chothú trí bhealaí éagsúla le hobair le hábhar a chur chun cinn.



**Iliomad Bealaí don Ionadaíocht**

Eolas agus ábhar a chur i láthair ar bhealaí éagsúla chun tacú le tuiscint ag scoláirí le stíleanna/cumais foghlama éagsúla.



**Iliomad Bealaí don Ghníomhú/Léiriú**

Roghanna a thairiscint do scoláirí a bhfoghlaim a léiriú ar bhealaí éagsúla (e.g. ceadaigh rogha den chineál measúnaithe).

[18]

---

17 https://www.ahead.ie/udl-framework
18 Reproduced with permission from CAST agus AHEAD



Leanfaidh an Roinn Oideachais de thús áite a thabhairt don ionchuimsiú de na foghlaimeoirí go léir thar chontanam an oideachais. Léireofar é seo i bhforbairt curaclaim agus áireofar leis freisin tacaí agus treoir ábhartha a sholáthar d'úsáid na teicneolaíochta digití chun tacú leis an gcleachtas ionchuimsitheach. Tá foráil sa Chreat don tSraith Shóisearach do shonrúcháin ábhair agus gearrchúrsaí arna fhorbairt ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) a bheith deartha "chomh huilíoch agus is indéanta", ar an mbealach sin "ag soláthar deiseanna foghlama fóntacha agus luachmhara do scoláirí ó gach cúlra cultúrtha agus sóisialta agus ó raon leathan de chúinsí aonair".[19]

Rinne an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) agus foireann na Teicneolaíochta san Oideachas san SFGM (TsO) comhoibriú ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha don ionchuimsiú go sonrach i dtaca leis an CFD agus scoileanna speisialta chomh maith le comhairle faoi theicneolaíochtaí cuiditheacha. Leanfaidh an Roinn de thacú leis an obair seo agus cuirfidh sé san áireamh na tuairimí ón bpróiseas comhairliúcháin maidir le haon fhorbairtí breise sa réimse seo, go sonrach i dtaca le teicneolaíochtaí cuiditheacha. Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an deis ag na foghlaimeoirí uile barr a gcumais a bhaint amach, le teicneolaíochtaí digiteacha ag soláthar na bealaí chun sárú a dhéanamh ar na bacanna traidiúnta ar an bhfoghlaim agus chun tacú leis an ionchuimsiú ar fud an chórais.

[19] DES, 2015, lch 26



## 1.7. Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí

Tagraíonn an téarma 'foghlaim ghairmiúil múinteoirí' (FGM) don chontanam FGM, ón oiliúint tosaigh múinteoirí go dtí foghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí atá ag cleachtadh, lena n-áirítear ionduchtú agus foghlaim ghairmiúil leanúnach thar fad na gairme mar mhúinteoir. Cuireann an fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí ar chumas na ngairmeoirí múinteoireachta freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais dhúshlánacha oideachais na ndaoine óga sna laethanta casta seo. Is iontach na buntáistí a bhaineann le foghlaim ghairmiúil ardcháilíochta agus iad riachtanach chun forfheidhmiú na Straitéise seo a éascú agus tacú leis. Nuair a ghabhann múinteoirí don fhás gairmiúil leanúnach, tagann forbairt agus feabhas ar chleachtas ranga. Tugtar sainmhíniú ar FGM i gCreat na Comhairle Múinteoireachta d'fhoghlaim múinteoirí, Cosán, mar seo a leanas:[20]

- Aitheantas a thabhairt do mhúinteoirí mar ghairmithe foghlama neamhspleácha agus freagracha.
- Aitheantas do ngá le dearadh solúbtha ar féidir é a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna foghlama éagsúla.
- Éascú do mhúinteoirí deiseanna foghlama ar ardchaighdeán a aithint.
- Aithnítear an tábhacht a bhaineann le múinteoirí a bheith in ann teacht ar dheiseanna foghlama saibhre agus éagsúla.
- Deis a thabhairt do mhúinteoirí agus do na páirtithe leasmhara le glacadh le foghlaim múinteoirí agus lena haithint.
- Éascú do mhúinteoirí meas a bheith acu ar a gcuid foghlama, agus tús áite a thabhairt don fhoghlaim a dhéanann tairbhe dóibh féin agus dá bhfoghlaimeoirí.

Dhearbhaigh an Straitéis roimhe go raibh úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú le leabú i ngach céim de chontanam an oideachais do mhúinteoirí, is é sin oiliúint tosaigh múinteoirí, ionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach. Aithníodh go raibh ról ríthábhachtach ag Creat Inniúlachta TFC UNESCO do Mhúinteoirí[21] chun bonn a chur leis an dearadh ar na deiseanna uile don fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí amach anseo.

Cuireann seirbhísí tacaíochta na Roinne Oideachais deiseanna foghlama gairmiúla do mhúinteoirí agus ceannairí scoile i raon de réimsí

[20] https://www.teachingcouncil.ie/en/publications/teacher-education/cosan-framework-for-teachers-learning.pdf
[21] https://en.unesco.org/themes/ict-education/competency-framework-teachers

oideolaíochta, curaclaim agu s ceannaireachta oideachais. San SFGM tá foireann thiomanta, Foireann na Teicneolaíochta san Oideachas (SFGM TsO) agus foireann de chomhairleoirí teicneolaíochta digití a leanfaidh de shamhacha idirdhealaithe solúbtha de FGM a fhorbairt agus a éascú. Cuireann na seirbhísí tacaíochta go léir tacaíocht agus treoir ar fáil maidir le leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha laistigh den FGM atá sonrach d'ábhair agus do chláir.

Sa bhliain 2021, chuir an Roinn Oideachais tús le tionscadal na ceithre Seirbhísí Tacaíochta d'Oideachas Múinteoirí (an tSeirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí, an tSraith Shóisearach do Mhúinteoir i, an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí agus an Lárionad Ceannaireachta Scoile) a chomhtháthú faoi Mheán Fómhair 2023. Cuireann gach ceann de na seirbhísí tacaíochta seo deiseanna luachmhara don fhoghlaim ghairmiúil ar fáil do mhúinteoirí agus ceannairí scoile. Tá Grúpa Stiúrtha Tionscadail agus Grúpa Forfheidhmithe bunaithe chun an tionscadal comhtháite a chur chun cinn. Is é an aidhm ná tógáil ar na láidreachtaí ar leith atá ag gach seirbhís tacaíochta ar leith chun seirbhís chomhtháite níos éifeachtaí agus níos éiféachtúla a fhorbairt, a chuireann 'ionad ilfhreastail' ar fáil do scoileanna agus múinteoirí atá ag iarraidh tacaí foghlama gairmiúla a rochtain.

Bhí foghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí agus ceannairí le sonrú go mór sna gnéithe go léir den phróiseas comhairliúcháin. Mar a luaitear i dTuairisc Comhairliúcháin an Fhócasghrúpa, "leis na barúlacha agus moltaí gabhtar an castacht a bhaineann leis an gcinntiú go mbeidh rochtain ag na múinteoirí agus príomhoidí GO LÉIR ar raon de ghníomhaíochtaí foghlama gairmiúla is fearr a shásaíonn an riachtanais"[22]. Admhaíodh go mbíonn leibhéil éagsúla d'inniúlacht agus cumas digiteach ag múinteoirí agus ceannairí i scoileanna agus go mbíonn siad ag obair i gcomhthéacsanna scoile éagsúla. Dúirt neart daoine gur chóir tacú leis na riachtanais éagsúla seo trí shamhlacha idirdhealaithe agus leanúnacha tacaíochta atá freagrúil agus sonrach do riachtanais agus cuir chuige aonair de chuid na scoileanna agus na múinteoirí.

Cuireadh na buntáistí a bhaineann le foghlaim piara le piara in iúl tríd an bpróiseas comhairliúcháin, go háirithe sna fócasghrúpaí agus déanfaidh an Roinn machnamh ar an mbealach is fearr chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt dó seo ar bhealach struchtúrtha. Rinneadh éileamh ar thuilleadh deiseanna don chomhar, laistigh de phobail scoile agus eatarthu, agus foghlaim piara le piara agus a fhios go dtógann sé am chun athruithe ar chleachtas a leabú agus go dtugann an cur chuige seo spreagadh do chur chuige scoile uile.

Le roinnt aighneachtaí leis an bpróiseas comhairliúcháin rinneadh éileamh ar chreat/hur chuige struchtúrtha ar fud an chórais i dtaca leis an bhfoghlaim ghairmiúil múinteoirí i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha, ina leagfaí amach na caighdeáin íosta agus ina dtabharfaí tacaíocht agus meastóireacht leanúnach. Rinneadh aibhsiú freisin ar shamhlacha idirdhealaithe de FGM lena bhforbraítear cleachtas nuálach ag baint úsáis as teicneolaíochtaí digiteacha sa rang agus lena gcuirtear cleachtasis chomhoibríocha chun cinn, lena bhforbrófaí scileanna litearthachta digití/inniúlacht dhigiteach inár ndaoine óga agus soláthar dreasachtaí don rannpháirtiocht san FGM amhail creidiúnú.

Luadh comhionannas rochtana ar an bhfoghlaim ghairmiúil freisin le hiarratais ar shamhlacha éagsúla den bhfoghlaim ghairmiúil chun freastal ar na riachtanais sin. Rinneadh tagairt freisin do thuilleadh deiseanna chun scrúdú a dhéanamh ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha ar fud an churaclaim ina iomláine agus i réimsí ábhair sonrach agus lena chinntiú nach mbreathnófar ar theicneolaíochtaí digiteacha mar bhreisiú le cleachtas ginearálta.

[22] New Digital Strategy for Schools Focus Group Consultation Report 2021, lch 12

Cé go bhfuil acmhainní substantiúla ar fáil do mhúinteoirí agus ceannairí scoile maidir le conas teicneolaíochtaí digiteacha a leabú i gcleachtais teagaisc agus foghlama, tugann aiseolas ó pháirtithe leasmhara le tuiscint go bhfuil easpa shuntasach feasachta faoi na tacaí atá ar fáil ar fud an chórais. Téama uileghabhálach eile le FGM ab ea go gcuirfí dóthain ama ar fáil chun ligean do mhúinteoirí agus ceannairí scoile tabhairt faoin bhforbairt ghairmiúil riachtanach sa réimse tábhachtach seo. Toisc go mbíonn teicneolaíochtaí ag forbairt go leanúnach, tá deiseanna uasoiliúna agus foghlama leanúnacha ríthábhachtach, agus sa chur chuige roghnach bíonn an fhoghlaim ghairmiúil leanúnach d'fhonn inniúlacht agus muinín a fhorbairt.

Leis DEAP an AE 2021-2027 aithníodh go raibh an feabhsú ar scileanna digiteacha agus inniúlachtaí don aistriú digiteach mar phríomhréimse tosaíochta. Leis an Straitéis Dhigiteach nua do scoileanna díreofar ar na réimsí seo freisin. Tagraíonn inniúlacht dhigiteach ghairmiúil don chumas le úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus freisin úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha chun feabhas a chur ar chleachtas ranga. Ba chóir tacú le múinteoirí úsáid a bhaint as a n-inniúlacht dhigiteach chun timpeallachtaí foghlama a dhearadh a chuireann ar chumas na bhfoghlaimeoirí a bheith ina bhfoghlaimeoirí digiteacha cumasacha agus muiníneacha.



Mar a achoimrítear sa Tuarascáil Bonnlíne "is éard atá de dhíth ná samhail den fhoghlam ghairmiúil do mhúinteoirí atá maoinithe go maith, soiléir, solúbtha agus inbhuanaithe, a cheadóidh forfheidhmiú leanúnach rathúil an CFD, sonrach d'ábhair, leibhéil ranga agus eolas múinteoirí maidir le conas úsáid fhónta a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha ina gcleachtas. Go háirithe, ní mór do chláir foghlama ghairmiúla do mhúinteoirí díriú ar oideolaíochtaí chuthaitheacha atá dírithe ar scoláirí, cuir chuige agus tascanna tionscadail idirdhisciplíeacha a úsáid chun foghlaimeoirí a spreagadh i bhfadhbréiteach réalaíoch agus conas naisc fhónta idir scoláirí agus múinteoirí a chruthú ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha. Le go dtarlódh sé seo, ní mór tacú le múinteoirí laistigh de chultúr foghlama a spreagann iad le hobair le daoine eile go criticiúil agus úsáid fhónta a bhaint as raon de theicneolaíochtaí digiteacha don teagasc, foghlaim agus measúnú"[23].

Oibreoidh an Straitéis Dhigiteach chun seachadadh ar na riachtanais aitheanta trí thógáil ar na beartais agus straitéisí atá ann cheana agus acmhainní breise a sholáthar más gá. Áireofar leis seo feabhas a chur ar fhorbairt scileanna na múinteoirí agus na gceannairí scoile lena chinntiú go mbeidh córas oideachais ann le cumas agus muinín digiteach, a chothóidh ansin an fhorbairt ar scileanna digiteacha, eolas agus tuiscint inár bpobal scoláirí mar a fhoráiltear dóibh sa churaclam. Sa Straitéis nua leagfar béim níos láidre ar úsáid éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha sna gníomhaíochtaí uile teagaisc, foghlama agus measúnaithe agus tacú le scoileanna tuilleadh leabaithe a dhéanamh ar phleanáil agus forbairt éifeachtach don acmhainneacht dhigiteach. Forbrófar clár feasachta freisin chun treoir shoiléir a sholáthar chuig ábhar atá ann cheana agus ábhar a bheidh ann sa todhchaí, náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, sa réimse seo.

[23] Baseline Report: Towards a Successor Digital Strategy for Schools to 2027, lch




## 1.8. Oiliúint Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Trí theicneolaíochtaí digiteacha a leabú ar fud chontanam an oideachais do mhúinteoirí, déantar deimhin de go mbeidh cur chuige struchtúrtha ar fud an chórais i dtaca leis an oideachas digiteach. Ag aithint go bhfuil an ról atá ag oiliúint tosaigh múinteoirí ríthábhachtach don fhorbairt ar inniúlachtaí digiteacha i ngairm na múinteoireachta, d'áirigh an Chomhairle Mhúinteoireachta an fhorbairt ar scileanna digiteacha do mhúinteoirí réamhsheirbhíse mar phríomhghné dá gClár Caighdeán leasaithe don OTM, *Céim*[24], a foilsíodh in 2020. Ar fud an phróisis chomhairliúcháin, fáiltíodh roimh thabhairt isteach scileanna digiteacha mar ghné lárnach den OTM. Ach luadh buarthaí go bhféadfaí breathnú air mar ábhar aonair agus nach ndéanfaí é a chomhtháthú thar gach gné den churaclam in oiliúint tosaigh múinteoirí.

Ní mór do na cláir OTM bunscoile agus iar-bhunscoile go léir a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta do chreidiúnú a bheith ailínithe anois le *Céim*. Déanfar cláir OTM atá ann cheana a athailíniú i gcomhréir le *Céim* le tosú i Meán Fómhair 2022 d'ábhar múinteoirí na céad bliana.

Déantar an creat ionduchtaithe gairmiúil comhtháite, *Droichead*[25], a thacaíonn le hionduchtú Múinteoirí Nuacháilithe (MNCs) i ngairm na múinteoireacht chun clárúchán iomlán a bhaint amach, a éascú agus a oibriú ag an gClár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí (CNIM). Leanfaidh CNIM de threoir a sholáthar ar úsáid éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha. I ndréacht-Chreat *Cosán* na Comhairle aithnítear freisn go bhfuil ról tábhachtach ag teicneolaíochtaí digiteacha san fheabhsú ar theagasc agus foghlaim agus go leanfaidh sin de bheith ina ghné thábhachtacht de bheartais maidir le FGM.

Leanfar de chomhar agus rannpháirtíocht le soláthraithe OTM lena chinntiú go mbeidh tuilleadh leabaithe agus forbartha ar thacair scileanna i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha san OTM agus chun leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha a spreagadh san modúil uile.

De bhreis air sin, d'eisigh an Roinn creat treorach d'oideoirí múinteoirí le breithniú agus a gClár Oideachais do Mhúinteoirí á ullmhú/athchóiri acu. Sa chreat aibhsítear an raon eolais agus scileanna atá de dhíth ar múinteoirí réamhsheirbhise chun inniúlachtaí digiteacha gairmiúla a fhorbairt sa chaoi is gur féidir leo úsáid éifeachtach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus foghlaim. Forbraíodh an creat seo "A Guiding Framework for Pre-Service Teachers' Professional Digital Competence"[26] i gcomhairliúchán le hionadaithe ón earnáil OTM.

---

[24] https://www.teachingcouncil.ie/en/news-events/latest-news/ceim-standards-for-initial-teacher-education.pdf
[25] https://www.teachingcouncil.ie/en/teacher-education/droichead/
[26] McDonagh, A., Camilleri, P., Engen, B. K., & McGarr, O. (2021). Introducing the PEAT model to frame professional digital competence in teacher education. Nordic Journal of Comparative and International Education (NJCIE), 5(4), 5–17. https://doi.org/10.7577/njcie.4226



## 1.9. Ábhar Digiteach

Sa Straitéis Dhigiteach do Scoileanna seo leantar ag aithint go bhfuil gá ag scoileanna le rochtain ar raon leathan d'ábhar digiteach ábhartha ardchaighdeáin, a chuidíonn le tacaíocht a thabhairt don teagasc agus foghlaim sna céimeanna uile inár gcóras oideachais. Forbraíodh an tairseach Scoilnet[27], á bhainistiú ag SFGM, chuige seo. Acmhainn thábhachtach is ea é chun cuidiú le múinteoirí rochtain a fháil ar ábhar digiteach ina bhfuil breis agus 23,000 acmhainn dhigiteach lipéadaithe chlibeáilte curaclaim le húsáid sa teagasc agus foghlaim.

Cé go raibh moladh ann do Scoilnet mar acmhainn, mhol roinnt aiseolais ón bpróiseas go gcruthófaí taisclann lárnach d'ábhar agus acmhainní foghlama clibeáilte leis an gcuraclam, agus sin go díreach áta á sholáthar ag Scoilnet. Arís, tugann sé seo le fios go bhfuil gá le clár d'ardú feasachta faoi na hacmhainní suntasach atá ar fáil trí Scoilnet, do mhúinteoirí agus ceannairí scoile.

Le linn an phróisis chomhairliúcháin, nótáladh moltaí maidir le Scoilnet a dhéanamh níos éasca le húsáid agus raon níos leithne d'acmhainní a chur ar fáil do theagasc RSO agus acmhainní i scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta. Ardaíodh freisin táirgeadh agus scaipeadh leanúnach d'ábhar digiteach idirghníomhach ardchaighdeáin do na haoisghrúpaí go léir i ngach réimse curaclaim. Féachfar air seo i gcomhthéacs an Phlean Forfheidhmithe.

Tá Mol Eorpach don Oideachas Digiteach á fhorbairt ag an gCoimisiún Eorpach, lena nascfar tionscnaimh agus gníomhaithe náisiúnta agus réigiúnacha san oideachas digiteach agus lena dtacófar le comhar tras-earnála agus modhann nua chun ábhar foghlama digití a mhalartú. Bheidh sé seo éasca le rochtain agus beidh sé ina thaisclann úsáideach d'eolas chun tacú leis an bhforbairt ar thacair scileanna digiteacha mhúinteoirí na hÉireann ag teacht lena gcomhghleacaithe Eorpacha, Feidhmeoidh an Mol freisin mar mheitheal smaointe ag tacú leis an bhforbairt ar bheartas agus cleachtas ar fud na hEorpa.

27 www.scoilnet.ie

## 1.10. Pleanáil don Saol Digiteach agus an Creat Foghlama Digití

Leis an Straitéis seo leanfar de phleánail gníomh éifeachtach a chur chun cinn ar leibhéal na scoile uile agus é mar aidhm teicneolaíochtaí digiteacha a leabú i gcleachtais aonair ar fud na scoile agus le pleanáil a chur i gcrích mar chuid de phróiseas comhairleach. Ba chóir an próiseas seo a chur i gcrích le páirtithe leasmhara ábhartha uile na scoile lena n-áirítear múinteoirí, foghlaimeoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus Boird Bhainistíochta, le naisc bhríomhara idir an phleanáil dhigiteach agus réimsí tosaíochta a aithnítear d'fheabhsúchán scoile ag baint úsáid as an bpróiseas FMS.

Rud a bhain go sonrach le comhthéacs na hÉireann agus a bhí ina phríomhthaca a cuireadh ar fáil faoin straitéis roimhe ab ea an fhorbairt ar an gCreat Foghlama Digití (CFD)[28]. Toradh is ea é ar ghlacadh agus logánú an Chreat Inniúlachta TFC UNESCO agus bhí sé bunaithe freisin ar Creat Eorpacha agus Idirnáisiúnta eile don Inniúlacht Dhigiteach, Tá sé ailínithe go dlúth leis an bpróiseas FMS agus leis na caighdeáin agus ráitis laistigh de "Ag Breathnú ar an Scoil Againne"[29].

Leis an CFD cuirtear tagairt chomónta ar fáil le tuairisceoirí ar inniúlacht dhigiteach do mhúinteoirí agus ceannairí scoile, ag cur cuir chuige nuálaíocha oideolaíochta chun cinn ina leabaítear úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha. Deirtear ann gur chóir go mbeadh an feabhsú ar cháilíocht fhoghlaim na scoláirí ina phríomhthiománaí ar theagasc, foghlaim agus measúnú. Bunaithe ar phrionsabail thógachaíocha, tacaíonn an creat le hoideachas ardchaighdeáin a chuidiú le teicneolaíochtaí digiteacha a chothaíonn rannpháirtíocht



[28] https://www.dlplanning.ie/
[29] https://www.gov.ie/en/publication/743565-looking-at-our-school-2016/

ghníomhach na bhfoghlaimeoirí agus rannpháirtíocht i raon leathan de ghníomhaíochtaí foghlama.

De ghnáth, cuireann an CFD, arna thacú le treoirlínte cuimsitheacha don Phlean Foghlama Digití, struchtúr do scoileanna agus múinteoirí chun tacú leo an teicneolaíocht dhigiteach a leabú sa teagasc, foghlaim agus measúnú agus treoir chun Plean Foghlama Digití (PFD) a fhorbairt chun an freastal is fearr a dhéanamh ar riachtanais a scoileanna. Sa PFD tugtar cur síos ar fhís na scoile dá n-úsáid as teicneolaíochtaí foghlama digití trí chur síos a thabhairt ar an staid i dtaca leis an bhfoghlaim dhigiteach sa scoil agus cur sío ar an gcaoi ina ndéanfar cleachtais foghlama a fheabhsú thar thréimhse ama shonraithe le spriocanna gaolmhara. Tá an CFD ina phríomhthaca pleanála sa phróiseas seo agus tá sé bunaithe ar ráitis faoi chleachtas éifeachtach agus ardéifeachtach a thugann cur síos ar inniúlacht dhigiteach do cheannairí scoile agus múinteoirí agus tá eolas agus treoir leathan ar fáil faoin bpróiseas pleanála seo.[30]

Sa phróiseas comhairliúcháin aithníodh go bhfuil Pleananna Foghlama Digití ag formhór mór na scoileanna. Ach mheas roinnt go raibh an CFD ródhoiléir in áiteanna, nach raibh sé in oiriúint don úsáideoir agus go bhfuil gá le ham breise chun é a fhorbairt agus a mheas i gceart. Moladh go mbeadh tuilleadh treorach ann freisin lena chinntiú go mbeadh tuiscint níos caighdeánaí ann ar cad is brí le cleachtas éifeachtach agus a bhforfheidhmiú praiticiúil a léiriú.

Faoi láthair tá an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) ag gabháil do mheastóireacht fhadaimseartha ar an CFD agus a thionchar ar scoileanna[31] agus déanfaidh an Roinn machnamh ar an toradh air seo in éineacht leis na tuairimí a luadh sa phróiseas comhairliúcháin i dtaca le mioncheageartú riachtanach ar an CFD.

Déanfar machnamh ar thuilleadh acmhainní freisin chun tacú leis an bhforbairt ar uirlisí simplí féinmheasúnaithe, i gcomhréir leis an bpróiseas FMS, chun ligean do scoileanna féinmheastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn le cur i bhfeidhm a bPleananna Foghlama Digití agus moltaí a sholáthar nuair is gá.
Is éard atá i SELFIE[32] (Féinmhachnamh ar Fhoghlaim Éifeachtach trí Úsáid na dTeicneolaíochtaí Oideachais Nuálaíocha a Chothú) an AE ná uirlis ar líne shaor in aisce a dearadh chun cuidiú le scoileanna pleanáil do leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú agus tá bonn láidir taighde leis. Féadfaidh sé cuidiú leis an bhFoireann Foghlama Digití i scoil cleachtais reatha na scoile a aithint i dtaca leis an bhfoghlaim dhigiteach agus a úsáid in éineacht leis an CFD.

Idir an dá linn, uirlis eile ar líne is ea SELFIEforTeachers[33] a d'fhorbair an AE, a chuidíonn le múinteoirí athmhachnamh ar an gcaoi ina bhfuil siad ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha ina gcleachtas gairmiúil agus is féidir é a úsáid ag an bhfoireann Foghlama Digití agus ag múinteoirí aonair chun riachtanais foghlama aonair a aithint i dtaca le teicneolaíochtaí digiteacha. Bhí Éire ar cheann de chúig thír AE inar rinneadh tástáil phíolótach air seo in 2021 agus bhí an t-aiseolas an-dearfach agus mheas múinteoirí go raibh an uirlis an-luachmhar agus ábhartha dóibh.
Déanfar machnamh ar úsáid níos leithne de na huirlisí AE seo i gcóras na hÉireann, in éineacht leis an CFD, chun tacú le scoileanna ina bpleanáil dhigiteach.

30 https://www.dlplanning.ie/
31 https://www.erc.ie/2021/12/15/erc-published-infographic-on-the-wave-1-results-of-its-longitudinal-evaluation-of-the-digital-learning-framework-dlf/
32 https://education.ec.europa.eu/self-reflection-tools/schools-go-digital
33 https://educators-go-digital.jrc.ec.europa.eu/



## 1.11 Inniúlacht Dhigiteach/Scileanna Digiteacha

Bhí éileamh láidir thar na gnéithe uile sa phróiseas leathan comhairliúcháin ar chaighdeán íosta de scileanna digiteacha nó creat inniúlachta digití do mhúinteoirí agus foghlaimeoirí araon, ag cinntiú go mbeidh bonn maith ann i mbunscileanna digiteacha do na foghlaimeoirí go léir agus tuiscint ar an saol digiteach. Leis an CFD, mar a luaitear thuas, cuirtear tagairt chomónta ar fáil le tuairisceoirí ar inniúlacht dhigiteach do múinteoirí agus ceannairí scoileanna chun cuir chuige nuálaíocha oideolaíochta a sholáthar lena leabaítear úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus is féidir a úsáid mar uirlis sa phróiseas seo.

Baineadh úsáid as na téarmaí inniúlacht dhigiteach agus scileanna digiteacha mar idirmhalartuithe le linn an phróisis chomhairliúcháin. Sa Tuairisc Bonnlíne scrúdaítear é seo ar bhealach níos mionsonraí agus tá sé beartaithe leis an Straitéis seo scrúdú, forbairt agus comhaontú a dhéanamh, le linn an Phlean Forfheidhmithe, faoi thuiscint shoiléir gan athbhrí ar cad is brí leis na téarmaí sin, rud a chuideoidh ansin le tuiscint chomhsheasmhach agus forbairt ar cad is brí leis na téarmaí seo ar fud an chórais scolaíochta.

Le DEAP an AE cuirtear forbairt scileanna agus inniúlachtaí digiteacha mar cheann dá dhá thosaíocht straitéiseach. Tá fianaise shoiléir ar an ngá le tacú leis an inniúlacht dhigiteach in aosaigh agus daoine óga le 44% de shaoránaigh AE nach bhfuil leibhéal ard go leor de scileanna digiteacha acu, agus Éire beagán os cionn meán an AE ag 46%[34]. Leis an Straitéis seo cuideofar agus tacófar leis an bhforbairt ar Straitéis nua Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití do na foghlaimeoirí go léir ó leibhéil na luathbhlianta, na bunscoile agus na hiar-bhunscoile, a fhéachann le diongbháilteacht an Rialtais a chomhlíonadh go bhfágfaidh na daoine óga go léir an scoil leis na scileanna digiteacha atá de dhíth don saol laethúil agus staidéir bhreise.

Chomh maith leis seo, i gcreat an Choimisiúin Eorpaigh, Creat d'Inniúlacht Dhigiteach Oideoirí (DigCompEdu)[35] tugtar cur síos ar cad a chiallaíonn sé d'oideoirí a bheith cumasach go digiteach cumasach agus chuaigh sé i gcion ar fhorbairt an CFD. Cuirtear creat tagartha ginearálta ann chun tacú leis an bhforbairt ar inniúlachtaí digiteacha atá sonrach don oideoir san Eoraip. Tá DigCompEdu dírithe ar oideoirí ag

[34] https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/desi
[35] https://ec.europa.eu/jrc/en/digcompedu




gach leibhéal san oideachas, ón luathóige go dtí ardoideachas agus oideachas aosach, lena n-áirítear oideachas agus oiliúint ginearálta agus gairme, oideachas do riachtanais speisialta, agus comhthéacsanna foghlama neamhfhoirmiúla.

Tá múinteoirí ar fud an chórais ar leibhéil éagsúla den inniúlacht dhigiteach ach ba chóir do na múinteoirí uile an t-eolas agus na scileanna riachtanacha a bheith acu chun teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú agus a leabú go héifeachtach ina gcleachtas, ag baint úsáid as na tacaí agus na hacmhainní atá ar fáil. Admhaítear go bhfuil úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha laistigh de shaol na bhfoghlaimeoirí agus na n-oideoirí de shíor ag forbairt agus uileláithreach freisin. Mar sin, tá sé tábhachtach do mhúinteoirí, leis an tacaíocht riachtanach, a n-inniúlacht a fhorbairt sa réimse seo i gcomhréir le treochtaí agus riachtanais atá ag teacht chun cinn d'fhonn cumas iomlán na dteicneolaíochtaí digiteacha a bhaint amach chun tacaíocht agus feabhsú a dhéanamh ar chleachtais teagaisc, foghlama agus measúnaithe agus chun an t-eispéireas foghlama is cothroime le dáta a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí. Is féidir le huirlisí féinmhachnamhacha ar nós DigCompEdu, EU SELFIE agus SELFIEforTeachers cuidiú le múinteoirí agus ceannairí scoile réimsí forbartha a aithint go héifeachtach.

Déanfaidh an Roinn, in éineacht lena chomhpháirtithe, machnamh ar na tacaí breise atá de dhíth chun cuidiú le múinteoirí a scileanna digiteacha a fhorbairt agus déanfaidh siad scrúdú, i gcomhair agus comhaontú le páirtithe leasmhara ábhartha, ar réimse na hinniúlachta digití/scileanna digiteacha do mhúinteoirí agus foghlaimeoirí le sainmhínithe comhaontaithe.

## 1.12 Curaclam

"leag an ECFE béim ar an ngá don chóras scolaíochta daoine óga a ullmhú, a chuireann ar a gcumas dul in oiriúint d'athruithe i margadh an tsaothair, agus a bheith ina saoránaigh oilte agus freagracha. Leagtar béim ar an tairbhe a ghabhann le comhtháthú níos mó ar scileanna digiteacha sa rang, agus cleachtais teagaisc ghaolmhara. Sa churaclam Curaclam ón luathóige go dtí an tsraith shinsearach tugtar neart deiseanna don fhorbairt ar scileanna digiteacha agus litearthacht dhigiteach. Tá athchóiriú ar an gcuraclam ar bun cheana, rud a chinnteoidh go bhfeisteofar ár ndaoine óga leis na scileanna agus litearthacht dhigiteach chun páirt iomlána a ghlacadh sa tscocha".

Mar a luaitear in *Harnessing Digital: The Digital Ireland Framework*,[36] is príomhthiománaí úsáid na teicneolaíochta digití i scoileanna é a chomhtháthú sa churaclam, mar a luaitear i dTuairisc Comhairliúcháin an Fhócasghrúpa. Tá dul chun cinn suntasach déanta as fud an an churaclaim faoi Straitéis le roinnt samplaí lena n-áirítear:

- sna sonrúcháin curaclaim nua agus athchóirithe go léir anois áiritear ráitis shoiléire a dhíríonn ar an bhforbairt ar scileanna foghlama digiteacha,
- Curaclam Teangacha Bunscoile a thabhairt isteach ina leabaítear an litearthacht dhigiteach ar fud a dtorthaí foghlama,
- gearrchúrsaí digiteacha sonracha a thabhairt isteach sa tsraith shóisearach chomh maith le leabú scileanna agus inniúlachtaí digiteacha ar fud na n-ábhar go léir sa tsraith shóisearach, agus
- an Ríomheolaíocht a thabhairt isteach sa tsraith shinsearach.

Le Curaclam Teangacha nua na Bunscoile (2019)[37] cuirtear an litearthacht dhigiteach chun cinn mar ghné thábhachtach d'fhoghlaom leanaí sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. San fhorbairt ar churaclam matamaitice nua na bunscoile freisin cuirtear forbairtí sa teicneolaíocht dhigiteach san áireamh agus beidh cuir chuige ann a bhaineann leis an smaointeoireacht ríomhaireachta atá leabaithe sa churaclam.

Sa Dréacht-Chreat de Churaclam na Bunscoile (2020) a bhfuil comhairliúchán leathan á dhéanamh air tráth a scríofa seo, deirtear go bhfuil "bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach' ar cheann de na seacht bpríomhinniúlachtaí atá ceaptha le bheith leabaithe i dtorthaí foghlama ar fud na réimsí curaclaim agus ábhar go léir ó naíonáin shóisearacha go rang a sé. Sa dréacht-chreat seo freisin moltar go mbeadh an teicneolaíocht dhigiteach ina chuid de réimse curaclaim na Matamaitice, na hEolaíochta agus na Teicneolaíochta, a fhéachann le leanaí a chumasú le bheith ina saoránaigh dhigiteacha ghníomhacha agus forbairt a dhéanamh ar a n-úsáid fhreagrach, shábháilte agus eiticiúil as teicneolaíochta digití.

Mhair an Tionscnamh don Chódú i mBunscoileanna ó 2017-2019 agus chinn an tuarascáil dheiridh[38] gur chóir códú agu smaointeoireacht ríomhaireachta ar leibhéal na bunscoile a chomhtháthú ar fud an churaclaim chomh maith le spás follasach a chruthú chun cuidiú le teagasc agus foghlaim na mbunscileanna atá de dhíth. Tá machnamh á dhéanamh ar choincheap an chódaithe agus na smaointeoireachta ríomhaireachta laistigh de churaclam na bunscoile laistigh de chomhthéacs an athbhreithnithe agus na hathfhorbartha níos leithne ar churaclam iomlán na bunscoile.

Ar leibhéal na hiar-bhunscoile, tacaíonn an Creat don tSraith Shóisearach leis an bhforbairt chéimneach ar scileanna digiteacha trí na hocht

36 https://www.gov.ie/en/publication/adf42-harnessing-digital-the-digital-ireland-framework/
37 https://www.curriculumonline.ie/Primary/Curriculum-Areas/Primary-Language/
38 https://ncca.ie/media/4155/primary-coding_final-report-on-the-coding-in-primary-schools-initiative.pdf



bpríomhscil, agus cuireann sonrúcháin ábhair agus gearrchúrsaí deiseanna ar fáil d'fhoghlaimeoirí raon de scileanna digiteacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Féadfaidh scoileanna freisin roghnú gearrchúrsaí a thairiscint do scoláirí i réimsí amhail códú agus litearthacht sna meáin dhigiteacha.
Tugadh an t-ábhar Ríomheolaíocht san Ardteistiméireacht isteach ar dtús i roinnt scoileanna píolótacha in 2018 agus tá sé ar fáil go náisiúnta mar ábhar roghnach don tsraith shinsearach ó Mheán Fómhair 2020. Léirigh aiseolas ón gcomhairliúchán go raibh éileamh ann go méadófaí ar líon na scoileanna atá á thairiscint faoi láthair sa chaoi is go mbeidh an deis ag níos mó foghlaimeoirí staidéar a dhéanamh ar an Ríomheolaíocht.

Sa tsraith shinsearach tá úsáid na teicneolaíochta digití ina ghné thábhachtach de neart d'ábhair na hArdteistiméireachta lena n-áirítear Grafaic Dheartha agus Chumarsáide agus na Modúil Nasctha i nGairmchlár na hArdteistiméireachta. Tugann scoláirí uile na hArdteistiméireachta Feidhmí faoi mhodúil éigeantach a athchóiríodh le déanaí ar Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide.

Leanfaidh an Straitéis de thacú leis na forbairtí uile i gcuraclam na bunscoile, na sraithe sóisearaí agus na sraithe sinsearaí leis an aidhm fhoriomlán go mbeidh an teicneolaíocht dhigiteach ina chuid lárnach den teagasc, foghlaim agus measúnú i ngach seomra ranga agus i ngach ábhar. Leanann an cuspóir go mbeidh teicneolaíochtaí agus deiseanna digiteacha don fhorbairt ar raon leathan de scileanna digiteacha leabaithe thar chontanam an oideachais mar a mholtar i samhail ECFE (2020) de chuspóirí curaclaim[39].

### 1.13 Measúnú

Mar a luadh sa Tuairisc Bonnlíne, sa phróiseas comhairliúcháin aibhsíodh an dul chun cinn a rinneadh i leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus foghlaim ar fud bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna. Áirítear leis seo úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na n-ardán ar líne chun tacú le measúnú leanúnach agus foirmitheach, go háirithe nuair is féidir leis an teicneolaíocht aiseolas níos mionsonraí agus níos láithrí a cheadú. Tá fás tagtha ar úsáid na bpunann digiteach sa teagasc agus foghlaim freisin, a chuireann ardán ar fáil don fhoghlaim atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir, go háirithe particularly sa tsraith shóisearach agus san Idirbhliain.
Aibhsíodh sa chomhairliúchán mar a úsáidtear an teicneolaíocht go forleathan ag scoláirí mar chuid dá Modúil Rang-Bhunaithe (CBA) don tsraith shóisearach, chun taighde, bainistiú, cur i láthair agus athmhachnamh a dhéanamh ar a bhfoghlaim, rud a léiríonn cumas na teicneolaíochta chun feabhas a chur ar mheasúnú.
Leagfaidh an Roinn agus a sheirbhísí tacaíochta béim athnuaite ar thuilleadh scóipeála a dhéanamh ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha chun tacú le measúnú leanúnach lena n-áirítear tuilleadh deiseanna d'fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí agus aibhsiú ar shamplaí den chleachtas éifeachtach ó scoileanna ar fud na tíre. Déanfar cumas na teicneolaíochta chun feabhas a chur ar mheasúnú suimitheach a mheas laistigh de shaol na Straitéise le scrúdú breise ar an gcaoi ina bhféadfadh teicneolaíochtaí digiteacha tacaíocht agus feabhas a chur ar an measúnú sumitheach i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna mar chuid den athchóiriú agus athfhorbairt curaclaim faoi láthair agus sa todhchaí.

[39] Organisation for Economic Co-operation and Development. (2020). What Students Learn Matters: Towards a 21st Century Curriculum, OECD Publishing, Paris, https://doi.org/10.1787/d86d4d9a-en

# COLÚN 2

# Bonneagar Teicneolaíochta Digití



## 2.1. Réamhrá agus cúlra

Rinneadh infheistíocht shuntasach ar thógáil bhonneagar na teicneolaíochta digití faoin Straitéis Dhigiteach roimhe agus ní mór an dul chun cinn a rinneadh ar leibhéal na scoileanna sa dul chun cinn ar an bhforfheidhmiú a admháil. Leanfar den mhóiminteam seo trí infheistíocht leanúnach chun tacú le bonneagar feabhsaithe teicneolaíochta digití i scoileanna agus chun acmhainneacht a fhorbairt d'éiceachóras oideachais dhigitigh atá ag feidhmiú, á threorú ag na cuir chuige beartais a luaitear sa Straitéis seo.

Sa chomhthéacs sin, beidh an Straitéis seo ailínithe, mar is cuí, le DEAP an AE 2021-2027 agus go háirithe lena Thosaíocht Straitéiseach 1: *Ag cuidiú le héiceachóras oideachais dhigitigh ardfheidhmíochta a fhorbairt*, ina liostaítear bonneagar, nascacht agus trealamh digiteach mar riachtanais chun seachadadh ar an tosaíocht seo. Leis an Straitéis Dhigiteach seo do Scoileanna féachfar le héiceachóras oideachais dhigitigh adfheidhmíochta a bhaint amach i scoileanna na hÉireann, bunaithe ar an bpróiseas comhairliúcháin, agus an fhorbairt leanúnach ar an teicneolaíocht san oideachas lena n-áirítear teicneolaíochtaí atá nua agus ag teacht chun cinn.

Do chúiseanna na Straitéise seo cuimsíonn an teicneolaíocht dhigiteach teicneolaíochtaí a úsáidtear i suíomhanna oideachais do chúiseanna teagaisc, foghlama agus measúnaithe. Féadfaidh siad seo na nithe seo a áireamh, gan a bheith teoranta dóibh:

- Gléasanna ríomhaireachta, líonrú/Wi-Fi, teilgeoirí agus painéil idirghníomhacha (ar a dtugtar crua-earraí nó trealamh, uaireanta).
- Bogearraí oideachais amhail ardáin agus aipeanna foghlama digiteacha lena n-áirítear iad sin chun forbairt a dhéanamh ar smaointeoireacht ríomhaireachta, códú, litearthacht agus mar sin de.
- Teicneolaíochtaí chun tacú le hionchuimsiú agus foghlaim idirdhealaithe lena n-áirítear richtain ar an gcuraclam.
- Seirbhísí tacú le gníomhaíochtaí éagsúla lena n-áirítear riarachán scoileanna.

Sa Cholún áirítear nascacht (idir sheirbhísí leathanbhanda do scoileanna agus bonneagar líonra laistigh de scoileanna), tacaíocht theicniuil agus soláthar na comhairle maidir le saincheisteanna bonneagair dhigitigh.



## Colún 2 Cuspóirí

- **Meicníochtaí maoinithe inbhuanaithe a bhunú do cheannach agus cothabháil bhnneagar na teicneolaíochta digití bonneagar i scoileanna.**
- **Freastal ar na riachtanais do na bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta go léir chun teicneolaíochtaí digiteacha a leabú ina dteagasc, foghlaim agus measúnú tríd an nascacht leathanbhanda chuí a sholáthar.**
- **Treoir agus comhairle a sholáthar maidir le húsáid fhónta agus éifeachtach de bhonneagar na teicneolaíochta digití chun tacú le leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú.**
- **Taighde a dhéanamh ar na réitigh don tacaíocht theicniuil atá in oiriúint agus inrochtana do na scoileanna uile agus iad a bhunú agus a chur ar fáil**
- **Meicníochtaí soláthair a chur ar fáil do scoileanna, trí obair leis na páirtithe leasmhara ábhartha, le treoir agus tacaíocht atá cuimsitheach agus éasca le húsáid lena n-áirítear maidir le soláthar, conas na meicníochtaí seo a rochtain, a chuideoidh le scoileanna sa cheannach de threalamh agus seirbhísí atá ailínithe leis an bpleanáil don fhoghlaim dhigiteach.**

### 2.2 Tosaíochtaí d’fhorfheidhmiú

Aithnítear sa Straitéis go bhfuil gá ag scoileanna le bonneagar teicneolaíochta digitigh atá láidir agus iontaofa d’fhonn teicneolaíochtaí digiteacha a leabú go héifeachtach sna gnéithe uile de shaol na scoile. Chun uasmhéadú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhonneagar sin agus a chinntiú go mbeidh éifeachtúlacht i leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú, is léir ón gcomhairliúchán go n-áirítear leis na príomhriachtanais do scoileanna tiomantas don mhaoiniú agus réitigh chuí don tacaíocht theicniuil.

### 2.3 Maoiniú do bhonneagar Teicneolaíochta Digití

Le linn an phróisis chomhairliúcháin aithníodh go raibh an maoiniú deontais €210m a eisíodh faoin Straitéis roimhe ina ghné thábhachtach ag tacú le scoileanna a bPleananna Foghlama Digití a chur i bhfeidhm agus an teicneolaíocht dhigiteach a leabú ar fud an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe. Eisíodh an maoiniú seo go díreach chuig scoileanna toisc gurb iad is fearr a chinnfidh a riachtanais bonneagair féin. Táthar ag súil go gcuirfidh scoileanna Pleananna Foghlama Digití (PFDann) ar bun agus go mbeidh a gcaiteachas deontais TFC ailínithe acu lena PFDanna. In éineacht le gach sciar den mhaoiniú bhí imlitir don Scéim chun tacaíocht agus comhairle a chur ar scoileanna maidir le critéir agus rialacha na scéime. Fuair scoileanna DEIS leithdháileadh breise faoin scéim deontais TFC mar aitheantas ar na dúshláin bhreise chun tacú leis na foghlaimeoirí sin is mó atá i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais.

Tá tiomantas ann do €200m breise san infheistíocht chaipitiúil feadh saolré na Straitéise seo faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2030. Leanfaidh ceannairí scoile, faoi threoir óna bhfoirne Foghlama Digití, den neamhspleáchas agus solúbthacht a bheith acu i dtaca leis an gcaoi ina ndéanfaidh siad an maoiniú seo a infheistiú, i bhfianaise an chomhthéacs ar leith atá ag gach scoil. Ba chóir go leanfaí den chaiteachas a ailíniú le haidhmeanna agus cuspóirí aitheanta na bpróiseas PFD agus FMS.

Sa phróiseas comhairliúcháin bhí éileamh ar thuilleadh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí a d’fhéadfadh a

bheith i mbaol an mhíbhuntáiste oideachais mar thoradh ar an mbearna dhigiteach. D'éirigh sé seo i bhfad níos soiléire le linn na dtréimhsí sin inar dúnadh scoileanna mar thoradh ar COVID-19. Chomh maith leis an deontas ginearálta TFC do scoileanna, tugadh €50m i maoiniú aonuaire faoi Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta (PNAT) na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag an maoiniú sin tacú le scoileanna aghaidh a thabhairt ar an imní seo agus eisíodh go scoileanna é i mí na Nollag 2021.[40]

Tabharfaidh cinntí breise i dtaca le maoiniú aird ar bhuarthaí a luadh le linn an phróisis chomhairliúcháin ina raibh na nithe seo san áireamh:

- Beidh gá ag scoileanna le maoiniú leanúnach ar bhonn bliantúil, agus cinnteacht maidir le minicíocht na n-íocaíochtaí agus na suimeanna a bheidh i gceist, chun soláthar a dhéanamh d'athbhunú agus uasghrádú bonneagair, infheistíocht i dteicneolaíochtaí nua mar is cuí, agus cothabháil agus tacaíocht.
- Chun uasnhéadú a dhéanamh ar thionchar an mhaoinithe chun teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, foghlaim agus measúnú, tá gá le raon leathan iomlánaíoch de thacaí. Áirítear leis na tacaí seo ailíniú le pleanáil don fhoghlaim dhigiteach, comhairle ó shaineolaithe maidir leis an teicneolaíocht, tacaíocht theicniuil agus soláthar lena n-áirítear leathnú ar raon an bhonneagair a sholáthraítear trí chreataí soláthar ar féidir rochtain níos éasca a fháil orthu.

Mar chuid den bhforfheidhmiú ar an straitéis féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú, i gcomhréir le fáil agus riachtanais maoinithe an státchiste, d'fhonn a chinntiú go mbeidh na leithdháiltí maoinithe iomchuí chun freastal ar riachtanais na mbunscoileanna, na n-iar-bhunscoileanna agus na scoileanna speisialta.

## 2.4 Leathanbhanda – Clár Leathanbhanda do Scoileanna

Le rochtain ar leathanbhanda ardluais cuirtear ar chumas scoileanna úsáid a bhaint as acmhainní ar líne sa fíoram chun tacú le gníomhaíochtaí foghlama agus úsáid a bhaint as ardáin foghlama digití agus seirbhísí néalbhunaithe. Ardaíodh an tábhacht atá leis an nascacht chuí ar fud an phróisis chomhairliúcháin.

Cuiditheoir tábhachtach chun seirbhísí a chur chun cinn i scoileanna sa Straitéis Dhigiteach náisiúnta a foilsíodh le déanaí, *Harnessing Digital– The Digital Ireland Framework*, is ea an tiomantas do nascacht dhigiteach atá slán, ar ardchaighdeán agus uilíoch. Mar a leagtar amach sa chreat, chun é seo a bhaint amach

> "seachadadh na nascachta chuig na suíomhanna tuaithe is iargúlta ar fad; cuidiú le ceangal na líonraí náisiúnta, mar shampla leabharlanna, chuig Pointí Nasctha Leathanbhanda agus Moil Nasctha; agus tacú leis an bhforbairt ar líonraí de mhoil nuálaíochta réigiúnacha".

Tá an tiomantas seo do leathanbhanda ardluais ar fud na tíre suntasach i dtéarmaí a chinntiú go seasfaidh seirbhísí leathanbhanda ardluais do scoileanna an aimsir.

Faoi láthair, cuirtear luais íosta nascachta 200 Mbps chuig na hiar-bhunscoileanna go léir, agus chuig thart ar 58 scoil speisialta a chuireann cláir iar-bhunscoile ar fáil, agus nuair a léiríonn an úsáid i scoil go bhfuil gá acu le leibhéal nascachta níos airde, cuirtear é seo ar bun, le roinnt scoileanna ar luais chomh hard le 1Gbps cheana. Cuirtear uasghráduithe sa nascacht ar fáil do scoileanna má léirítear go bhfuil éileamh ar luais ardaithe trí mhonatóireacht ar thuairiscí úsáide.

[40] https://www.gov.ie/en/circular/b4fea-grant-scheme-for-eu-nrrp-funding-to-schools-to-address-the-digital-divide-and-learners-at-risk-of-educational-disadvantage/

Do bhunscoileanna agus fuílleach na scoileanna speisialta, is é beartas na Roinne luais íosta nascachta de 100 Mbps nó níos airde a sholáthar. Ag am an fhoilsithe, tá breis agus leath na mbunscoileanna sa Chlár Leathanbhanda do Scoileanna ar an leibhéal seo de nascacht. I dtaca le fuílleach na mbunscoileanna agus na scoileanna speisialta, tá sé beartaithe, faoi 2023 luath, go gcuirfear nascacht 100 Mbps nó níos airde chuig na scoileanna sin go léir. Bainfear é seo amach tríd an bhforfheidhmiú ar Limistéar Idirghabhála an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (PNL), atá ar bun, taobh le soláthar tráchtála atá beartaithe, agus trí thionscadal faoi stiúir na Roinnr agus arna mhaoiniú ag  Saoráid Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta an AE mar chuid de PNAT na hÉireann.

Beidh an chothabháil agus tógáil ar leibhéil íosta na nascacht a(200 Mbps nó níos airde iar-bhunscoile, 100 Mbps nó níos airde bunscoile) ina phríomhtháirge insoláthartha faoin Straitéis seo agus cuideoidh sé le tuilleadh cothroime rochtana i dtaca leis an nascacht leathanbhanda d'fhonn a chinntiú go mbeidh rochtain ag na scoileanna uile ar sholáthar leathanbhanda ardluais, beag beann ar shuíomh, méid nó earnáil.

De réir mar a chuidíonn tuilleadh feabhsuithe ar sholáthar an bhonneagair leathanbhanda ardluais le luais a sháraíonn na luais íosta a luaitear thuas agus de réir mar a mhéadaítear ar an úsáid bunaithe ar thuairiscí úsáide, cuirfidh an Clár Leathanbhanda do Scoileanna uasghráduithe ar fáil chuig na luais sin ag teacht le hoibleagáidí conartha agus buiséid.

Oibríonn seirbhísí leathanbhanda i scoileanna faoi Chlár Leathanbhanda do Scoileanna de chuid na Roinne agus cuirtear an tacaíocht theicniuil ar an gcéad dul síos tríd an Deasc Seirbhíse Leathanbhanda do Scoileanna, á bhainistiú ag SFGM TsO thar ceann na Roinne. Oibríonn an Deasc Seirbhíse thiomanta seo i ndlúthchomhar le hoibreoirí an Líonra Scoileanna, HEAnet (Líonra Náisiúnta Oideachais agus Taighde na hÉireann), agus soláthraithe seirbhise chun tacú leis na gnéithe uile de chlár Leathanbhanda na Scoileanna. Tá tacaíocht do scoileanna tríd Dheasc Seirbhíse na Seirbhíse Leathanbhanda do Scoileanna ina comhpháirt thábhachtach den Chlár Leathanbhanda do Scoileanna agus leanfar dá sholáthar agus dá fhorbairt de réir mar is gá ag an Roinn.






## 2.5. WiFi i Scoileanna

Aibhsíodh an tábhacht atá le WiFi láidir atá in oiriúint don chúis i scoileanna mar thosaíocht leanúnach le linn an chomhairliúcháin. Ardaíodh é seo ag roinnt de na rannpháirtithe sna fócasghrúpaí mar chuiditheoir tábhachtach chun acmhainneacht dhigiteach scoileanna a fhorbairt. Chun tairbhe iomlán a bhaint as soláthar na nascachta leathanbhanda ardluais, tá sé tábhachtach go mbeidh an cumas ag WiFi i scoileanna soláthar a dhéanamh d'úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú, lena n-áirítear acmhainní ar líne a rochtain agus uirlisí agus ardáin foghlama néalbhunaithe a úsáid ar fud na scoile.

Le linn tréimhse na Straitéise seo, oibreoidh an Roinn agus SFGM TsO i ndlúthchomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), an tAonad Soláthair Scoileanna (SPU), an tSeirbhís Soláthair Oideachais (SSO) agus Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) agus páirtithe leasmhara eile de réir mar is gá, chun meicníocht soláthair chuí a chur ar bun do scoileanna.
Infheistíocht bonneagair is ea WiFi a d'fhéadfadh a bheith costasach, agus mar sin tá sé go gcuirtear réitigh ar fáil do scoileanna a léiríonn an luach is fearr, atá oiriúnach don fheidhm, inscálaithe agus inrochtana. Chomhoibrigh SFGM TsO le hAonad Pleanála agus Tógála na Roinne ar cháipéisí do Threoir Theicniúil maidir le sonrúcháin faoi chablaí agus a leithéid a chur san áireamh i bhfoirgnimh scoile chun bonneagar leathanbhanda a chur ar fáil. Tugtar comhairle agus treoir do scoileanna freisin sa mhachnamh ar bhonneagar cuí WiFi agus déanfar athbhreithniú agus nuashonrú air seo de réir mar is cuí chun leanúint den tacú le scoileanna, go háirithe na scoileanna sin nach mbeidh an saineolas acu, b'fhéidir, chun na sonrúcháin theicniúla chuí agus costais réasúnta a chinneadh go hiomlán.

## 2.6. Tacaíocht Theicniúil

Luadh an tacaíocht theicniúil go rialta ar fud an chórais mar chuiditheoir tábhachtach don rannpháirtíocht iomlán sa leabú ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú. Luaitear sa tuairisc *Digital Education at School in Europe*

> "... léiríonn an 2ú Suirbhé ar Scoileanna ar TFC (Coimisiún Eorpach, 2019, lch. 48) go bhfuil easpa na hoideolaíochta agus na tacaíochta teicniula ar cheann de na bacanna is tábhachtaí a bhíonn roimh mhúinteoirí in úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha." [41]

San aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin don bhforbairt ar an Straitéis seo aibhsítear go bhfuil tacaíocht theicniuil ar cheann de na príomhcheisteanna a ardaítear i dtaca le rannpháirtíocht le teicneolaíochtaí digiteacha agus go mbíonn an-éagsúlacht sna riachtanais ar fud an chórais. Sa tuatascáil meastóireachta náisiúnta fadtéarmach CFD Wave 1[42] fuarthas go bhféachann bunscoileanna beaga tuaithe ar rochtain ar thacaíocht theicniuil mar bhac mór i gcomparáid le scoileanna níos mó, idir scoileanna tuaithe agus scoileanna cathrach. In anailís bhreise scrúdaíodh modh na tacaíochta teicniula (inmheánnach, seachtrach, meascán), líon na scoláirí cláraithe sa scoil, agus an éifeachtacht a measadh a bhí ag an tacaíocht theicniuil. Thug an anailís seo le tuiscint go raibh se de nós ag na scoileanna níos lú ar fad modhanna de thacaíocht theicniúil a bhí inmheánach go hiomlán nó measctha, ach go raibh sé de nós ag na scoileanna níos mó modhanna seachtracha nó measctha a bheith acu. Ina theannta sin, nuair a bhíonn modh na tacaíochta teicniula iomlán inmheánach internal, bíonn an éifeachtúlacht mheasta níos lú go mór ná mar a bhíonn le soláthar atá iomlán seachtrach nó measctha.

Is léir ó na gnéithe uile den phróiseas comhairliúcháin forleathan nach bhfuil an soláthar de thacaíocht theicniuil ardchaighdeáin comhsheasmhach agus go bhfanann sé ina fhadhb shuntasach do scoileanna toisc go bhfuil sé costasach í thaobh airgid agus ama de. Faoi láthair glacann scoileanna cuir chuige éagsúla, le cuid acu ag fostú soláthraithe tráchtála áitiúla ar bhonn bliantúil ar tháille, ach bíonn cinn eile ag brath ar bhaill foirne sa scoil do shaincheisteanná áirithe tacaíochta teicniula. Is léir nach bhfuil sé inbhuanaithe bheith ag brath go hiomlán ar mhúinteoirí aonair a mheastar a bheith "go maith" leis an teicneolaíocht.

Go deimhin, i bhfianaise na bpróifíle éagsúla a bhíonn ag scoileanna agus na guthanna cloiseadh le linn an phróisis chomhairliúcháin, is léir nach bhfuil aon réiteach amháin ar an ábhar casta seo. Mar sin, tá sé ríthábhachtach, is cuma cén réiteach a shroichfear, go mbeidh sé ar ardchaighdeán, ábhartha, tráthúil agus cost-éifeachtúil. Cun é seo a bhaint amach is léir nach mór machnamh a dhéanamh ar thacar roghanna. Áireofar leo sin:

- Painéil réigiúnda a bhunú de sholáthraithe ceadaithe atá ábalta an tacaíocht theicniuil agus comhairle riachtanach a sholáthar do scoileanna. Mar thoradh ar seo bheadh scoileanna ábalta rochtain a fháil ar an tacaíocht agus comhairle ábhartha in am trátha.
- An fhéidearthacht d'acmhainn lárnach ardchaighdeáin don tacaíocht theicniuil agus cothabháil mar cuspóir níos fadtéarma.
- An cumas do scoileanna níos lú le braislí a bhunú chun rochtain a fháil ar sholáthraithe tacaíochta teicniula ar bhealach níos cost-éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Tá sé seo á mheas i gcomhar leis an bhFóram Bunoideachais[43] agus an fhorbairt ar a dtioscadail.

[41] European Education and Culture Executive Agency, Eurydice, Digital education at school in Europe, Publications Office, 2019, https://data.europa.eu/doi/10.2797/66552, lch 94
[42] Educational Research Centre (Feerick, Cosgrove, and Moran, 2021)
[43] https://www.gov.ie/en/organisation-information/d62fc-primary-education-forum/

Beidh sé mar phríomhaidhm ag an Straitéis seo tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar na cuir chuige éagsúla agus i gcomhar le páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear comhairliúchán margaidh de réir mar is gá, réitigh inoibrithe a chur ar bun chun déileáil leis an tacaíocht theicniuil, lena n-áirítear riachtanais maoinithe, go luath san fhorfheidhmiú ar an Straitéis seo. Pléifear é seo níos mionsonraí sa Phlean Forfheidhmithe.

## 2.7 Soláthar

San aiseolas ón bpróiseas comhairliúcháin aibhsítear go leanann an soláthar de bheith ina dhúshlán do scoileanna, a bhfhéadfaí déileáil leis trí mhéadú ar an soláthar de Chreataí do Threalamh, Bogearraí agus Seirbhísí atá níos oiriúnaí do scoileanna. Ba chóir go ndéanfaí na creataí níos éasca le rochtain agus le húsáid freisin. Tríd an gcomhairliúchán, is léir nach mór do creataí dá leithéid soláthar a dhéanamh do raon trealaimh lena n-áirítear ardáin foghlama digití agus bogearraí bainistíochta.

Nuair a bhíonn creataí ar bun, mar shampla an Creat Aonair Soláthraithe do Ríomhairí Deisce agus Ríomhairí Glúine, fáiltítear rompu sin sa chóras. Ach is léir ón bpróiseas comhairliúcháin, den chuid is mó, gur mian le scoileanna neamhspleáchas a choimeád maidir leis an trealamh agus na bogearraí a roghnaíonn said. Measann na scoileanna go bhfuil caidreamh le soláthraithe áitiúla agus tacaíocht uathu an-tábhachtach agus ba mhaith leo iad sin a choinneáil seachas iallach a bheith orthu meicníochtaí lárnach amháin a úsáid.

Bhunaigh an Roinn Bord Cláir don Soláthar Oideachais in 2021 le maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar in earnáil an Oideachais ina hiomláine. Is é an aidhm atá leis athbhreithniú a dhéanamh ar na scoruithe soláthair atá ann cheana agus straitéis soláthair a fhorbairt chun freastal ar na riachtanais ar fud na hearnála, lena n-áirítear bonneagar teicneolaíochta digití.

Áirítear ar an mBord Cláir seo ionadaithe ó phríomhpháirtithe leasmhara agus comhpháirtithe oideachais, chomh maith le ranna agus gníomhaireachtái ábhartha na Roinne.

Leanfaidh an Roinn agus SFGM TsO den obair i ndlúthchomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), an tAonad Soláthair Scoileanna (SPU), an tSeirbhís Soláthair Oideachais (SSO), HEAnet agus na páirtithe leasmhara uile lena chinntiú go ndéanfar dul chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais soláthair na teicneolaíochta digití i scoileanna.

Trí fhorfheidhmiú na Straitéise, leanfaidh soláthar de bheith ina thosaíocht cun meicníochtaí atá in oiriúint don chúis a sholáthar chun an tacaíocht is fearr a thabhairt do scoileanna, lena n-áirítear tríd an mBord Cláir don Soláthar Oideachais.

## 2.8 Comhairle agus tacaíocht maidir le bonneagar agus ceisteanna gaolmhara

### *2.8.1 Pleanáil do Bhonneagar agus Plean Foghlama Digití*

Bhí tuairim láidir ann ar fud an phróisis chomhairliúcháin go bhfuil gá ag scoileanna le tuilleadh treorach agus comhairle maidir le cad iad na teicneolaíochtaí digiteacha is fearr a shásaíonn riachtanais a scoileanna i dtéarmaí a bPleananna Foghlama Digití. Ní gá go mbeadh an saineolas ábhartha agus/nó riachtanach ag ceannairí scoile i gcónaí lena chinneadh cad is fearr a shásóidh a riachtanais agus ba chóir tacaú leo chun na cinntí cearta a dhéanamh dá scoil, múinteoirí agus foghlaimeoirí. Trí thacaíocht agus treoir chuí agus inrochtana a chur ar fáil, féadfar cuidiú le húsáid éifeachtach agus éifeachtúil de theicneolaíochtaí digiteacha sna scoileanna uile agus do na foghlaimeoirí uile.

Taca luachmhar atá ann cheana do scoileanna is ea an fhaisnéis agus treoir theicniúil fhorleathan atá ar fáil trí SFGM TsO, le hacmhainní

suntasacha ar fáil ar líne[44]. Déanfar athbhreithniú ar an soláthar reatha lena chinntiú go bhfuil acmhainneacht a dhóthain amm chun freastal ar riachtanais an chórais scolaíochta i gcomhthéacs na gcuir chuige nua i leith an teagais, na foghlama agus an mheasúnaithe faoin Straitéis seo a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar cheisteanna bonneagair agus tacú le teicneolaíochtaí nua de réir mar a fhorbraítear iad sin agus iad ábhartha don chóras scolaíochta. Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú freisin ar acmhainní reatha de réir mar is gá lena chinntiú go mbeidh rochtain ag scoileanna ar thacar iomlán de chomhairle agus tacaíocht i dtéarmaí cad is fearr a shásaíonn an riachtanais bonneagair faoina bPFDanna.

I ngníomhartha a dhéanfar faoin Straitéis seo freisin, déanfar dul chun cinn le comhairle chun tacú le scoileanna beartais dhigiteacha éagsúla a fhorbairt amhail 'beir leat do ghléas féin' (BYOD), 'gléas ceann le ceann' agus cuir chuige fhéideartha eile, aibhsiú ar phríomhriachtanais agus ceisteanna amhail comhairliúchán leis an bpobal scoile i gcoitinne, rochtain agus tacaíocht do na foghlaimeoirí uile, agus ailíniú lena bPFD.

Tá pleanáil éifeachtach don bhfoghlaim dhigiteach ríthábhachtach lena chinntiú go bhfuil pleanáil chuí á cur ar bun ag scoileanna lena chinntiú go leabaítear úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha. Mar a luadh, ba chóir go mbeadh caiteachas ailínithe leis an bplean seo agus, mar a moladh sna himlitreacha a ghabh leis na leithdháiltí deontais, is féidir maoiniú a úsáid do raon leathan de ghléasanna ríomhaireachta d'fhoghlaimeoirí agus múinteoirí, trealamh closamhairc amhail teilgeoirí digiteacha, agus feidhmchláir bogearraí chun tacú leis an bhfoghlaim. Tá treoir do scoileanna maidir le Pleanáil don bhFoghlaim Dhigiteach agus acmhainní gaolmhara ar fáil ar líne.[45]

De réir mar a fhorbróidh scoileanna a n-acmhainneacht féin tá sé ríthábhachtach go leanfar ag tacú leo agus faoin Straitéis seo samhlaítear go ndéanfar na hacmhainní seo a leathnú agus a nuashonrú chun freastal ar riachtanais atá ag teacht chun cinn i scoileanna. Tabharfar aghaidh ar na saincheisteanna tábhachtacha do scoileanna i dtaca lena bonneagar teicneolaíochta digití a ailíniú lena PFDanna. Cuirfear feabhas ar threoir sa chaoi is go n-áireofar na foghlaimeoirí uile agus go dtacófar leo rochtain a fháil ar theicneolaíochtaí digiteacha de réir a riachtanas. Beidh acmhainní ar bith dá leithéid éasca le húsáid do scoileanna chun tacú le hailíniú an bhonneagair teicneolaíochta digití le pleanáil na scoile don bhfoghlaim dhigiteach.

Féadfaidh go mbeidh gá le bonneagar speisialta le go mbeadh an teicneolaíocht dhigiteach ábalta tacú leis an bhfoghlaim ididhealaithe agus aonair. Beidh an Roinn agus SFGM TsO i gcaidreamh de réir mar is gá le CNOS agus gníomhaireachtaí ábhartha chun comhairle agus meicníochtaí cuí a chur ar fáil chun tacú leis an ionchuimsiú trí úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha.

### *2.8.2 Inbhuanaitheacht Comhshaoil agus Soláthar Glas*

Nuair a bhíonn scoileanna páirteach i gceannach agus úinéireacht leanúnach den bhonneagar teicneolaíochta digití, ní mór aird chuí a bheith ar an gcomhshaol agus ar riachtanais inbhuanaitheachta. Mar chomhlachtí poiblí, nó mór do scoileanna feabhsúcháin a bhaint amach in éifeachtúlacht fuinnimh. D'oibrigh an Roinn agus SFGM TsO le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun acmhainní suntasacha a fhorbairt chun tacú le scoileanna sa réimse seo. Le Energy in Education[46] cuirtear raon de thacaí ar fáil atá deartha chun cuidiú le pobail scoile feabhas a chur ar chleachtais áid fuinnimh, costais oibriúcháin scoile a laghdú agus an comhshaol a chosaint. Áirítear leis seo eolas do scoileanna maidir le ceisteanna ábhartha i dtaca le bonneagar teicneolaíochta digití. Leanfaidh an Roinn agus SFGM TsO ag comhoibriú le ÚFIÉ de réir mar is gá chun tacaí agus acmhainní cuí a chur ar fáil do scoileanna.

[44] https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Technology/
[45] https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Planning/ agus https://www.dlplanning.ie/
[46] http://www.energyineducation.ie/

Is é beartas reatha an Rialtais go gcuirfí Soláthar Poiblí Glas (SPG) i bhfeidhm sna tairiscintí uile faoi 2023. Ciallaíonn sé sin nach mór critéir ghlasa a áireamh i ngach soláthar a bhaineann úsáid as airgead poiblí.

Le déanaí, in 2021, d'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) a cháipéis *Soláthar Poiblí Glas: Treoir don Eatnáil Phoiblí*[47]. Leis an treoir seo agus na critéir a ghabhann leis tacaítear le cleachtais inbhuanaithe agus ghlasa a chur san áireamh i nósanna imeacht soláthair san earnáil phoiblí. Tá siad dírithe go príomha ar cheannaithe na hearnála poiblí sa rialtas lár agus sa rialtas áitiúil, gníomhaireachtaí stáit agus comhlachtaí poiblí eile amhail ollscoileanna, ospidéil, agus scoileanna.

Sa treoir do chitéir don Soláthar Poiblí Glas do Tháirgí agus Seirbhísí TFC cuimsítear soláthar Gléasanna Seasta TFC, Gléasanna Soghluaiste TFC, Lárionaid Sonraí agus an seirbhísí a chuireann siad ar fáil, agus áiseanna nó seirbhísí a shonraíonn úsáid ma dtáirgí sin (lena n-áirítear néalsheirbhísí, iontráil sonraí, dearadh gréasáin, conarthaí cumarsáid soghluaiste etc.).

Agus meicníochtaí soláthair á mbunú do scoileanna faoin straitéis seo, féachfaidh an Roinn agus SFGM TsO, ag obair le páirtithe leasmhara ábhartha de réir mar is gá, lena n-áirítear OSR, SSO, SPU, BOOÉ, comhlachtaí bainistíochta agus ÚFIÉ, le treoir agus acmhainní a chur ar bun chun tacú le scoileanna a n-oibleagáidí a shásamh i dtaca leis an inbhuanaitheacht comhshaoil agus an Clár Oibre Glas.

### *2.8.3 Comhlíonadh le Rialacháin i dtaca le hInrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchláir Shoghluaiste*

Ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí in Éirinn, lena n-áirítear scoileanna, a chinntiú go mbeidh a suíomhanna gréasáin agus aipeanna soghluaistea inrochtana do gach duine, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumais. Tháinig Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Shuíomhanna Gréasáin agus Aipeanna Soghluaiste Chomhlachtaí Earnála Poiblí) 2020, lena gcuirtear bonn faoi chearta inrochtaineachta, i bhfeidhm i Meán Fómhair 2020. Tógann na rialacháin seo ar cheanglais a bhí ann cheana chun na suíomhanna gréasáin agus seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil don phobal a bheith inrochtana faoin Acht Míchumais 2005 agus an Cód Cleachtais maidir le hInrochtaineacht Seirbhísí Poiblí agus Faisnéise a sholáthraíonn Comhlachtaí Poiblí.

Tá scoileanna chean féin faoi réir ag na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 agus 2004[48], agus tacaítear leo trí fhaisnéis a sholáthraíonn an Roinn agus seirbhísí tacaíochta ábhartha ina leith sin. Rud is ábhartha i gcomhthéacs an Rialacháin Inrochtaineachta 2020 is ea na riachtanais faoin Acht um Stádas Comhionann le cóiríocht réasúnta a chur ar fáil. Mar a luaitear sa leabhrán treorach i dtaca le Scoileanna agus an Acht um Stádas Comhionann, is ionann sin agus "cóiríocht nó áiseanna speisialta nó leasuithe a dhéanamhg do dhuine le cur ar a gcumas seirbhis a rochtain"[49].

Ba chóir do scoileanna a n-oibleagáidí faoi na rialacháin seo a chuimsiú mar chuid dá bPlean Foghlama Digití agus a bhforbairt ar an mbonneagar digiteach. Tá an tÚdarás Náisiúnta Míchumais freagrach as feidhmiú na rialachán, agus tá treoir agus faisnéis forbarth acu atá ar fáil ar a suíomh gréasáin. Oibreoidh an Roinn agus SFGM TsO le ÚNM agus with scoileanna de réir mar is gá chun tacaíocht chuí a sholáthar le linn tréimhse na Straitéise Digití seo. Léireofar na hoibleagáidí freisin de réir mar is gá i meicníochtaí agus comhairle soláthair.

[47] www.epa.ie
[48] https://www.irishstatutebook.ie/eli/2000/act/8/enacted/en/html
[49] https://assets.gov.ie/25063/a6e913a466344dce9530ce261b41d6c5.pdf, (2005, lch 9)

COLÚN **3**

# Ag féachaint don todhchaí: beartas, taighde agus ceannaireacht dhigiteach



## 3.1. Réamhrá

Leis an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna léirítear tiomantas beartais leanúnach na Roinne do leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú. Chun an beartas seo a chu chun cinn tá ríthábhacht le tiomantas agus ceannaireacht láidir ag gach leibhéal den chóras oideachais, ó leibhéal náisiúnta go dtí leibhéal na scoile áitiúla. Cuirtear é seo in iúl go láidir in DEAP an AE faoi Thosaíocht 1 le cothú a dhéanamh ar an bhforbairt ar éiceachóras oideachais dhigitigh ardfheidhmíochta agus faoi Thosaíocht 2 le feabhas ar chur ar inniúlachtaí digiteacha don chlaochlú digiteach.

In athbhreithniú ar an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna roimhe mar chuid den Tuairisc Bonnlíne, aibhsíodh an tábhacht atá le "hailíniú córais don phleanáil inbhuanaithe". Leis an Straitéis Dhigiteach nua cothófar ailíniú beartais ar fud réimsí beartais éagsúla na Roinne agus a ghníomhaireachtaí, agus ar leibhéal na scoile. Tabharfar tacaíocht dó seo le struchtúir maoirseachta chun a fhorfheidhmiú a chur chun cinn, tacaíocht leanúnach do cheannaireacht scoile agus pleanáil, agus taighde le hábharthacht agus éifeachtacht an chuir chuige beartais a chinntiú thar saolré na Straitéise, le fócas ar leith ar an gcaoi ina bhfuil an Straitéis ag cur feabhais ar eispéiris oideachais na bhfoghlaimeoirí uile. Tá sé beartaithe freisin go dtabharfaidh an Straitéis seo comhlánú agus tacaíocht do bheartais ábhartha níos leithne ar fud an Rialtais agus ar leibhéal an AE.

### Colún 3 Cuspóirí

- **A chinntiú do ndéanann an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna go 2027 agus an Plean Forfheidhmithe a ghabhann leis tacú agus comhlánú ar straitéisí agus beartais ábhartha eile, náisiúnta agus ar leibhéal an AE.**
- **Cúnamh agus treoir a thabhairt do scoileanna le tuiscint conas is féidir straitéisí ábhartha a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú a chur i bhfeidhm.**
- **Leanúint den chaidreamh agus monatóireacht ar thionsnaimh ábhartha idirnáisiúnta agus AE n-áirítear DEAP an AE sa chaoi is gur féidir taighde agus tacaí a mheas agus a ghlacadh do chomhthéacs na hÉireann agus a scaipeadh sa chóras.**
- **Rannpháirtíocht agus sa taighde AE agus náisiúnta a chur chun cinn.**
- **Taighde a dhéanamh i réimsí tábhachtacha cun bonn a chur faoin bhforbairt ar na tacaí agus acmhainní ábhartha do scoileanna.**
- **Leanúint den tacaíocht don fhorbairt agus scaipeadh ar acmhainní archaighdeáin chun úsáid shábháilte, fhreagrach agus eiticiúil an idirlín agus na teicneolaíochta digití a chur chun cinn, bunaithe ar bheartas agus dea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta.**
- **Úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn chun cumarsáid a éascú laistigh den phobal na scoile i gcoitinne agus den éiceachóras oideachais agus tuismitheoirí agus foghlaimeoirí a bheith páirteach.**

## 3.2. Príomhstraitéisí agus beartais ábhartha.

Is léir ón gcomhairliúchán gur féidir le scoileanna deacrachtaí a bheith acu líon na straitéisí agus na dtionscnamh nach mór gabháil dóibh a bhainistiú agus b'fhéidir nach mbeidh an gaol idir na straitéisí agus tionscnaimh éagsúla seo soiléir ar leibhéal na scoile. Cé go bhful sé tábhachtach go mbainfidh an córas oideachais ar an iomlán tairbhe as na straitéisí agus beartais seo, tá sé tábhachtach freisin go gcuideoimidne, mar Roinn, le scoileanna na naisc chuí a dhéanamh thar réimsí beartais idirnasctha.

Sa chomhthéacs sin tá sé mar aidhm ag an Straitéis Dhigiteach seo ailíniú le straitéisí atá ábhartha don teicneolaíocht dhigiteach agus cuidiú le scoileanna tuiscint conas naisc chuí a dhéanamh thar réimsí beartais atá éagsúil óna chéile ach spleách ar a chéile. Tacófar le ceannairí scoile an Straitéis seo a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm ina scoil féin agus do mhúinteoirí aonair le cur i bhfeidhm ar a gcleachtas féin. Comhpháirt thábhachtach do sheachadadh na Straitéis seo amach anseo is ea go mbeidh forbairtí agus nuálaíochtaí beartais bunaithe ar fhoanaise agus go mbainfear taithí amach do na foghlaimeoirí uile.

RÁITEAS BEARTAIS NA ROINNE OIDEACHAIS I DTACA LE HOIDEACHAS ETIM 2017-2026

AI- HERE FOR GOOD

STRAITÉIS DHIGITEACH DO SCOILEANNA

STRAITÉIS DON OIDEACHAS DON FHORBAIRT INBHUANAITHE

DEAP AN AE

RÁITEAS STRAITÉISE NA ROINNE OIDEACHAIS

10 YEAR ADULT LITERACY, NUMERACY AND DIGITAL LITERACY STRATEGY

HARNESSING DIGITAL: THE DIGITAL IRELAND FRAMEWORK

CPMPÁS DIGITEACH AE 2030

STRAITÉIS DON LITEARTHACHT, UIMHEARTHACHT AGUS LITEARTHACHT DHIGITEACH

PLEAN GNÍMH FRITHBHULAÍOCHTA

CONAIR AE CHUIG AN DEACÁID DHIGITEACH

STRAITÉIS NÁISIÚNTA SCILEANNA

### *3.2.1 Plean Gníomhaíochta um Oideachas Digiteach an AE 2021-2027*[50]

San fhorbairt ar an Straitéis Dhigiteach cuireadh san áireamh breithniú ar bheartais agus straitéisí ábhartha, lena n-áirítear DEAP an AE. Bhí taighde suntasach agus próiseas comhairliúcháin leathan mar bhonn leis DEAP an AE agus is féidir leis treoir agus cuidiú a thabhairt do chuir chuige i dtaca le comhthéacs na hÉireann bunaithe ar an taithí i ndlínsí AE eile, chomh maith le taighde agus saineolas. Cuireann sé fís straitéiseach fhadtéarmach ar fáil don oideachas digiteach Eorpach atá ar ardchaighdeán, ionchuimsitheach agus inrochtanas.

Leis an bhfís atá in DEAP an AE cuirtear deiseanna ar fáil ar féidir a chur chun cinn faoin Straitéis seo, go príomha i dtéarmaí comhionannais, inrochtaineachta agus ionchuimsitheachta; nascachta, trealaimh agus acmhainneachta eagraíochtúla, ag cinntiú go mbíonn na múinteoirí agus ceannairí scoile uile ina n-úsáideoirí cumasacha agus muiníneacha den teicneolaíocht. Le linn fhorfheidhmiú na Straitéis seo, déanfar tionscnaimh agus forbairtí ábhartha faoi DEAP an AE a mheas agus a scaipeadh de réir mar is cuí chuig córas scolaíochta na hÉireann.

### 3.2.2 Moladh ó Chomhairle AE maidir le foghlaim chumaisc d'oideachas bunscoile agus iarbhunscoile ardchaighdeáin agus ionchuimsitheach[51]

Rud ábhartha freisin is ea an Moladh ó Chomhairle AE maidir le foghlaim chumaisc d'oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile ardchaighdeáin agus ionchuimsitheach ina shainítear foghlaim chumaisc san oideachas agus oiliúint fhoirmiúil mar fhoghlaim ina mbíonn cuir chuige éagsúla agus atá le tuiscint mar scoil (san oideacha bunscoile agus iar-bhunscoile), múinteoir or foghlaimeoir ag glacadh níos níos mó ná cur chuige amháin i dtaca leis an bhróiseas foghlama:

- cumasc ar shuíomh scoile agus timpeallachtaí fisiciúla eile amach ó shuíomh na scoile (leis an múinteoir i láthair, nó scartha le spás agus/nó am sa chianfhoghlaim);
- cumasc ar uirlisí foghlama éagsúla a d'fhéadfadh a bheith digiteach (lena n-áirítear foghlaim ar líne) agus neamhdhigiteach

Ag tógáil ar na scileanna a forbraíodh le linn dúnadh na scoileanna, roghnaigh neart múinteoirí le cuid de na cuir chuige dhigiteach a bhí in úsáid acu a choinneáil ar fhilleadh chuig an seomra ranga dóibh, taobh leis na cuir chuige sheanbhunaithe ranga. Leanann an cur chuige foghlama cumaisc seo de mhéadú ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain. Mar chuid dá mholtaí, molanna an AE do thíortha tógáil ar nuálaíochtaí rathúla a tugadh isteach nó a tástáladh le linn na paindéime agus dea-chleachtais a chomhroinnt agus a scálú. Tá sé tábhachtach a nótáil nár tháinig nuálaíochtaí san ionad ar an bhfoghlaim ar shuíomh scoile agus ar an bhfoghlaim aghaidh le haghadih, ach go ndéanann siad iad a chomhlánú. Beidh an Moladh seo ó Chomhairle an AE mar threoir do thuilleadh forbartha ar thacaí agus acmhainní ábhartha sa réimse seo.

### *3.2.3 Harnessing Digital: The Digital Ireland Framework*[52]

Mar a luadh cheana, leis an straitéis náisiúnta digiteach, *Harnessing Digital: The Digital Ireland Framework* féachtar leis an gclár oibre digiteach a chur chun cinn go héifeachtach agus go soiléir thar réimsí eile de bheartas Rialtas agus seachadadh seirbhíse, ag obair go dlúth leis na páirtithe leasmhara go léir. Aidhm uileghabhálach den straitéis is ea go mbeadh ról tábhachtach ag Éirinn san Eoraip chun an deacáid dhigiteach nua a chur chun cinn – a bhfuil sé mar chuspóir aige claochlú digiteach rathúil a dhéanamh ar an Eoraip faoi 2030. San fhorbairt ar an straitéis náisiúnta digiteach rinneadh comhairliúchán leathan idir ranna. Beidh an Straitéis Dhigiteach seo do Scoileanna ailínithe le gnéithe ábhartha den chreat sin d'fhonn an comhthéacs beartais náisiúnta foriomlá a léiriú agus bainfidh sé

[50] https://education.ec.europa.eu/focustopics/digital/educationactionplan
[51] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32021H1214%2801%29
[52] https://www.gov.ie/en/publication/adf42harnessingdigitalthedigitalirelandframework

tairbhe as forbairtí faoin straitéis náisiúnta chun claochlú digiteach a chur chun cinn in earnáil na scoileanna.

***3.2.4 An Straitéis Náisiúnta don Intleacht Shaorga (IS) 'AI-Here for Good'***[53]

Leis an gcéad Straitéis Náisiúnta don Intleacht (IS) de chuid na hÉireann, '*AI-Here for Good*', a foilsíodh in 2021, leagtar amach an chaoi inar féidir le hÉirinn a bheith ina ceannaire idirnáisiúnta in úsáid IS chun tairbhe ár ngeilleagair agus ár sochaí, trí chur chuige atá dírithe ar dhaoine agus eiticiúil, i dtaca lena fhorbairt, glacadh agus úsáid. Ceann dá chuspóirí is ea a mheas conas is féidir IS a ionchorprú i mbeartais amach ansoe don bhfoghlaim dhigiteach. Mar a luadh sa Tuairisc Bonnlíne, a thugann cur síos ar an obar atá ar bun ar IS san oideachas ar leibhéal an AE, tá sé tábhachtach go ndéanfaidh an Straitéis Dhigiteach do Scoileanna machnamh ar úsáid sonraí agus IS sa chomhthéacs oideachais. Le linn fhorfheidhmiú na Straitéis seo déanfar comhairle agus tacaíocht, bunaithe ar an Straitéis Náisiúnta IS, agus forbairtí ar leibhéal an AE, a fhorbairt agus a scaipeadh de réir mar is cuí.

**3.2.5 Straitéisí eile**

I measc na straitéisí ábhartha eile a mbainfear úsáid astú mar bhonn leis an bhforbairt ar ghníomhartha sa Phlean Forfheidhmithe tá *National Skills Strategy 2025 – Ireland's Future*[54] agus *Adult Literacy for Life - a 10-year adult literacy strategy*[55] (an dá cheann acu leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, RBATNE). Eilaoidh sé seo a thuilleadh comhair le RBATNE chun gníomhartha ábhartha a fhorbairt agus ról na Straitéis Dhigiteach a aithint mar chuid de chontanam an riachtanais fhoriomláin do scileanna digiteacha do gach saoránach.
Trí scileanna digiteacha agus inniúlacht dhigiteach a fhorbairt agus déileáil le buarthaí faoi rochtain éagothrom ar theicneolaíochtaí nua, mar a fhoráiltear dó sa Straitéis seo, cuideofar le haghaidh a thabhairt faoi bhuarthaí i dtaca le bearna dhigiteach agus freisn cuirfear luas leis an dul chun cinn i dtreo Sprioc 4 d'Fhorbairt Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe – a chinntiú go mbeidh oideachas ardchaighdeáin ionchuimsitheach agus cothrom ann agus deiseanna foghlama ar feadh an tsaoil a chur chun cinn do chách. Leis an Straitéis nua don Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe go 2030 atá á fhorbairt faoi láthair ag an Roinn Oideachais agus RBATNE i gcomhar lena chéile, féachtar lena chinntiú go bhfaigheann na foghlaimeoirí uile an t-eolas agus na scileanna atá de dhíth chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear i measc nithe eile trí oideachas don fhorbairt inbhuanaithe agus stíleanna maireachtála inbhuanaithe, cearta daonna, comhionannas inscne, cultúr na síochána agus an neamhfhoréigin a chur chun cinn, saoránacht dhomhanda, agus tuiscint ar ilchineálacht chultúrtha agus ar chion an chultúir san fhorbairt inbhuanaithe (SDG 4.7).

Oibreoidh an Straitéis seo taobh le Ráiteas Beartais Oideachais ETIM na Roinne 2017-2026[56] agus tacóidh sé leis chun rannphháirtíocht níos leithne a spreagadh agus foghlaim ETIM a fheabhsú do na foghlaimeoirí uile, le fócas ar leith ar rannpháirtíocht in ETIM ag mná/cailíní a mhéadú. Déanfaidh an Roinn deimhin de go ndéanfar cuspóirí na Straitéise Digití a chomhlánú agus a threisiú i mbeartais agus straitéisí eile reatha agus sa todhchaí, chomh maith lena Phlean Forfheidhmithe lena n-áirítear athchóiriú reatha ar an tsraith shóisearach, aon athfhorbairt a mholfar ar am tsraith shinsearach[57], forbairtí a bhaineann le creat curaclaim na bunscoile, leananna don athbhreithniú ar an bPlean Gníomh Frithbhulaíochta, an fhorbairt ar an Ráiteas Beartais i dtaca le hOiliúint Tosaigh Múinteoirí agus an Straitéis i dtaca le hUimhearthacht, Litearthacht agus Litearthacht Dhigiteach, atá ag teacht.

Faoin Straitéis seo tacófar le scoileanna ina dtuiscint agus forfheidhmiú ar na straitéisí agus beartais éagsúla seo agus mar is féidir teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun cuidiú le scoileanna sa chomhthéacs seo.

53 https://www.gov.ie/en/publication/91f74-national-ai-strategy/
54 https://www.gov.ie/en/publication/69fd2-irelands-national-skills-strategy-2025-irelands-future/
55 https://www.gov.ie/en/publication/655a4-adult-literacy-for-life-a-10-year-literacy-strategy/
56 https://www.gov.ie/en/policy-information/4d40d5-stem-education-policy/#stem-education-policy-statement-2017-2026
57 https://ncca.ie/en/senior-cycle/senior-cycle-redevelopment



## 3.3 Úsáid shábháilte agus eiticiúil an idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú.

Féadfaidh an tIdirlíon agus úsáid éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha tairbhí suntasacha a thabhairt d'oideachas agus forbairt leanaí agus do bhaint amach Cearta Leanaí lena n-áirítear na cearta chun saoirse cainte, tionóil, comhlachais, oideachais agus rochtain ar fhaisnéis chuí sa spás ar líne, an ceart súgartha agus ceart na rannpháirtíochta[58].

Luadh úsáid shábháilte agus eiticiúil an idirlín mar bhuairt sna snáitheanna uile den chomhairliúchán, go háirithe i dtaca le ró-úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus luaigh daoine óga é tríd an bhfócasghrúpa do scoláirí iar-bhunscoile. I measc na n-ionchur suntasach bhí "Tá déagóirí báite le an-chuid stuif digiteach agus tá sé seo ag cur lena n-imní" agus "Thuairiscigh scoláirí gur féidir leis a bheith deacair uaireanta an deighilt a aimsiú idir scoil agus am baile" [59].

Rinneadh tagairt rialta sna snáitheanna uile den chomhairliúchán don ghá le cothromaíocht a fháil idir na deiseanna agus na buntáistí a bhaineann le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha san oideachas, agus an úsáid shábháilte agus eiticiúil úsáid. Tugann an taighde le fios go bhfuil mbíonn daoine óga le leibhéil níos airde de scileanna digiteacha níos feistithe chun déileáil le rioscaí féideartha a thagann ar líne.[60] Ar fud an phróisis chomhairliúcháin, measadh gur chóir na foghlaimeoirí go léir a fheistiú leis an eolas chun iad a chumasú le gabháil go héifeachtach agus go sábháilte leis an

[58] An 24 Márta 2021 sheol Coiste na NA maidir le Cearta an Linbh doiciméad treorach maidir le cearta leanaí i dtaca leis an timpeallacht dhigiteach, lena leabaítear cearta leanaí ar líne isteach sa chreat níos mó de Choinbhinsiún na NA mairile Cearta an Linbh. https://en.unesco.org/news/unesco-welcomes-new-international-instrument-childrens-rights-relation-digital-environment

[59] New Digital Strategy For Schools Focus Group Consultation Report 2021 (H2 Learning, 2022, lch 8)

[60] Vandoninck, S., & D'Haenens, L. (2015). Children's online coping strategies: Rethinking coping typologies in a risk-specific approach. Journal of Adolescence, 45, 225–236

teicneolaíocht, mar a deirtear i Tuarascáil na bliana 2021 ón gComhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht Ar Líne[61]. Sa deireadh thiar thall tá sé nar fhís go mbeidh ár ndaoine óga ina saoránaigh dhigiteacha agus gur chóir go mbeadh sé seo leabaithe ar fud an churaclaim ag leibhéal atá in oiriúint don aois.

Cuireann an t-idirlíon smaointe nua agus foinsí éagsúla eolas ar fáil do leanaí agus daoine óga atá in ann cuidiú leo caidreamh a dhéanamh le daoine eile agus a bheith níos ómósaí faoi dhearcthaí, tuairimí agus cúlraí éagsúla. Cé go dtugann úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha neart deiseanna do dhaoine óga, tá rioscaí áirithe a bhaineann leis freisin. Trí rannpháirtíocht sa timpeallacht ar líne, cuirtear ár leanaí agus daoine óga i mbaol rioscaí ar líne amhail nochtadh ar ábhar míchuí, idirghníomhaíocht dhochrach le leanaí eile nó le haosaigh agus baol na bulaíochta ar líne. Anois thar am ar bith eile tá sé riachtanach go mbeidh ár ndaoine óga oilte go maith ar conas a bheith níos sábháilte ar líne. Chun freagairt cheart a thabhairt ar shábháilteacht ar líne ní mór comhar a bheith ann idir neart páirtithe leasmhara lena n-áirítear Rialtas, tuismitheoirí/caomhnóirí, oideoirí, tionscal agus na daoine aonair féin.

### Rialtas

Ar leibhéal an Rialtais tá roinnt Ranna le freagracht as sábháilteacht ar líne lena n-áirítear an Roinn Dlí agus Cirt; an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán; an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide; an Roinn Sláinte; an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige; an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta agus an Roinn Oideachais.

Tá an Roinn Oideachais i gceannas ar fhorbairt beartais scoileanna i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú lena n-áirítear sábháilteacht ar líne. Áirítear leis seo eolas agus tacaí a sholáthar do scoileanna, tuismitheoirí agus daoine óga maidir le húsáid shábháilte an idirlín.

Tá ionadaíocht ar an Roinn freisin i gcáil chomhairleach ar an gComhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht Ar Líne[62], ar a bhfuil páirtithe leasmhara neamhrialtais, tionscail agus acadúla, Is é an ról atá aige:

- comhairle a chur ar fáil don Rialtas maidir le saincheisteanna sábháilteachta ar líne
- saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a aithint ina bhféadfaidh gá a bheith le hidirghabháil rialtais
- cuidiú le hábhair treorach a chruthú maidir le sábháilteacht ar líne atá soiléir agus éasca le tuiscint d'úsáideoirí uile an idirlín
- scrúdú a dhéanamh ar thaighde náisiúnta agus idirnáisiúnta agus príomhthorthaí a chur in iúl don Rialtas, páirtithe leasmhara agus an pobal i gcoitinne.

I dTuarascáil na Comhairle ar Shuirbhé Náisiúnta ar Leanaí, a dTuismitheoirí agus Aosaigh maidir le Sábháilteacht Ar Líne[63] aibhsítear an gá le bearta sábháilteachta ar líne agus seo ceann de na réimsí a dtabharfar aghaidh orthu sa Bhille um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán[64] agus treoróidh sé an fhorbairt ar thuilleadh acmhainní Webwise do scoileanna agus teaghlaigh.

Tá sé ar intinn go rachaidh an Bille seo ar aghaidh trí Thithe an Oireachtais in 2022 agus, i measc nithe eile, go mbunófar creat rialála láidir chun déileáil le leathnú ábhair ar líne atá docrach. Tá foráil ann freisin chun Coimisinéir Sábháilteachta Ar Líne a cheapadh mar chuid de Choimisiúin Meán níos leithne chun maoirseacht a dhéanambh ar an gcreat rialála nua don tsábháilteacht ar líne. Déanfaidh an Coimisinéir

[61] https://www.gov.ie/en/publication/ebe58-national-advisory-council-for-online-safety-nacos/ Report of a National Survey of Children, their Parents and Adults regarding Online Safety
[62] https://www.gov.ie/en/publication/ebe58-national-advisory-council-for-online-safety-nacos/
[63] https://www.gov.ie/en/publication/1f19b-report-of-a-national-survey-of-children-their-parents-and-adults-regarding-online-safety/
[64] https://www.gov.ie/en/publication/d8e4c-online-safety-and-media-regulation-bill/

an creat nua a rialáil trí chóid cheangailteacha sábháilteachta ar líne agus comhlíonadh láidir, forfheidhmiú agus cumhachtaí pionóis. Déileálfaidh cóid sábháilteachta ar líne le raon leathan saincheisteanna, lena n-áirítear bearta le déanamh ag seirbhísí ar líne chun dul i ngleic leis an bhfáil ar ábhar docrach ar líne, mar shampla ábhar cibearbhulaíochta, ar a seirbhísí.

Agus an Bille seo achtaithe, cuirfear tacaí agus eolas ar fáil do scoileanna maidir leis na gnéithe ábhartha uile.

## Scoileanna

Tá boird bhainistíochta scoileanna freagrach as leas agus sábháilteacht scoláirí faoina gcúram agus tá irthu raon de bheartais a bheith ar bun acu lena n-áirítear beartais i dtaca le húsáid shábháilte agus eiticiúil na teicneolaíochtaí, frithbhulaíocht agus cód iompair. Tá an bord freagrach freisin as a chinntiú go sásaíonn an curaclam a sholáthraítear riachtanais acadúla agus forbartha a scoláirí.

Tacaíonn an Roinn Oideachais le scoileanna trí churaclaim scoile a leagan amach a thacaíonn le foghlaim fhoriomlán scoláirí agus, go háirithe, a thacaíonn le forbairt na scoláirí ar na scileanna agus inniúlachtaí atá riachtanach chun maireachtáil sa 21ú haois, á áiríonn bheith sábháilte ag baint úsáid as teicneolaíochtaí ar líne. Ag cur modh iomlánaíoch chun cinn i dtaca le folláine scoláirí, lena n-áirítear sa spás ar líne, leagtar amach i Ráiteas Beartais agus Creat Cleachtais na Roinne i dtaca le Folláine[65] an uaillmhian agus an fhís go mbeidh cur chun cinn na folláine i gcróilár an éitis ag gach scoil agus go gcuirfidh na scoileanna go léir cuir chuige bunaithe ar fhianaise agus tacaíocht ar fáil, in oiriúint don riachtanas, chun folláine a scoláirí a chur chun cinn agus go n-aithneofar Éire mar cheannaire sa réimse seo.

Tá neart deiseanna foghlama gairmiúla agus tacaí curaclaim ar fáil do scoileanna chun cuidiú leo san fhorbairt ar bheartais agus cleachtais i dtaca leis an úsáid shábháilte den Idirlíon lena n-áirítear i dtaca le cosc ar bhulaíocht, lena n-áirítear cibearbhulaíocht, agus ciapadh. Áirítear leo seo an curaclam don Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) agus an gearrchúrsa sa Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha sa tsraith shóisearach, SFGM, an Clár Webwise agus an suíomh gréasáin náisiúnta frithbhulaíochta arna mhaoiniú ag an Roinn[66].

Tá athbhreithniú ar bun ar Phlean Gnímh na Roinne i dtaca le Bulaíocht agus na Nósanna Imeachta Frithbhulaíochta do scoileanna, a chuirfidh san áireamh na forbairtí suntasacha sa taighde agus sa dea-chleachtas idirnáisiúnta a bhaineann le bearta fhrithbhulaíochta, le fócas ar réimsí na cibearbhulaíochta, aitheantas inscne agus ciapadh gnéasach. San athbhreithniú freisin déanfar breithniú mionsonrach ar na moltaí atá i dTuarascáil Chomhchoiste an Oireachtais ar Bhulaíocht Scoile agus an Tionchar ar Mheabhairshláinte[67] agus beidh comhairliúchán agus comhar suntasach i gceist ar fud na Roinne Oideachais, le Ranna Rialtais agus Comhlachtaí eile lena n-áirítear an tOmbudsman do Leanaí, agus le raon leathan de pháirtithe leasmhara oideachais, lena n-áirítear tuismitheoirí/caomhnóirí agus foghlaimeoirí.

## Webwise[68]

Cuireann Webwise tacaíocht agus acmhainní ar fáil i réimse na sábháilteachta ar líne agus saoránacht dhigiteach agus tá sé comhaoinithe ag an Roinn agus Saoráid *Connecting Europe* de chuid an Aontais Eorpaigh. Tá sé á bhainistiú ag SFGM agus cuireann sé chun cinn úsáid neamhspleách, éifeachtach agus níos sábháilte den idirlíon ag daoine óga trí straitéis leanúnach faisnéise agus feasachta atá dírithe ar cheannairí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí agus foghlaimeoirí iad féin le teachtaireachtaí comhsheasmhacha agus ábhartha.

65 https://assets.gov.ie/24725/07cc07626f6a426eb6eab4c523fb2ee2.pdf
66 www.tacklebullying.ie
67 https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/joint_committee_on_education_further_and_higher_education_research_innovation_and_science/submissions/2021/2021-08-23_report-on-school-bullying-and-the-impact-on-mental-health_en.pdf
68 https://www.webwise.ie/



Moltar do na scoileanna go léir Polasaí Úsáide Inghlactha (PÚI) a bheith ar bun acu, a rialaíonn úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha ag scoláirí i scoileanna agus a chlúdaíonn raon leathan de shaincheisteanna a bhaineann le cearta, freagrachtaí agus probhléidí a bhaineann le húsáid teicneolaíochtaí. Áiríonn Webwise teimpléad do PÚI ar féidir a chur in oiriúint do na scoileanna go léir le húsáid, chomh maith le samplaí de bheartais dá leithéid ó scoileanna eile.

Tá an clár Webwise á thacú le mol tiomanta ar líne do mhúinteoirí/scoileanna le tacaí leathana curaclaim OSPS a chuidíonn le múinteoirí sábháilteacht idirlín a chomhtháthú sa teagasc agus foghlaim ina scoil agus a thugann an mhuinín agus na scileanna dóibh le feasacht a mhéadú agus le hiompar docrach ar líne ag a bhfoghlaimeoirí a chosc.

Tá Mol Tuismitheoirí agus Mol Óige Webwise ar fáil freisin le raon leathan d'acmhainní agus tacaí agus tugann siad eolas praiticiúil agus comhairle ar shaincheisteanna tábhachtacha amhail cumarsáid ómósach ar líne, úsáid eiiticiúil na dteicneolaíochtaí digiteacha, cibearbhulaíocht, roinnt íomhánna, meáín shóisialta, feidhmchláir agus suíomhanna móréilimh agus eile.

Forbraítear acmhainní dá leithéid le cabhair ó neart páirtithe leasmhara lena n-áirítear saineolaithe sa tuismitheoireacht, saineolaithe sa tsábháilteacht leanaí agus saineilaithe ábhair, Ranna Rialtais eile, An Garda Síochána, Tionscal agus Painéal Comhairleach Óige Webwise.

Tá Webwise ina mbaill de líonra comhoibrithe Insafety[69], a fhéachann le leanaí agus daoine óga a chumasú chun úsáid a bhaint as an idirlíon, chomh maith le teicneolaíochtaí eile ar líne agus soghluaiste, go dearfach, go sábháiltely agus go héifeachtach. Tá siad páirteach freisin sa tionscadal SaferInternetIE (SII), atá ina chuibhreannas de chomhpháirithe tionscail, oideachais, leasa leanaí agus rialtais a chuireann feidhmeanna agus gníomhaíochtaí feasachta, beolíne agus líne chabhrach ar fáil i bPoblacht na hÉireann.

Le linn forfheidhmiú na Straitéise seo, leanfaidh Webwise den fhorbairt agus scaipeadh ar acmhainní ábhartha agus rithfidh siad feachtais a dhéileálann le saincheisteanna móra de réir mar a thagann siad chun cinn. Cuirfidh sé seo san áireamh moltaí agus comhairle ábhartha amhail na cinn ag teacht ón athbhreithniú ar an bPlean Gnímh ar Bhulaíocht agus ón gComhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht Ar Líne.

Forbrófar tacaí freisin de réir mar is gá le comhairle a chur ar scoileanna i ndiaidh achtú an Bhille um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán agus i dtaca le haon ghníomhartha breise ag eascairt as rannpháirtíocht ar leibhéal na hEorpa lena n-áirítear Straitéis na hEorpa d'Idirlíon Níos Fearr do Leanaí[70] agus tuarascálacha/treoirlínte ó Chomhairle na hEorpa maidir le cearta an linbh sa timpeallacht dhigiteach agus aon tuarascáil nó moladh náisiúnta/idirnáisiúnta ábhartha eile.

[69] https://safe.si/english/insafe-network
[70] https://www.betterinternetforkids.eu/

## 3.4. Cumarsáid agus Comhairliúchán leis an bPobal Scoile

Sna tréimhsí inar dúnadh na scoileanna aibhsíodh ról lárnach na dtuismitheoirí/caomhnóirí sa tacú le foghlaim agus oideachas a leanaí agus maoirseacht á dhéanamh acu ar úsáid a leanaí de theicneolaíochtaí digiteacha agus a bhfolláine i gcoitinne. Tháinig coimeád agus forbairt ar an ról sin chun cinn mar áhar tábhachtach le linn an chomhairliúcháin, le gá ag na tuismitheoirí na hinniúlachtaí digiteach riachtanacha a bheith acu chun tacú lena leanaí leis an gcianfhoghlaim agus le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha. Déanann duine as gach beirt d'aosaigh na hÉireann strachailt lena scileanna digiteacha[71] agus beidh gá tuilleadh tacaíochta a thabhairt do rannpháirtíocht tuismitheoirí san fhoghlaim dhigiteach dá leanaí. Déanfar é seo i gcomhar le Ránna Rialtais agus gníomhaireachtaí ábhartha eile.

Réimse eile a aibhsíodh le dúnadh na scoileanna ab ea cumas na teicneolaíochta digití chun cumarsáida fheabhsú agus a éascú idcir an scoil agus an baile agus ardaíodh an buntáiste seo sa phróiseas comhairliúcháin leis an tuairim gur chóir go leanfaí dá úsáid agus a fhorbairt a thuilleadh.

Faoi láthair, moltar do scoileanna dul i gcomhairle leis an bpobal scoile i gcoitinne, go háirithe tuismitheoirí/caomhnóirí agus foghlaimeoirí san fhorbairt agus athbhreithniú ar a bpleananna foghlama digití, chomh maith le beartais ábhartha go háirithe Beartais um Úsáid Inghlactha. Sna ceistneoirí a d'fhreagair na tuismitheoirí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin, mhothaigh neart acu nach raibh a dhóthain eolais acu faoin gcaoi inar úsáideadh teicneolaíochtaí digiteacha cun tacú le hoideachas a leanaí. Tá sé tábhachtach go mothóidh tuismitheoirí go bhfuil siad páirteach agus gur rannpháirtithe gníomhacha iad in oideachas a leanaí agus déanfar machnamh ar conas is fearr tacú leis seo a thuilleadh.



Cé go bhfuil spiorad na comhpháirtíochta ar bun cheana féin i neart scoileanna ar fud na tíre, leis an mBille Oideachais (Cairt Mac Léinn agus Tuismitheoirí), nuair a achtófar é, cuirfear meicníocht ar fáil do chomhairliúchán feabhsaithe ar a leithéid de nithe i scoileanna. Ceann de na príomhcoincheapa sa Bhille is ea an gá ag scoil le dul i gcomhairle le foghlaimeoirí agus a dtuismitheoirí ar phleananna scoile aonair, beartais agus gníomhaíochtaí. Beidh foráil sa reachtaíocht sep don fhorbairt ar threoirlínte cairte ina leagfar amach creat soiléir don rannpháirtíocht idir scoileanna, tuismitheoirí/caomhnóirí, foghlaimeoirí agus an pobal scoile i gcoitinne.

Sna treoirlínte cairte freisin leagfar amach riachtanais i dtaca le comhairle le pobal na scoile agus mar a lorgaíonn agus mar a fhreagraíonn scoileanna don aiseolas agus tuairimí ó phobal na scoile ar bhonn leanúnach. Foilseoidh an tAire na treoirlínte cairte i ndiaidh comhairliúcháin iomláin leis na comhpháirtithe oideachais, lena n-áirítear comhlachtaí atá ina n-ionadaithe ar fhoghlaimeoirí agus tuismitheoirí/caomhnóirí. Cuideoidh an próiseas comhairliúcháin lena chinntiú go bpléann na treoirlínte cairte leis na pleananna, beartais agus gníomhaíochtaí a bhfuil spéis ar leith ag foghlaimeoirí agus a dtuismitheoirí/caomhnóirí iontu, lena n-áirítear i dtaca le húsáid na teicneolaíochta digití i scoileanna.

[71] https://www.gov.ie/en/publication/655a4-adult-literacy-for-life-a-10-year-literacy-strategy/



### 3.5. Cumarsáid agus Comhairliúchán le Tionscal

Tá an fhorbairt ar shochaí atá á thiomáint ag eolas agus atá cumasaithe go digiteach ríthábhachtach do dhul chun cinn eacnamaíochta agus sóisialta na hÉireann agus is comhpháirt lárnach í i bpríomhstraitéisí náisiúnta amhail Future Jobs Ireland[72]. Le linn an phróisis chomhairliúcháin ardaíodh tábhacht na scileanna digiteacha do scileanna ginearálta saoil agus do raoghanna fostaíochta agus gairme sa todhchaí.

Thuairiscigh ionadaithe tionscail ag glacadh páirt san fhócasghrúa agus trína n-aighneachtaí go raibh ganntanais scileanna i bhfolúntais teicneolaíochta ach tá comhlachtaí teicneolaíochta i measc na dtionscal is tapúla ag fáis in Éirinn. Trí dheis a thabhairt d'fhoghlaimeoirí príomhscileanna bunúsacha a fhoghlaim agu iad óg, tabharfaidh sé seo bonn dóibh le leanúint ag forbairt na scileanna sin. Measadh go gcuideoidh cur chuige iomlánaíoch i dtaca le húsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus éascú rannpháirtíocht na bhfoghlaimeoirí le timpeallachtaí foghlama suimiúla agus idirghníomhacha ina gcúis le cuir chuige comhoibríocha atá ríthábhachtach chun scileanna ábhartha a fhorbairt do thodhchaí na hoibre sa tionscal seo.

Sa phróiseas comhairliúcháin, tháinig cumas an tionscail chun tosaigh chun tacú le claochlú digiteach agus forbairt acmhainneachta i scoileanna, agus a dtoil chun gabhái leis an Roinn agus le scoileanna ar an mbonn sin. Tá sé beartaithe Grúpa Tionscail a bhunú chun an t-ionchur sin a úsáid agus chun bealach foirmiúil cumarsáide a sholáthar idir an Roinn agus na príomhpháirtithe tionscail chuntacú le forfheidhmiú na Straitéise.

I dtéarmaí rannpháirtíocht an tionscail go díreach le scoileanna, tá treoirlínte forbartha ag an Roinn i gcomhar le gnó/tionscal ar fáil chun comhairle a chur ar chomhpháirtíochtaí inar féidir le scoileanna agus gnó/tionscal naisc oideachais ardchaighdeáin, ionchuimsitheacha agus ábhartha a bhunú, chun feabhas a chur ar eispéireas foghlama ETIM/digiteach[73]. Is léir ón bpróiseas comhairliúcháin go bhfuil neart d'obair mhaith ar bun sa réimse seo cheana ach tá leibhéil éagsúla rannpháirtíochta ar fud na tíre. Sa Phlean Forfheidhmithe déanfar tuilleadh machnaimh ar an mbealach inar féidir cur chuige níos comhsheasmhaí a fhorbairt.

72 https://www.gov.ie/en/campaigns/33b78d-future-jobs-ireland-preparing-now-for-tomorrows-economy/
73 https://www.gov.ie/en/publication/756dd-stem-partnerships/

### 3.6. Taighde agus Nuálaíocht

De shainmhíniú, is réimse dinimiciúil agus forásach í úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú, le nuálaíocht leanúnach agus tionchar suaiteach féideartha na dteicneolaíochtaí nua, a éilíonn freagairtí beartais atá solúbtha agus nuálaíoch. Tá an-tábhacht freisin le tacú, gabháil, cur chun cinn agus comhroinnt ar úsáid nuálaíoch na dteicneolaíochtaí digiteacha ar fud an chórais, agus léiriú conas is féidir leis seo feabhas a chur ar theagasc agus foghlaim, Mar shampla de ghné amháin ina ndéantar cleachtais nuálaíocha a roinnt faoi láthair, tá lebharlann ar líne ag SFGM TsO d'fhíseáin faoi chleachtas éifeachtach[74] agus leanfaidh an Straitéis seo de thacú le tuilleadh forbartha orthu seo chun teicneolaíochtaí atá nua agus ag teacht chun cinn a áireamh.

Nuair a úsáidtear i gceart í, is féidir an teicneolaíocht a úsáid chun feabhas a chur ar rochtain, rannpháirtiocht, agus forbairt agus feidmiú scileanna sa sromra ranga. Sa straitéis ECFE *Innovating Education and Educating for Innovation*[75] tigtar cur síos ar cén fáth a bhfuil tábhacht le nuálaíocht oideachais, agus luaitear ceithre chúis, is é sin gur féidir le nuálaíochtaí oideachais:

- i feabhas a chur ar thorthaí foghlama agus ar cháilíocht oideachais,
- ii cuidiú leis an bhfeabhsú ar chothromas agus comhionannas,
- iii tionchair dhearfacha a bheith aige ar éifeachtúlacht, agus
- iv an córas oideachais a nuashonrú chun coinneáil cothrom le dáta agus gan luas a chailliúint i gcomparáid le hathruithe sochaí agus eacnamaíochta atá ag tarlú ag an am céanna.

Fócas tábhachtach laistigh den Straitéis seo is ea oideolaíocht nuálaíoch atá bunaithe ar thaighde. Anseo, bíonn aitheantas agus luach ar chumas na dteicneolaíochtaí digiteacha le claochlú a dhéanamh ar an mbealach ina mbíonn foghlaimeoirí ag déileáil le hábhar curaclaim. Le cuir cuige nuálaíocha dá leithéid i dtaca le teagasc, foghlaim agus measúnú, féadfar rannpháirtíocht mhéadaithe foghlaimeoirí a bheith ann, ag tógáil acmhainneachta d'fhoghlaimeoirí le bheith níos roghnaithí agus féinspreagtha i bhfás a gcuid eolais chomh maith le soláthar d'eispéireas foghlama ionchuimsitheach feabhsaithe do na foghlaimeoirí uile. Trí shaol na Straitéise seo, leanfar de dheiseanna foghlama gairmiúla a sholáthar do múinteoirí chun cur ar a gcumas tuiscint níos fearr a bheith acu ar, gabháil do agus leabú a dhéanamh ar na teicneolaíochtaí digiteacha chomh maith le tuiscint a fháil ar theicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, iad ar fad a fhéadfaidh cuidiú lena gcleachtas sa seomra ranga.

Le bonn láidir taighde, a leanfar á fhorbairt, cinnteofar go bhfanfaidh na tacaí agus tionscnaimh a shamhlaítear faoin Straitéis seo ábhartha agus le tionchar agus gut féidir iad a fheabhsú de réir mar is gá sa chaoi is gur féidie le scoileanna agus cleachtóirí na tacaí is fearr a fháil mar bhonn lena leabú féin ar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha.

Le Plean Gnímh na Straitéise Diigití 2018 bunaíodh an Ciste Sármhaitheasa Scoile (Digiteach & ETIM) chun comhar a spreagadh idir scoileanna ag feidhmiú i mbraislí ar thionscadail nuálaíocha a léiríonn úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc agus foghlaim. Tiocfaidh an clár seo chun deiridh in 2022 agus meastóireacht, a thabharfaidh treoir ansin maidir le conas is fearr is féidir tacú leis an gcleachtas nuálaíoch agus comhoibríoch idir scoileanna agus conas is féidir cleachtas éifeachtach agus a bhfuil foghlama ón tionscnamh seo a scaipeadh ar na scoileanna uile.

---

74 https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Good-Practice/Videos/
75 (OECD, 2016, pp. 13–15). https://www.oecd-ilibrary.org/education/innovating-education-and-educating-for-innovation_9789264265097-en

Sa bhliain 2021, sheol an Roinn tionscadal taighde gnímh dhá bhliain dírithe ar thacú le scoileanna beaga tuaithe teacht le chéile i ngrúpaí beaga, ag cur ar a gcumas comhoibriú agus dúshláin chomónta a aithint agus réitigh nuálaíocha a thriail. Forbraíodh an tionscadal seo ag grúpa oibre de chomhlachtaí bainistíochta scoile agus ceardchumainn múinteoirí leis an Roinn Oideachais, mar chuid de chlár oibre an Fhóram Bunoideachais (FBO). Soláthróidh an Roinn na tacaí agus an chomhairle riachtanach chuig aon cheann de na tionscadail atá ag smaoineamh ar obair a dhéanamh i réimse na teicneolaíochta digití, lena n-áirítear soláthar na tacaíochta teicniula, tríd an mheicníocht sin le linn saolré na Straitéise Digití. Scaipfear aon torthaí uaidh seo chuig an gcóras scolaíochta i gcoitinne.

## 3.7. Treochtaí ag Teacht Chun Cinn

Tá réimsí tábhachtacha atá ábhartha d'úsáid éifeachtach na dteicneolaíochtaí digiteacha inár scoileanna a éilíonn tuilleadh breithnithe agus tháinig neart acu chun cinn sa phróiseas comhairliúcháin agus sa Tuairisc Bonnlíne.

Tá cuid acu seo aitheanta cheana féin mar thosaíochtaí laistigh den Roinn agus á seirbhísí tacaíochta chomh maith le Ranna eile agus an Rialtas ina iomlán. Cé go bhfuil tonscadail agus tástálacha píolótacha sonracha ar bun i réimsí áirithe, beidh taighde breise de dhíth do chuid acu agus pléifear leis seo sa Phlean Forfheidhmithe.

Tabharfaidh na torthaí go léir ansin treoir don fhorbairt ar threoirlínte agus tacaí cuí agus ábhartha don chóras scolaíochta, sa chaoi is go mbeidh siad feistithe chun a dtionchair fhéideartha a thuiscint agus a léirmhíniú.

> "Le héabhlóid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus rochtain uileláithreach ar an idirlíon tháinig athrú raidiciúil ar an gcaoi ina ndéantar eolas agus nuacht a tháirgeadh, a úsáid agus a chur in iúl."

> Fadhb leathan sochaí is ea dífhaisnéis agus "bréagnuacht" a aithnítear sna dlínsí uile. Léiríonn torthaí ón PISA 2018 "nuair a rinne scoláirí tascanna litearthachta a d'iarr orthu noda iontuigthe a thuiscint a bhain le hábhar nó foinse na faisnéise, ní raibh ach 9% ar an meán de scoláirí 15 bliana d'aois i dtíortha ECFE ábalta difear a aithint idir fíricí agus tuairimí".

- **Dífhaisnéis**
  Sa bhliain 2021 bhunaigh an Coimisiúin Eorpach Sainghrúpa ar Dhul i nGleic leis an Dífhaisnéis agus Litearthacht Dhigiteach a chur chun cinn trI Oideachas agus Oiliúint. Cuideoidh an grúpa seo leis an gCoimisiún "in ullmhú treoirlínte cuimsitheacha do mhúinteoirí agus oideoirí maidir le dul i ngleic le dífhaisnéis agus leis an litearthacht dhigiteach a chur chun cinn trí oideachas agus oiliúint."[76] Beidh na haschuir ón ngrúpa seo agus taighde ábhartha eile mar threoir leis an bhforbairt bhreise ar acmhainní cuí do cheannairí scoile agus foghlaim ghairmiúil múinteoirí chun tacú le daoine óga san fhorbairt ar na scileanna criticiúla atá riachtanach chun a mbealach a dhéanamh sa saol ar líne agus "bréagnuacht" a aithint.

[76] https://ec.europa.eu/transparency/expert-groups-register/screen/expert-groups/consult?lang=en&groupID=3781

- **Olltiomsú sonraí**
  Tá comhlachtaí a cuireann seirbhísí ar líne ar fáil, agus go háirithe seirbhísí na meán sóisialta, ag bailiú sonraí luachmhara faoin úsáideoir. Mar a nótáladh in alt faoin Aois Toilithe Dhigiteach ar Webwise, áirítear sna sonraí a bhailítear: cé thú, cé leo a bhfuil tú, cad air a dhéanann tú cuardach, cén ailt a léann tú, agus cad a cheannaíonn tú[77]. Nuair a bhailítear na sonraí seo do na húsáideoirí go léir cruthaítear olltiomsú sonraí, agus nuair a dhéantar anailís orthu seon ag baint úsáid as uirlisí uathoibrithe is earra luachmhar atá ann, go háirithe don mhargaíocht. Agus an bealach á dhéanamh sa sola ar líne, tá tábhacht le feasacht faoi cad a bhfuiltear ag aontú leis i soláthar faisnéise pearsanta agus is compháirt mhór í sa litearthacht dhigiteach ar leibhéal aonair.

  Má táthar ag baint úsáid as seirbhísí ar nós seirbhísí néalbhunaithe, ina bhféadfadh rochtain tríú páirtí ar a sonraí a bheith i gceist, tá sé tábhachtach go gcuirfidh scoileanna Comhaontuithe cuí Próiseála agus Comhroinnte Sonraí ar bun, i gcomhréir le scoil scoile agus cead na dtuismitheoirí. Tá comhairle chuimsitheach faoi seo ar fáil ar an tairseach ar líne, á thacú ag an Roinn, d'eolas faoi chosaint sonraí.[78]

- **Intleacht Shaorga (IS)**
  Mar choincheap, ní féidir IS a sheachaint laistigh de shaol laethúil múinteoirí agus foghlaimeoirí, ach fós tá easp taighde faoi fhiúntas agus cumas IS laistigh de réimse an oideachais. Mar a luadh cheana féin sa Cholún seo, leis an gcead straitéis náisiúnta na hÉireann don IS 'AI-Here for Good' leagtar amach treoir lena chinntiú go mbeidh lucht saothair dírithe ar an todhchaí in Éirinn agus daonra leis na scileanna chun forbairt, scaipeadh agus úsáid IS a stiúradh le táirgeacht a mhéadú agus le tairbhe a dhéanamh don tsochaí. Cuideoidh leabú na scileanna digiteacha agus teicniúla sa teagasc agus foghlaim ar leibhéal na scoile le déileáil leis an táirge insoláthartha seo.

  Ach mar a aibhsíodh sa Straitéis IS, tá sé tábhachtach go dtuigfidh múinteoirí agus ceannairí scoile láidreachtaí agus srianta IS mar chuid dá modhanna teagaisc – ag baint tairbhe as an gcaoi inar féidir le IS cur leis an bhfoghlaim, ach freisin ag tabhairt aghaidh ar na ceisteanna eiticiúla agus na rioscaí atá i gceist. Féadfaidh ceisteanna bunaithe ar IS tairbhí a thabhaort amhail an cumas le foghlaim shaincheaptha agus aiseolas pearsanta a thabhairt, chomh maith le táirgí speisialta atá in ann cuidiú le foghlaimeoirí neamhthraidiúnta agus leanaí le riachtanais éagsúla. De réir mar a fhorbrófar beartas i dtaca le húsáid IS san oideachas, tá sé tábhachtach go dtugtar an deis do leanaí aithne agus socracht a fháil le réitigh IS ó aois óg.

  Le DEAP an AE rinneadh gníomhartha sonrach don fheabhsú ar scileanna a bhaineann le IS a chomhtháthú leis an gcomhthéacs níos mó de chur chun cinn na scileanna digiteacha. Ina theannta sin, ar leibhéal an AE, tá athbhreithniú ar bun ar an gCreat DigComp, ina n-áireofar feisin breithniú ar olltiomsú sonraí/IS mar eolas agus scileanna tábhachtach don Chreat nuashonraithe, atá le foilsiú in 2022[79]. Tá sainghrúpa bunaithe freisin chun cuidiú leis an bhforbairt ar threoirlínte eiticiúla i réimse IS agus sonraí san oideachas agus oiliúint.[80]

  Tabharfaidh na torthaí ar na tionscnaimh AE seo, agus rannpháirtiocht na seirbhísí tacaíochta do mhúinteoirí i dtionscadail píolótacha IS ar leibhéal na hEorpa ar nós AI4T (Intleacht Shaorga do Mhúinteoirí – Tionscal Erasmus+) soiléire maidir le feidhmiú

77 https://www.webwise.ie/parents/gdpr-digital-age-consent/
78 http://www.dataprotectionschools.com/en/Data-Protection-Guidelines/Third-Party-Service-Agreements/
79 https://ec.europa.eu/jrc/en/digcomp
80 https://ec.europa.eu/education/news/first-meeting-expert-group-on-artificial-intelligence-and-data-in-education-and-training_en



IS agus olltiomsú sonraí san oideachas agus is é a bheidh mar thoradh scaipeadh d'acmhainní ardchaighdeáin i measc comhpháirtithe Eorpacha, a chuirfear i bhfeidhm ina dhiaidh sin, más cuí, laistigh de chomhthéacs na hÉireann.

- **Clár Oibre Glas na hEorpa.**

  Le DEAP an AE leagtar béim ar thábhacht na dteicneolaíochtaí digiteacha mar chumasóirí cumhachtacha don aistriú glas agus, ag an am céanna, cuidiú le gluaiseacht chuig iompar níos inbhuanaithe i bhforbairt agus freisin úsáid táirgí digiteacha. Tá fócas ar a aistriú glas agus digiteach go náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa freisin le glao foain Limistéar Oideachais Eorpach[81] do bheartais oideachais agus oiliúna le bheith dírithe ar aistrithe ionchuimsitheach glasa agus digiteacha don acmhainneacht agus rachmas sa todhchaí.

  Is féidir le teicneolaíochtaí digiteacha feabhas a chur ar an bhfoghlaim agus inbhuanaitheacht nuair a úsáidtear go héifeachtach iad. Sa togra do Mholadh ón gComhairle maidir le foghlaim don inbhuanaitheacht comhshaoil[82] moltar go dtacófaí le múinteoirí uirlisí agus ábhair idir thraidisiúnta agus nua a úsáid chun inbhuanaitheacht comhshaoil a mhúineadh i raon de shuíomhanna istigh agus lasmuigh, agus digiteacha agus neamhdhigiteacha. Tá tionchar comhshaoil ag an teicneolaíocht freisin, nach mór d'fhoghlaimeoirí a bheith ar an eolas faoi. Trí mhodhanna nuálaíocha a chur i bhfeidhm taobh le cuir chuige níos traidisiúnta is féidir foghlaim don inbhuanaitheacht comhshaoil a chur chun cinn a thuilleadh. Féadfaidh sé seo úsáid chumas na dteicneolaíochtaí digiteacha á áireamh.

  Ar an iomlán, faoi láthair tá tearcscrúdú déanta ar ról na dteicneolaíochtaí digiteacha ag tacú leis an bhfoghlaim don inbhuanaitheacht agus tá éileamh soiléir ar leibhéal an AE do thuilleadh taighde agus roinnt an dea-chleachtais sa réimse sin. Tá oibleagáidí ar leith ag scoileanna mar chomhlachtaí earnála poiblí bearta éifeachtúlachta fuinnimh agus soláthar glas a chur i bhfeidhm, i gcomhthéacs an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip aagus beartais náisiúnta ábhartha eile, agus i gColún 2 sa Straitéis seo scrúdaítear conas tacú leis seo.

- **Bearna inscne i scileanna digiteacha.**
  Is léir go bhfuil tearc-ionadaíocht ar mhná i bpois in earnáil na teicneolaíochta agus ardaíodh an scéal seo sa phróiseas comhairliúcháin. Sa Ráiteas Beartais Oideachais ETIM agus pleananna forfheidhmithe a ghabhann leo tá bearta shonracha chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna inscne i ngabháil d'ábhair ETIM, agus leis an Straitéis seo, trína Phlean Forfheidhmithe, déanfar treisiú agus comhlánú ar ghníomhartha reatha agus sa todhchaí sa réimse tábhachtach seo. Leis na Moltaí i dtaca le Cothromas Inscne in ETIM,[83] mar a foilsíodh i Márta 2022, déanfar deimhin de go bhfuil feabhas á chur ag an oideachas in Éirinn ar chothromas inscne, comhionannas agus ionchuimsiú go héifeachtach do leanaí agus daoine óga.

81 https://education.ec.europa.eu/focus-topics/improving-quality-equity/key-competences-lifelong-learning
82 https://education.ec.europa.eu/focus-topics/green/education-for-environmental-sustainability
83 https://www.gov.ie/en/policy-information/4d40d5-stem-education-policy/#gender-balance-in-stem

- **Códú agus Smaointeoireacht Ríomhaireachta:**
  Tá an códú anois ina phríomhghné d'úsáis ndteicneolaíochtaí digiteacha i neart scoileanna, le tacaíocht i thionsnamh CNCM don Chodú i mBunscoileanna, an Gearrchúrsa sa Chódú don tsraith shóisearach agus Ríomheolaíocht sa tsraith shinsearach. Déanfar taighde freisin ar nuálaíocht leanúnach i réimse an chódaithe agus na smaointeoireachta ríomhaireachta ar leibhéal na hEorpa, agus scaipfear a mbeidh foghlama uaidh sin ar scoileanna in Éirinn trí na seirbhísí tacaíochta. Cuirfear feidhmíocht na hÉieann sa chódú chun cinn ar scála Eorpach trí, mar shampla, rannpháirtíocht éifeachtach le gníomhaíochtaí i Seachtain Cóid bhliantúil an AE.

- **Réaltacht Bhreisithe (AR) agus Réaltacht Fhíorúil (RF)**
  Tugann acmhainní AR agus RF an deis do mhúinteoirí eispéiris foghlama a leathnú taobh amuigh de bhallaí an tseomra ranga chun eispéireas foghlama tumtha a sholáthar dá bhfoghlaimeoirí. Ag tógáil ar an rath ag tionscadail tosaigh sa réimse seo, leanfar den taighde d'fhonn tacaí inrochtans agus praiticiúla a fhorbairt do mhúinteoirí (e.g. seimineáir gréasáin, cúrsaí samhraidh, etc.).

- **Digital teicneolaíochtaí ag tacú leis an gcruthaitheacht**
  Tá an teicneolaíocht dhigiteach á úsáid níos mó agus níos mó chun tacú leis an gcruthaíocht thar ghnéithe éagsúla i saol na scoile. Sampla amháin is ea an Tionscadal FÍS[84] ina spreagtar bunscoileanna le gabháil do scannánaíocht thras-churaclaim agus a ngearrscannán a chus isteach ar ócáid gradam áitiúil. Tá an tionscadal seo á thacú ag an bhfoireann SFGM TsO agus ag Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire. Déanann SFGM TsO a dteagascóirí a dhearadh agus a oiliúint chun cúrsaí samhraidh scannánaíochta agus beochana SFGM a chur ar fáil, chomh maith le seimineáir sa scéalaíocht dhigiteach a sholáthar. Sa Phlean Éire Ildánach 2023-2027, go háirithe an Colún do Chultúr Óige, tacófar le dearadh, forbairt agus úsáid reatha na dteicneolaíochtaí digiteacha, lena n-áirítear Teicneolaíocht Chruthaitheach do leanaí, daoine óga agus múinteoirí d'fhonn feabhas a chur ar chruthaitheacht agus rannpháirtíocht chruthaitheach mar ghné lárnach den chóras oideachais. Le rochtain fheabhsaithe do leanaí agus daoine óga a bhfuil sé deacair caidreamh a dhéanamh leo, ar theicneolaíochtaí digiteacha cruthaitheacha atá ann cheana agus atá nua, de thacú le dearadh agus seachadadh tráthúil curaclaim a thugann spreagadh agus tacaíocht don rannpháirtíocht, teagasc agus foghlaim sa chruthaitheacht thar speictream leathan an chórais oideachais

## 3.8. Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) do Scoileanna

Luadh buarthaí le linn an chomhairliúcháin, go háirithe ag ceannairí scoile agus múinteoirí, maidir leis na hoibleagáidí méadaithe faoi chosaint sonraí agus RGCS a tharlaíonn nuair atáthar ag baint úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha i dtimpeallacht na scoile. Baineann sé seo le húsáid inmheánach agus sheachtrach araon chomh maith leis na rialacha i dtaca le húsáid cóipchirt agus sárú cóipchirt.
Thug réimse Rialála Scoile na Roinne tacaíocht do chomhlachtaí bainistíochta scoileanna i soláthar na comhairle saincheaptha, atá ar fáil ar líne do scoileanna maidir leis na gnéithe ábhartha uile den reachtaíocht i dtaca le cosaint sonraí, chun tacú leo cloí leis na riachtanais go léir.[85]
Agus acmhainní agus eolas á sholáthar do scoileanna faoi úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú, áireofar naisc shoiléir leis na hacmhainní sin. De réir mar is gá, beidh rannpháirtíocht leis na comhlachtaí bainistíochta maidir le hábhar agus inrochtaineacht na n-acmhainní le linn fhorfheidhmiú na Straitéise.

[84] www.fisfilmproject.ie
[85] www.dataprotectionschools.com agus www.gdpr4schools.ie

# Maoirsiú agus Tomhas ar fhorfheidhmiú na Straitéise Digití do Scoileanna

Beidh forfheidhmiú na Straitéise seo bunaithe ar an bhforbairt leanúnach de mheicníochtaí maoirseacht chun torthaí agus éifeachtaí a mheas agus a thomhas ar leibhéal an chórais, chomh maith le tacaí chun dul chun cinn a thomhas ar leibhéal na scoile trí phróisis féinmheastóireachta scoile agus do mhúinteoirí ina gcleachtais féinmhachnamhacha féin. Ba chóir go n-éireodh an t-eispéireas foghlaimeora feabhsaithe níos inbhraite le linn forfheidhmiú na Straitéise seo, agus déanfaidh an Roinn machnamh ar conas an t-eispéireas seo agus guth na scoláirí a ghabháil níos leithne amach anseo.

Tá sé beartaithe struchtúir maoirseachta agus comhairliúcháin a bhunú chun cuidiú le forfheidhmiú foriomlán na Straitéise seo chomh maith le meicníochtaí tomhais a bhunú ag díriú ar a thionchar.

### Struchtúir Fhorfheidhmithe do Rialachas agus Maoirsiú na Straitéise




Bunófar Grúpa Stiúrta le maoirsiú a dhéanamh agus treoir a sholáthar maidir le forfheidhmiú na Straitéise seo. Áireofar sa ghrúpa seo ionadaithe ó réimsí beartais inmheánacha ábhartha sa Roinn a bhfuil ról acu sa seachadadh ar ghníomhartha faoin Straitéis chomh maith le hionadaithe ó SFGM TsO, an Chigireacht agus CNCM.

Léiríonn an t-ionchur luachmhar a fuarthas le linn an phróisis chomhairliúcháin chun treoir a thabhairt don Straitéis seo an tábhacht atá le rannpháirtíocht dá leithéid. I roinnt de na haighneachtaí leis an gcomhairliúchán freisin aibhsíodh na buntáistí a bhaineann le hidirghníomhaíocht leanúnach. Chun an t-ionchur agus rannpháirtíocht leanúnach seo ón earnáil i gcoitinne agus páirtithe leasmhara a éascú, bunófar Grúpa Comhairleach freisin ar a mbeidh príomhpháirtithe leasmhara lena n-áirítear ionadaithe ó thuismitheoirí/caomhnóirí agus foghlaimeoirí, agus comhpháirtithe oideachais, a raibh neart acu ar an nGrúpa Comhairleach mar chuid d'fhorbairt na Straitéise seo.

Rinneadh tagairt cheana don chumas atá ag an tionscal tacú le claochlú digiteach agus forbairt acmhainneachta i scoileanna, agus a dtoilteanas déileáil ar an mbonn sin leis an Roinn agus le scoileanna, agus d'fhonn fócas níos láidre agus níos soiléire a thabhairt air seo, rachfar i gcomhairle le Grúpa Tionscail freisin chun an t-ionchur sin a úsáid.

Má bhíonn gá le foghrúpaí breise maidir le topaicí áirithe mar fhreagairt ar riachtanais atá ag teacht chun cinn déanfar soláthar dó seo le linn an fhorfheidhmithe mar a threoróidh an Grúpa Stiúrtha.

## Athhbhreithniú agus Tomhas

Thar saolré na Straitéise, d'fhonn a chinntiú go leanann sé de thacaíocht éifeachtach a thabhairt don aidhm go leabófar úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú, tá sé beartaithe athbhreithniú eatramhach a dhéanamh leath-bealach tríd an tréimhse a chlúdaítear. Mar a luadh sa réamhrá, rithfidh an chéad Phlean Forfheidhmithe ó 2022-2024 agus ag druidim le deireadh na tréimhse seo déanfar athbhreithniú lár téarma chun bonn bunaithe ar fhianaise a sholáthar don chéad Phlean Forfheidhmithe eile ó 2025-2027.

Beidh an t-athbhreithniú seo á threorú ah na foinsí ar fad a bheidh ar fáil agus b'fhéidir go gcuimseofar ann suirbhéanna ar scoileanna agus páirtithe leasmhara eile chomh maith le foirmeacha eile de bhailiú sonraí chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht a fhorfheidhmithe a mheas. Chun cuidiú leis seo, beidh pleanáil meastóireachta ann mar chuid den bhforbairt ar an bPlean Forfheidhmithe sa chaoi is go n-aithnítear riachtanais sonraí go luath.

## Staidéir Idirnáisiúnta chun tacú le tomhas

Glacann Éire páirt i roinnt measúnuithe idirnáisiúnta ar scála mór lena n-áirítear PISA (Clár do Mheasúnú Idirnáisiúnta Mac Léinn)[86], PIRLs (Staidéar ar Dhul Chun cinn sa Litearthacht Léitheoireachta Idirnáisiúnta) agus TIMMs (Staidéar ar Threochtaí sa Mhatamaitic agus Eolaíocht Idirnáisiúnta)[87]. Áirítear le PISA agus PIRLS araon roinnt táscairí ar TFC/litearthacht dhigiteach. Tá Creat Digiteach TFC PISA[88] nua forbartha agus beidh sé seo mar chuid d'ullmhú na ngnéithe measúnaithe digitigh sa todhchaí.

Cé go dtugann na táscairí seo sonraí úsáideacha ar an dul chun cinn i dtéarmaí na litearthachta digití, suirbhé níos dírithe agus nios sonraí is ea an ICILS - *Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht Ríomhaireachta agus Faisnéise*[89] a rinneadh ar dtús in 2013, agus atá anois ar bun gach cúig bliana. An buntáiste suntasach atá ag an gcreat measúnaithe don staidéar ICILS is ea go ndéanann sé meastóireacht go díreach ar scileanna digiteacha na bhfoghlaimeoirí. Cuireann an Coimisiún maoiniú ar fáil, trí Erasmus+, do bhallstáit ag glacadh páirt sa staidéar. Faoi láthair ní ghlacann Éire páirt sa staidéar.

Ghlac Comhairle an AE le Rún i dtaca le creat straitéiseach do chomhoibriú Eorpach san oideachas agus oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus amach uaidh (2021-2030)[90]. Tá sprioc amm i dtaca le codán na bhfoghlaimeoirí san ochtú grád (daoine thart ar 14/15 bliana d'aois, coibhéis na dara bliana) atá ag tearcghnóthachtáil i dtaca le to scileanna digiteacha. Sprioc ar leibhéal an AE is ea é seo do ghnóthachtáil le baint amach faoi 2030. Tarraingeofar na sonraí don sprioc seo ón staidéar ICILS. I dtuairisiciú AE (mar shampla sa Mhonatóír Oideachais agus Oiliúna agus i bhfoilseacháin eile), cuirfidh an Coimisiún dul chun cinn foriomlán ar leibhéal an AE i láthair agus cuirfidh siad i gcomparáid le ballstáit eile é. Beidh an tuairisciú dheiridh ar an sprioc seo bunaithe ar shonraí ón staidéar 2028. Beag beann ar an sprioc AE seo, thabharfadh rannpháirtiocht na hÉireann sa staidéar ICILS sonraí cuspóra ar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha na bhfoghlaimeoirí Éireannacha a bheadh úsáideach san fhorbairt ar ár gcomhthéacs beartais féin bunaithe ar fhianaise. Dá mbunófaí táscairí don dul chun cinn sa todhchaí bheadh sé sin ina thoradh dearfach, mar a bheadh tagarmharcáil i gcoinne comparadóirí idirnáisiúnta.

86 https://www.oecd.org/pisa/
87 https://timssandpirls.bc.edu/timss-landing.html
88 https://www.oecd.org/pisa/sitedocument/PISA-2021-ICT-framework.pdf
89 https://nces.ed.gov/surveys/icils/
90 Council Resolution on a strategic framework for European cooperation in education and training towards the European Education Area and beyond (2021-2030) 2021/C 66/01



I gcomhthéacs na forbartha acmhainneachta a rinneadh faoin Straitéis roimhe agus le cur chun cinn faoin Straitéis seo, is cosúil go mbeadh sé tráthúil d'Éirinn páirt a ghlacadh in ICILS in 2028. Déanfar machnamh ar rannpháirtiocht le linn forfheidhmiú na Straitéise seo i gcomhairliúchán le réimsí ábhartha na Roinne.

## Tomhas agus Meastóireacht ar Leibhéal na Scoile agus na Roinne

Le linn an chéad Phlean Forfheidhmithe den Straitéis seo, cuirfear tuairiscí meastóireachta ar an gCreat Foghlama Digití agus ar an gCiste Sármhaitheasa Scoile - Digiteach agus ETIM i gcrích agus cuideoidh na torthaí ó na tuarascálacha seo le treoir a thabhairt don athbhreithniú lár téarma. Soláthróidh toradh an athbhreithnithe bonn fianaise chun treoir a thabhairt do ghníomhartha nua ar bith nach nór a chur i bhfeidhm sa dara Plean Forfheidhmithe. Faoin Straitéis Dhigiteach roimhe, cuireadh tacaí bonnleibhéil ar fáil chun ligean dp scoileanna pleanáil do leabú na dteicneolaíochtaí digiteacha sa teagasc, foghlaim agus measúnú. Le forfheidhmiú na Straitéise seo feicfear tuilleadh dul chun cinn ón bpleanáil go dtí cleachtas aonair agus baint amach na n-éifeachtaí ar theagasc, foghlaim agus measúnú. Chun éifeachtacht agus tionchar na Straitéise seo agus a thacaí éagsúla a mheas, beidh gá le modhanna breise de thomhas ar an tionchar agus torthaí a bhreathnú. Forbróidh an Roinn iad seo i gcomhar leis an gcigireacht thar thréimhse an fhorfheidhmithe. Ba chóir do scoileanna féinmheastóireacht scoile agus pleanáil don fhoghlaim dhigiteach a úsáid freisin chun a ndul chun cinn féin a bhunú agus a thomhas. Ba chóir go n-áireodh athbhreithithe dá leithéid rannpháirtiocht ag ceannairí scoile, múinteoirí, foghlaimeoirí agus tuismitheoirí. Uirlis pleanála is ea an CFD atá ábalta cuidiú le scoileanna freisin sa phróiseas seo, agus is féidir leis an uirlis SELFIE (a luaitear faoi Cholún 1) tacú le múinteoirí agus scoileanna chun a leibhéil inniúlachta a mheas. Forbrófar eolas sonrach de réir mar is gá agus a scaipeadh ar scoileanna chun tacú leis an bpróiseas seo. Is féidir le scoileanna a chinneadh conas is fearr an t-eolas seo a úsáid bunaithe ar a gcomhthéacs agus plean foghlama digití féin.

# Leabharliosta Roghnaithe

Ahead UDL Framework
(https://www.ahead.ie/udl-framework)

An Chomhairle Mhúinteoireachta, Éire – Cosán: Creat d'Fhoghlaim Múinteoirí (2016)
(https://www.teachingcouncil.ie/en/publications/teacher-education/cosan-framework-for-teachers-learning.pdf)

An Roinn Oideachais – Creat Foghlama Digití do Bhunscoileanna
(https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Planning/Digital-Learning-Framework-and-Planning-Resources-Primary/Digital-Learning-Framework-for-Primary-Schools.pdf)

An Roinn Oideachais – Creat Foghlama Digití d'Iar-bhunscoileanna
(https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Planning/Digital-Learning-Framework-and-Planning-Resources-Post-Primary/Digital-Learning-Framework-for-Post-Primary-Schools.pdf)

An Roinn Oideachais – Ráiteas Beartais um Oideachas ETIM 2017-2026
(https://www.gov.ie/en/policy-information/4d40d5-stem-education-policy/ )

Butler, D. & Leahy, M. (2022) 'Towards a Successor Strategy for the Digital Strategy for schools'

Commission Staff Working Document, Accompanying the document Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions Digital Education action Plan 2021-2027 Resetting education and training for the digital age {COM(2020) 624 final}

Communication from the Commission to the European Parliament, the Council, the European Economic and Social Committee and the Committee of the Regions Digital Education Action Plan 2020-2027 Resetting Education and Training for the Digital
Age Com/2020/624 final
(https://education.ec.europa.eu/focus-topics/digital/education-action-plan)

Council Resolution on a Strategic Framework for European Cooperation in Education and Training Towards the European Education Area and Beyond (202-2030) 202/c 66/0

Department of Education, Equality Authority, EU Commission, National Development Plan (2005) Schools and the Equal Status Act.
(https://assets.gov.ie/25063/a6e93a466344dce9530ce26b4d6c5.pdf)

EU Commission, Digital Competence Framework for Educators (DigCompEdu)

EU Commission, the Digital Economy and Society Index (DESI) https://digital-strategy.ec.europa.eu/en/policies/desi

EU Commission SELFIE (Self-reflection on Effective Learning by Fostering the use of Innovative Educational technologies) Tool https://education.ec.europa.eu/self-reflection-tools/schools-go-digital

European Education and Culture Executive Agency, Eurydice, *Digital Education at School in Europe*, publications office, 209, 19
(https://data.europa.eu/doi/0.2797/66552)

Feerick, E., Cosgrove, J., Moran, E. (2021). 'Digital Learning Framework (DLF) National Evaluation: One Year On – Wave 1 Report. Dublin: Educational Research Centre'

H2 Learning, 2022. New Digital Strategy for Schools Focus Group Consultation Report

McDonagh, A., Camilleri, P., Engen, B. K., & McGarr, O. (2021). Introducing the PEAT model to frame professional digital competence in teacher education.

OECD (2021), *21st-Century Readers: Developing Literacy Skills in a Digital World*, PISA, OECD Publishing, Paris.

OECD (2016), Innovating Education and Educating for Innovation: the power of digital technologies and skills, educational research and innovation, OECD Publishing, Paris. https://doi.org/10.1787/9789264265097-en.

SEAI (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann) An Roinn Oideachais: Energy in Education Resource) http://www.energyineducation.ie/

SFGM - Treoirlínte Pleanála don Fhoghlaim Dhigiteach (https://www.pdsttechnologyineducation.ie/en/Planning/

# Acrainmneacha, Giorrúcháin agus Inisealachais

| | |
|---|---|
| AR | Réaltacht Bhreisithe |
| PÚI | Polasaí Úsáide Inghlactha |
| BOOÉ | Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann |
| BYOD | "beir leat do ghléas féin" |
| CFD | Creat Foghlama Digití |
| CNCM | an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta |
| CNIM | an Clár Náisiúnta Ionduchtaithe do Mhúinteoirí |
| CNOS | an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| DUF | Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim |
| EC | Eolas Comhthéacsúil |
| ECFE | an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta |
| EOÁ | Eolas oideolaíochta ábhair |
| ETÁ | Eolas teicneolaíochta ábhair |
| ETIM | Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic |
| ETO | Eolas teicneolaíochta oideolaíochta |
| ETOÁ | Eolas teicneolaíocht, oideolaíochta agus ábhair |
| EU DEAP | Plean Gníomhaíochta um Oideachas Digiteach an AE |
| FBO | Fóram Bunoideachais |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| FGM | Foghlaim Ghairmiúil Múinteoirí |
| FMS | Féinmheastóireacht Scoile |
| FTO | an Foras Taighde ar Oideachas |
| Gbps | Gigighiotán in aghaidh an tsoicind (aonad do luas leathanbhanda) |
| GCC | an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| HEAnet | Líonra náisiúnta oideachais agus taighde na hÉireann |
| ICILS | Staidéar Idirnáisiúnta ar Litearthacht Ríomhaireachta agus Faisnéise |
| IS | Intleacht Shaorga |
| Mbps | Meigighiotán in aghaidh an tsoicind (aonad do luas leathanbhanda) |
| OSPS | Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte |
| OSR | an Oifig um Sholáthar Rialtais |
| OTM | Oiliúint Tosaigh Múinteoirí |
| PFD | Plean Foghlama Digití |
| PIRLs | Staidéar ar Dhul Chun cinn sa Litearthacht Léitheoireachta Idirnáisiúnta |
| PISA | Clár do Mheasúnú Idirnáisiúnta Mac Léinn |
| PNL | Limistéar Idirghabhála de chuid an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda |
| RBATNE | an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| RF | Réaltacht Fhíorúil |
| RSO | Riachtanais Speisialta Oideachais |
| SELFIE | Féinmhachnamh ar Fhoghlaim Éifeachtach trí Úsáid na dTeicneolaíochtaí Oideachais Nuálaíocha a Chothú |

| | |
|---|---|
| SFGM | an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| SFGM TsO | an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí - Foireann na Teicneolaíochta san Oideachas |
| SII | SaferInternetIE |
| SPG | Soláthar Poiblí Glas |
| SPU | Aonad Soláthair Scoileanna |
| SSO | Seirbhís Soláthair Oideachais |
| TIMMs | Staidéar ar Threochtaí sa Mhatamaitic agus Eolaíocht Idirnáisiúnta |
| ÚFIÉ | Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann |
| ÚNM | an tÚdarás Náisiúnta Míchumais |

# Notaí

gov.ie/education